Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuntais Leithreasa

2008

Cuntais curtha faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir Ailt 3 (11) de
Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2009

© Rialtas na hÉierann 2009

Clár Ábhar

Leathanach

Cuid 1: Réamhrá

Na Cuntais Leithreasa 7

Dualgais na n-Oifigeach Cuntasaíochtai leith na gCuntas Leithreasa 8

Dualgais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i leith na gCuntas Leithreasa 9

Cuid 2: Cuntais Leithreasa

Ráiteas Polasaithe Cuntasóireacht agus Prionsabail 15

Ráiteas Caighdeánach Rialaithe Airgeadais Inmheánach 19

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin 21

Vóta 2 Roinn an Taoisigh 27

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne 35

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh 41

Vóta 5 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 47

Vóta 6 Oifig an Aire Airgeadais 55

Vóta 7 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir 67

Vóta 8 Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc 73

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim 77

Vóta 10 Oifig na nOibreacha Poiblí 85

Vóta 11 An tSaotharlann Stáit 99

Vóta 12 Rúnseirbhís 107

Vóta 13 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 111

Vóta 14 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 117

Vóta 15 An Oifig Luachála 123

Vóta 16 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 131

Vóta 17 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí 137

Vóta 18 Oifig an Ombudsman 143

Vóta 19 Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí 149

Vóta 20 Garda Síochána 163

Vóta 21 Príosúin 175

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna 185

Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine 193

Vóta 24 Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanacha 201

Vóta 25 Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil 207

Vóta 26 Oifig an Aire Oideachais agus Eolaíochta 223

Vóta 27 An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta 245

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha 267

Vóta 29 Comhar Idirnáisiúnta 275

Vóta 30 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha 283

Vóta 31 Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia 293

Vóta 32 Iompar 309

Vóta 33 An Gailearaí Náisiúnta 319

Vóta 34 Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht 327

Vóta 35 Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht 341

Vóta 36 Cosaint 365

Vóta 37 Pinsin Airm 375

Vóta 38 Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh 379

Vóta 39 Sláinte agus Leanaí 391

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte 401

Vóta 41 Oifig an Aire Leanaí 413

Ciste Teagmhais 419

Cuid I: Réamhrá

Na Cuntais Leithreasa

Soláthraíonn Dáil Éireann airgid do ghnáthsheirbhísí na ranna agus na n-oifigí Rialtais, idir chaipiteal agus neamh-chaipiteal, trí

- Meastacháin a cheadú do na seirbhísí i rith gach bliain
- éifeacht reachtúil a sholáthar do na meastacháin san Acht Leithreasa bliantúil.

Foráiltear don chaiteachas faoi 'Vótaí' le ceann nó níos mó ag clúdach feidhmeanna gach Roinn nó Oifig. Soláthraíonn an chéad chuid den mheastachán do gach Vóta (ar a dtugtar an raon) imlíne ar na seirbhísí atá le maoiniú.

Ionchorpraítear an raon san Acht Leithreasa agus léiríonn sé sin na cúiseanna ar cheadaigh Dáil Éireann cistí.

Ag deireadh gach bliain airgeadais, ceanglaítear ar gach Roinn nó Oifig cuntas ar dtugtar an Cuntas Leithreasa a ullmhú do gach seirbhís vótáilte a riarann sé. Is é an riachtanas reachtúil atá ann ná go soláthróidh an Cuntas Leithreasa sonraí ar aschur na bliana i gcoinne an mhéid a sholáthraíonn Dáil Éireann, bunaithe ar mhéideanna airgid tirim íocaíochtaí agus admhálacha.

I dteanna eolas airgeadais reachtúil a sholáthar ar bhonn cuntasaíochta airgid, leagann gach Cuntas Leithreasa amach roinnt eolais fabhrú-bhunaithe:

- Léiríonn colún ar aghaidh an Chuntais an suíomh deireanach ar Chostais fhabhraithe, Ioncam fabhraithe, Réamhíocaíochtaí agus ioncam iarchurtha.
- Tugann Ráiteas Costais Oibriúcháin eolas ar chostas na seirbhíse don bhliain.
- Tugann Ráiteas Sócmhainní agus Dliteanas, le nótaí míneacháin, eolas ar staid airgeadais na seirbhíse ag deireadh na bliana.

Soláthraíonn an cuntas eolas ar ghealltanais agus ar staid iarbhír na seirbhíse votáilte *vis-a-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana m.sh. Glan dliteanas don Státchiste.

Soláthraítear an t-eolas neamh-reachtúil breise de thoradh ar mholadh de chuid chomhghrúpa oibre ón Roinn Airgeadais agus ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a leanann Oifigigh Chuntasaíochta agus iad ag ullmhú na gCuntas Leithreasa leagtha amach ag tús Chuid 2. Nuair a imíonn na gnáthbheartais agus na prionsabail maidir leis an gCuntas Leithreasa aonair, míneofar méid na n-imeachtaí i nóta 1 chuig an gCuntas ábhartha.

Dualgais na n-Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta mar cheannaire ar Roinn nó Oifig Rialtais agus sannann an tAire Airgeadais dualgas air/uirthi an Cuntas Leithreasa bliantúil do gach Vóta faoin a c(h)úram a ullmhú de réir Alt 22 den Acht 'Exchequer and Audit Departments Act', 1866. De réir dlí, caithfear na Cuntais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi 31 Márta i ndiaidh dheireadh na bliana cuntais. Caithfidh na Cuntais Leithreasa cloí le riachtanais Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí de chuid na Roinne Airgeadais agus treoracha eile an Aire Airgeadais.

Tá Oifigigh Chuntasaíochta freagrach freisin as acmhainní agus maoin atá faoina smacht a chosaint, as éifeacht agus eacnamaíocht riaracháin ina Ranna/Oifigí agus as rialtacht agus oiriúnacht gach idirbheart sna Cuntais Leithreasa.

Ina theannta sin, de thoradh ar Thuairisc an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta 2002, bíonn ar Oifigigh Chuntasaíochta Ráiteas Caighdeánach ar Rialú Airgeadais Inmheánach a síniú i leith na gCuntas Leithreasa. Tá an ráiteas leagtha amach ag tús Chuid 2. I nótaí ar roinnt de na Cuntais Leithreasa, déanann an tOifigeach Cuntasaíochta cur síos ar na gníomhaíochtaí a tógadh nó a pleanáladh chun gnéithe éagsúla de rialú inmheánach sna Ranna nó sna hOifigí ábhartha a fheabhsú.

Dualgais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i leith na gCuntas Leithreasa

Forálann Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a cheapadh chun gach eisíocaíocht a rialú ar son an Stáit agus chun iniúchadh a dhéanamh ar gach cuntas airgid arna riaradh ag nó faoi údarás an Oireachtais. Soláthraíonn Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an bonn reachtúil don iniúchadh seo trí dhualgas a fhorchur ar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na Cuntais Leithreasa don bhliain airgeadais roimhe, ullmhaithe ag na Ranna agus ag na hOifigí Stáit, a iniúchadh gach bliain.

Agus é i mbun a chuid dualgas, bíonn ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste trialacha a mheasann sé a bheith oiriúnach a dhéanamh chun críche an iniúchta.

Ar chríochnú an iniúchta, tá dualgas air teastas a cheangail do gach cuntas, ag cur in iúl, ina thuairim féin, cibé an gcuireann an cuntas na fáltais agus an costas a bhaineann leis an Vóta ábhartha i láthair mar is ceart nó nach gcuireann, agus chun tagairt d'aon cás ábhair:

- inar theip ar Roinn nó Oifig caiteachas atá sa chuntas chun críche na leithreasa a bhí beartaithe ag an Oireachtais a chur i bhfeidhm, nó
- nach gcloíonn idirbhearta taifeadta sa chuntas leis an údarás a bhfuil siad in ainm a bheith ag obair leis.

Tarraingíonn sé aird chomh maith ar aon chás ábhair ina mbíonn an Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh, arna n-ullmhú ag ag an Oifigeach Cuntasaíochta, míthreorach nó ar neamhréir le faisnéis eile a bhfuil eolas ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste air ón na Cuntais Leithreasa.

Bunús tuairime an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Cuntais Leithreasa

Pleanálann agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a iniúchadh ar bhealach a chuireann san áireamh na breathnuithe speisialta a cheanglaíonn le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lean bhfeidhmiú. Áirítear ar iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann le méideanna, nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sa Chuntas Leithreasa agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* nó nár cloíodh.

Déantar an t-iniúchadh chun an dóthain fianaise a sholáthar chun dearbhú réasúnta a thabhairt a léiríonn go bhfuil an Cuntas Leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha cibé ar calaois nó mírialtacht eile nó earráid atá ann agus go bhfuil an caiteachas agus na fáltais i bhfeidhm do chuspóirí beartaithe Dháil Éireann agus chun cloí leis na húdaráis a stiúrann iad. Agus an tuairim sin a ndéanamh, déantar leorgacht iomlán ar chur i láthair eolas an Chuntais Leithreasa a mheas.

Ag Tuairisciú ar Nithe a eascraíonn ón Iniúchadh

Faoi Alt 3 (10) 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá dualgas breise ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a ullmhú, gach bliain, ar rudaí a mheasann sé a bheith oiriúnach tuairisc a dhéanamh orthu, a eascraíonn óna iniúchtaí ar na Cuntais Leithreasa.

Cuirtear ábhar tuairiscithe a d'eascair ó iniúchadh na gCuntas Leithreasa do 2008 i láthair in imleabhar ar leithligh dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 2008'.

Cuid 2: Cuntais Leithreasa

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Prionsabail[1]

1 Bunús na gCuntas

Ullmhaítear cuntais d'idirbhearta airgeadais Ranna agus Oifigí an Rialtais de réir an *Exchequer and Audit Departments Act, 1866* agus de réir rialacha agus nósanna imeachta Cuntasaíochta leagtha síos ag an Aire Airgeadais. Is cuntas costasbhunaithe de na fáltais agus na híocaíochtaí iad na cuntais sa bhliain i gcomparáid le soláthar meastacháin, chomh maith le heolas a bhfuil nádúr fáis ag baint leis. Géilltear aon cuid den chostas údaraithe, atá fágtha neamh-ídithe ag deireadh na bliana don Státchiste.

2 Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar críoch 31 mí na Nollag 2008 an tréimhse tuairiscithe.

3 Fáltais

Is féidir na fáltais a fhoráiltear dóibh sna meastacháin (Leithreasa i gCabhair), faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act,* 1891, a úsáid chun freastal ar chaiteachas chomh fada agus a údaraíonn an tAcht Leithreasa bliantúil iad. Ní féidir fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste a úsáid chun freastal ar chaiteachas ón Vóta.

4 Íocaíochtaí

Tá íocaíochtaí comhdhéanta de na suimeanna sin atá tagtha le linn íocaíochta i rith na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha le linn íocaíochta nuair atá an dliteanas á dtabhú agus íocaíocht dlite agus an méid seo a leanas tarlaithe:

- i gcás íocaíochta le seic nó ordú iníoctha, tá an ionstraim íocaíochta tarraingthe.
- I gcás íocaíochtaí leasa shóisialaigh tríd an ghníomhaireacht An Post, tá na méideanna scaipthe ag an ngníomhaireacht sin.

5 Fabhruithe Deiridh

Léiríonn an colún d'fhabhruithe deiridh an staid ag deireadh na bliana dóibh seo a leanas: -

- **Costais Fabhraithe:** chun críche na gcuntas seo, léiríonn siad na dliteanais seachas na dliteanais maidir le luach saothair agus pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear

[1] Nuair a imíonn na gnáthbheartais agus na prionsabail maidir leis an gCuntas Leithreasa aonair, míneofar méid na n-imeachtaí i nóta 1 chuig an gCuntas ábhartha.

costas/dliteanas fabhraithe nuair atá freastal déanta ag an íocaí ar an riachtanas conarthach chun na hearraí agus na seirbhísí ordaithe a sholáthar. Déileáiltear le hearraí seachadta, ach nach bhfuil íoctha, fiú mura bhfuil iniúchadh déanta orthu nó mura bhfuil siad i stoc, mar dhliteanas. I gcás deontas, aithnítear dliteanas nuair atá freastal déanta ag an ndeontaí ar riachtanais na scéime deontais ach nach bhfuil íocaíocht faighte aige go fóill.

- **Réamhíocaíochtaí:** íocaíochtaí a dhéantar i rith na bliana cuntais chun freastal ar chostais a eascróidh go hiomlán nó i bpáirt i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- **Ioncam Fabhraithe:** ioncam atá dlite do Roinn ag deireadh na bliana cuntas nach bhfuil faighte go fóill.
- **Ioncam Iarchurtha:** Ioncam a fhaigheann an Roinn i rith na bliana cuntas d'earraí/seirbhísí atá fós le soláthar aige..

6 Stoic

Luaitear earraí inchaite ag an gcostas nó ag luachálacha na Roinne, cibé acu is lú.

7 Ráiteas Chostas Oibriúcháin

Soláthraítear Ráiteas Chostas Oibriúcháin lena léiriú ar bhonn fabhraithe, i gcomhthéacs bheartais agus phrionsabail chuntasaíochta léirithe, méid iomlán na n-acmhainní a chaitheann Roinn/Oifig sa bhliain. Táirgeann sé figiúr chostas oibríochta trí shraith coigeartuithe leis an bhfigiúr toraidh airgead-bhunaithe a tháirgeann an Cuntas Leithreasa.

8 Ráiteas Sócmhainní agus Dliteanas

Soláthraítear Ráiteas Sócmhainní agus Dliteanas le nótaí míniúcháin ar (i) Sócmhainní Caipitil, (ii) Sócmhainní Caipitil faoi fhorbairt agus (iii) Glan-Dliteanas chuig an Státchiste.

9 Ráiteas Sócmhainní Caipitil

(i) Go Ginearálta

Léirítear luach tosaigh agus luach deiridh Sócmhainní Caipitil ar Chlár Sócmhainní Ranna agus mionsonraí dímheasa trí nóta chuig an Ráiteas Sócmhainní agus Dliteanas.

I Ranna/Oifigí nach bhfuil córais forbartha a dhóthain sa bhliain bhunaidh (1994) chun eolas cruinn a sholáthar ar luach sócmhainní áirithe, baineadh úsáid as meastacháin. Nuair ab fhéidir é, rinneadh coigeartuithe i mblianta ina dhiaidh sin chun cruinneas na gcoigeartaithe tosaigh a bhí ar fáil a fheabhsú.

Ó 1 Eanáir 1995, luacháiltear sócmhainní ag costas fála.

Ní áirítear na sócmhainní seo a leanas sa Ráiteas

- sócmhainní ar fiú níos lú ná €318 iad a fuarthas idir 1 Eanáir 1995 agus 31 Nollaig 2003, nó sócmhainní ar fiú níos lú na €1,000 iad a fuarthas ó 1 Eanáir 2004.

- sócmhainní oidhreachta, ní féidir an luach atá a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais.

(ii) Luacháil ar Shócmhainní

Talamh agus Foirgnimh

Áirítear tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit agus faoi smacht/bhainistíocht Roinne nó Oifige sa Ráiteas Sócmhainní agus Dliteanas (agus sa Ráiteas Sócmhainní Caipitil). Nuair atá talamh agus foirgnimh (a) dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d'Aire ach faoi smacht/bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí go hiarbhír, liostáiltear i gcuntas na hOifige sin iad. Seachas sin, bíonn siad le feiceáil sa chuntas don Roinn ábhartha. Nuair atá tailte nó foirgnimh dílsithe d'Aire ach iad faoi smacht/bhainistíocht ag comhlacht lasmuigh, ní áirítear mar shócmhainní de chuid na Roinne iad. Nótáiltear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na Roinne.

Ceanglaíonn na Ranna sin nach bhfuil in ann luachálacha a sholáthar do na tailte agus na foirgnimh sin de chuid an Stáit atá á smachtú/á mbainistiú acu sceideal sócmhainní leis an gCuntas Leithreasa.

Trealamh, Troscán agus Feistis

Luacháiltear éadálacha roimh Nollaig 1994 ag luachálacha rannacha. Ina dhiaidh sin, luacháiltear éadálacha ag costas.

Sócmhainní Eile

Tá na beartais chuntasaíochta i leith shócmhainní eile leagtha amach sna Nótaí ar na Cuntais Leithreasa Rannacha aonair.

(iii) Dímheas

Ní dhímheastar talamh.

Dímheastar sócmhainní caipitil eile ar bhonn dronlíneach ag na rátaí a leanas thar a saoil úsáideacha measta:

- Troscán agus feistis, agus trealamh teileachumarsáid — 10%
- Trealamh agus bogearraí IT, trealamh eolaíochta agus saotharlainne agus innealra oifige eile — 20%.

Dímheastar míreanna caipitil eile, lena n-áirítear foirgnimh, mar a léirítear sna nótaí leis an gcuntas ábhartha.

10 Ráiteas Shócmhainní Caipitil faoi Faoi Fhorbairt

Soláthraítear an Ráiteas seo mar nóta a bheidh ag dul leis an Ráiteas Sócmhainní agus Dliteanas. Taispeánann sé íocaíochtaí airgid ar shócmhainní arna fhorbairt laistigh den

Roinn/Oifig, e.g. tionscadail bhogearraí nó tógála, nach bhfuil aitheanta go fóill mar shócmhainní sa chuntas ag tús na bliana.

11 Glan-Dliteanas don Státchiste

Soláthraíonn sé sonraí ar staid iarbhír na Roinne *vis-a-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana, trí choigeartuithe a dhéanamh leis an bhfigiúir barrachais atá le géilleadh sa Chuntas Leithreasa.

12 Gealltanais

Is éard is gealltanas ann ná oibleagáid conartha chun íoc ar sheachadadh earraí nó seirbhísí nach bhfuil ar fáil go fóill ag deireadh na bliana. I gcás scéimeanna deontais, aithnítear gealltanas nuair a cheadaítear an deontas ach go bhfuil riachtanais na scéime fós le comhlíonadh ag an ndeontaí.

Soláthraíonn nóta figiúirí domhanda ar ghealltanais gur dócha a thiocfaidh chun cinn sa bhliain (blianta) dar gcionn faoi (i) sholáthar agus faoi (ii) fho-mhírchinn deontais, gan gealltanais faoi €1,270 san áireamh.

Soláthraítear nóta ar leithligh a thugann sonraí ar ghealltanais chaipitil ilbhliantúla thar €6,350,000.

13 Aoisliúntas

Baintear amach íocaíochtaí aoisliúntais do Státseirbhísigh, Gardaí, múinteoirí, pearsanra ón arm agus pearsanra ó FSS agus iarphearsanra an Bhoird Sláinte ar bhonn reatha ó Vótaí 7, 20, 26, 37 and 40. Ní bhíonn soláthar aoisliúntais le feiceáil i gCuntais Leathreasaithe de chuid Vótaí eile.

14 Idirbhearta Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí coigríche isteach i Euro ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn ag rialú ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais ainmnithe in airgeadra coigríche isteach go euro ag rátaí dheireadh na bliana.

15 Nótaí leis na Cuntais - Prionsabail Ghinearálta

Go ginearálta, nótáiltear sonraí maidir le díscríobh, caiteachas neamhbhríoch, méideanna *ex-gratia* agus luach saothair breise de €10,000 nó níos mó. Tá eisceachtaí ann dó sin nuair a eascraíonn saincheist thromchúiseach phrionsabail nó nuair a mheasann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Airgeadais gur chóir nóta a sholáthar.

Ní sholáthraítear nótaí aonair ar Leithreasa i gCabhair, Maoiniú AE, Maoine Crannchuir etc mura sháraíonn an méid sin €6,350 nó mura n-eascraíonn saincheist shuntasach.

Nótáiltear aon athrú ón soláthar meastacháin, móide nó lúide, nuair a sháraíonn an t-athrú €12,700 agus nuair a léiríonn sé sin athrú de 5% nó níos mó. Le fo-mhírchinn bhuiséad riaracháin tarmligthe, tá an teorann céatadáin infheidhme ag 25% nó níos mó.

Ráiteas Caighdeánach Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

1 Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht. Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

2 Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- tá coiste iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

3 Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú air
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla cuí agus disciplíní bhainistiú tionscadail foirmiúla

4 Iniúchadh Inmheánach

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí

airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

TEAGHLACHAS AN UACHTARÁIN

Cuntas ar an méid caiteachais, sa bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2008, i gcomparáid leis an méid a tugadh, do phá agus do costais Oifig Rúnaí an Uachtaráin, ar son costais eile do theaghlachas an Uachtaráin agus do dheontais áirithe.

	Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ, AGUS LIÚNTAIS	1,605	1,607	—
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	248	117	45
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	221	147	15
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	167	97	—
A.5.	FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	174	155	(13)
	SEIRBHÍSÍ EILE			
B.	DEARLACADH DO DHAOINE IN AOIS A gCÉID	1,120	943	(33)
	An Iomlán	**3,535**	**3,066**	**14**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€469,011**	

Is cuid den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Pholasaithe agus Phrionsabail Cuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 10.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			3,066
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(19)		
Dímheas	44		
Caillteanas ar dhiúscairtí	14	39	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Ladhdú i bhFabhruithe Deiridh	(37)		
Méadú i Stoic	(16)	(53)	(14)
Caiteachas Díreach			3,052
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			5,612
Costas Oibriúcháin			8,664

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			72
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 9)		94	
Réamhíocaíochtaí		67	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 4)		37	
Airgead Tirim agus Iarmhéid PMG	64		
Orduithe Gan Íoc	(56)	8	
Sócmhainní Reatha Iomlán		206	
Lúide Fiachais Reatha			
Costais Fhabhraithe		81	
Iarmhéideanna Sochair Eile:			
Dlite don Stáit (Nóta 10)	31		
Asbhaintí Párolla	14	45	
Fiachais Reatha Iomlán		126	
Glansócmhainní Reatha			80
Glansócmhainní			152

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ar 1 Eanáir 2008	552	176	728
Breiseanna	8	11	19
Diúscairtí	(361)	(99)	(460)
Sócmhainní Comhlán ar 31 Nollaig 2008	199	88	287
Dímheas Carntha:			
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Eanáir 2008	445	172	617
Dímheas don bhliain	39	5	44
Dímheas ar dhúiscairtí	(350)	(96)	(446)
Dímheas Carntha ar 31 Nollaig 2008	134	81	215
Glansócmhainní ar 31 Nollaig 2008	65	7	72

Tá talamh, foirgnimh agus troscáin agus feisteas áirithe taifeadtha ar Chlár na Sócmhainnaí de Vóta 10, in Oifig na nOibreacha Poiblí.

Rinneadh na comharduithe tosaigh do threalamh oifige maidir le costas nó luacháil araon agus dímheas carnach a choigeartú toisc saincheisteanna slánuithe.

4 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2008

	€000	€000
Farasbarr le Tabhairt Suas		469
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(506)
Glandliteanas don Státchiste		(37)
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim		8
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 10)	(31)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	(14)	(45)
		(37)

5 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo-thei deal	Níos lú/ (Níos mó) ná soláthartha €000	Míniú
A.2	131	Tharla an choigilt toisc go raibh an leibhéal taistil thar lear níos ísle ná mar a bhí coinne leis.
A.3	74	Tharla an choigilt go príomha toisc go raibh seirbhísí grianghrafadóireachta agus costais ilghnéitheacha níos ísle ná mar a bhí coinne leis.
A.4	70	Tharla an choigilt go príomha toisc go raibh costais teileachumarsáide níos ísle ná mar a bhí coinne
B.	177	Tharla an choigilt toisc go raibh an líon daoine incháilithe don Deontas do Dhaoine in Aois a gCéid níos ísle ísle ná mar a bhí coinne leis.

6 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a íoacadh	Líon na bhfaightepirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €10,000 nó níos mó
	€			€
Dualgais níos airde,speisialta nó bhreise	50,160	8	2	20,027
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	19,404	16	—	—
Luach saothair breise in iomlán	69,564			

Nóta: Fuair daoine áirithe aoisliúntas breise i níos mó ná catagóir amháin.

7 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE

Rinneadh asbhaint dheonach pá de €3,706 a lóisteáil leis an Státchiste.

8 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Íocadh dámhachtainí de €1,732 le ball foirne faoin scéim d'aitheantas fheidhmiúchán eisceachtúil.

Tá caiteachais na Seirbhísí Comhghuaillithe Glan de €5,612,000 áirithe sa Ráiteas Costais Oibriúcháin déanta suas de na méideanna measta seo a leanas a iompraíodh ar Vótaí eile:

Vóta		€000
2	Roinn an Taoisigh	42
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	515
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,899
20	An Garda Síochána	232
28	Gnóthaí Eachtracha	445
36	Cosaint	456
	Lárchiste (Díolaíochtaí agus liúntais an Uachtaráin, pinsin na n-iar Uachtarán agus baintreacha na n-iar Uachtarán).	1,023
		5,612

9 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2008:	€000
Páipéarachas	56
Earraí Tomaltóra TF	3
Ilghnéitheach	35
	94

10 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008 ná:	**€000**
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	7
Ranníocaíochtaí Pinsean	2
Cáin ioncaim	22
	31

DAVID DOYLE
Oifigeach Cuntasaíochta
AN ROINN AIRGEADAIS
26 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Theaghlachas an Uachtaráin le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil leis an Vóta ar Theaglachas an Uachtaráin. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
27 Bealtaine 2009

ROINN AN TAOISIGH

Cuntas ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus leis an tsuim a d'fhéadfaí a fheidhmiú mar leithreasaí-i-gcabhair chomh maith leis sin, do thuarastail agus do speansais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí faoi leith arna riaradh ag an Roinn agus do dheontais agus do dheontais-i-gcabhair a íoc.

	Seirbhís	**Soláthar don Mheastachán**	**Caiteachas**	**Fabhruithe Deiridh**
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	14,091	14,364	—
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	795	723	18
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	1,620	1,620	11
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	697	619	5
A.5.	FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	2,048	1,440	(267)
A.6.	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	850	513	7
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	275	107	—
A.8.	AN tSOCHAÍ FAISNÉISE - r-CHOMH-AIREACHT & TIONSCNAIMH EILE	1	—	—
A.9.	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS	27	25	—
A.10.	AN CLÁR ATHRHREITHNITHE EAGRAÍOCHTA	750	745	—
	SEIRBHÍSÍ EILE			
B.	AN OIFIG UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS SHÓISIALTA (DHEONTAIS-I-gCABHAIR)	6,500	5,371	(20)
C.	AN FÓRAM UM SHÍOCHÁIN AGUS ATHMHUINTEARAS	5	—	—
D.	TIONSCNAIMH CHOMÓRTHA	200	121	—
E.	BINSE FIOSRÚCHÁIN (ÍOCAÍOCHTAÍ DUNNE)	1	—	—
F.	BINSE FIOSRÚCHÁIN (ÍOCAÍOCHTAÍ LE C.J. HAUGHEY AGUS M. LOWRY)	10,016	4,009	318
G.	AN FÓRAM NÁISIÚNTA UM AN EORAIP	3,809	3,058	12
H.	COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ GNÓ THALAMH AN ÉISC AGUS LABRADAIR	354	334	—
I.	AN tSOCHAÍ FAISNÉISE AGUS r-CHUIMSIÚ	66	66	—
J.	COIMISIÚN IMSCRÚDAITHE	1	—	—
K.	OIFIG AN SHAORÁNACHT GHNÍOMHACH	200	6	—
	An Mór-Iomlán	**42,306**	**33,121**	**84**
	Bain de:			
L.	LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR	**100**	**224**	—
	An Glan-Iomlán	**42,206**	**32,897**	**84**

Farasbarr le tabhairt suas **€9,308,252**

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 14.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS FAOI CHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			32,897
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(136)		
Dímheas	365		
Diúscairtí Airgid Thirim	1	230	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhruithe Deiridh	(413)		
Laghdú i Stoc	6	(407)	(177)
Caiteachas Díreach			32,720
Caiteachas a Tabhaíodh in Áit Eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	5,640		
Cíosanna Barúlacha	2,085		7,725
Costas Oibriúcháin			40,445

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitil (Nóta 3)			711
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 13)		113	
Réamhíocaíochtaí		337	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Aisghabhálacha Dlite	285	285	
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	2,872		
Orduithe Íochaíochta Gan Íoc	(451)	2,421	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		3,156	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		421	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Asbhaintí ó Thuarastail	111		
Iarmhéideanna Credimheasa Eile	24		
Dlite don Stát (Nóta 14)	469	604	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 4)		2,102	
Iomlán na nDliteanas Reatha		3,127	
Glanshócmhainní Reatha			29
Glanshócmhainní			740

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2008	3,106	509	3,615
Breiseanna	108	28	136
Diúscairtí	(113)	—	(113)
Ollsócmhainní ag 31 Nollaig 2008	3,101	537	3,638
Dímheas Carntha:			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2008	2,413	261	2,674
Dímheas don Bhliain	313	52	365
Dímheas ar Dhiúscairtí	(112)	—	(112)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2008	2,614	313	2,927
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	487	224	711

4 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2008

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		9,308
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(7,206)
Glandliteanas don Státchiste		2,102
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	2,421	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	285	2,706
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(469)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	(135)	(604)
		2,102

5 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo-theideal	Níos Lú/(Mó) ná an Soláthar €000	Míniú
A.5.	608	Bhí coigiltis ann mar thoradh ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm a d'eascair as cinneadh an Rialtais i leith rialú caiteachais i mí Iúil 2008.
A.6.	337	Bhí coigiltis ann mar thoradh ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm a d'eascair as cinneadh an Rialtais i leith rialú caiteachais i mí Iúil 2008.
A.7.	168	Mar thoradh ar chinneadh an Rialtais i mí Iúil 2008, rinneadh laghdú de 50% ar mheastacháin an chaiteachais sa bhFotheideal seo.
B.	1,129	Bhí coigiltis ann mar thoradh ar chinneadh an Rialtais i leith rialú caiteachais, mí Iúil 2008.
F.	6,007	Níor tháinig dámhadh costais dhlíthiúla chun cinn mar a bhíothas ag súil in 2008.

Fo-theideal	Níos Lú/(Mó) ná an Soláthar €000	Míniú
G.	751	Bhí coigiltis ann mar thoradh ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm a d'eascair as cinneadh an Rialtais i leith rialú caiteachais i mí Iúil 2008.
K.	194	Bhí caiteachas laghdaithe ann mar thoradh ar chur siar ócáidí a bhí beartaithe go dtí go gceapfaí Grúpa Stiúrtha um Shaoránacht Ghníomhach i nDeireadh Fómhair 2008.

6 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

	Measta	Réadaithe
	€	€
Ilghnéitheach	100,000	223,732

An Difríocht á Mhíniú

D'eascair an t-athrú mar thoradh ar chúiteamh aoisliúntais d'fhoirne ar iasacht agus fáltais ón AE a bhaineann leis an tionsadal eGovernet.

7 CEANGALTAIS

Ag deireadh 2008, b'ionann suim na dtiomantas gur dóigh a thiocfadh chun cinn sna blianta ina dhiaidh sin agus €96,047. Baineann sé sin le tiomantais a ndeachaigh an Roinn ina mbun maidir le earraí agus seirbhísí a cheannach agus deontais raibh aibí in 2008.

8 DLITEANAIS AIBÍ

Ba é €352,014 méid iomlán na ndliteanas aibí neamhscaoilte an 31 Nollaig 2008.

9 DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Beidh tuilleadh íocaíochtaí i gceist leis an mBinse Fiosrúcháin (Íocaíochtaí chuig an Uasal C.J. Haughey agus chuig an Uasal M.Lowry). Ní feidir costais bhailí a chinneadh ag an bpointe seo mar go bhfuil obair fós ar siúl ag an mBinse.

10 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a íocadh	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €10,000 nó níos mó
	€			€
Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	435,936	76	16	20,186
Ragobair agus freastal breise	533,220	131	17	23,276
Scéim Aitheantais Fostaithe	13,638	44	—	—
Luach saothair breise iomlán	982,794			

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair i níos mó ná catagóir amháin.

11 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Íocadh dámhachtainí iomlána de €13,638 in 2008 le 3 fhoireann agus 6 dhuine aonair i leith aitheantais i ndáil le feidhmíocht do 2007.

Áirítear sa chuntas suim de €19,746 a úsáideadh chun bronntanais a cheannach don cur i láthair, do, nó thar ceann an Taoisigh nó na nAirí Stáit i 2008.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia de €92,718 le Iar-Chomhairleoir Speisialta leis an Taoiseach, i leith sochair scoir a bhí aontaithe.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia de €23,560 le iar-bhall foirne i leith sochair scoir a bhí aontaithe.

Bhí aistriú feidhmiú i bhFotheideal I. An tSochaí Faisnéise agus RíomhChuimsitheacht chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis Réamhmeastachán Athbhreithnithe. Aistríodh suim iomlán de€3.187m. Bhí caiteachas de €66,000 ann roimh an aistriú seo.

Díscríobhadh suim iomlán de €37,507 in 2008 a bhaineann le hiarmhéideanna cuntais fionraí nár íocadh agus nach bhfuil ag feidhmiú níos mó.

Sa bhreis ar an gcaiteachas sa Bhuiséad Riaracháin fuarthas na méideanna seo a leanas in 2008:

- Fuarthas €900,000 ón gCiste um Bainistiú Athruithe (An Creat um Fhaisnéis Bhainistíochta & Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí), Fotheideal M. De Vóta 6, Oifig an Aire Airgeadais.

-Fuarthas €9,266 ó Vóta 6, Oifig an Aire Airgeadais i leith An Tionscadail Leabharlainne Ilshuíomh.

Tá Glanchaiteachas na Seirbhísí Comhcheangailte de €5,640,000 atá san áireamh sa Ráiteas ar Chostas Oibríochta comhdhéanta de na méideanna measta a leanas atá á n-iompar ar Vótaí eile.

Vóta		**€000**
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir.	2,513
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	902
20	Garda Síochána	1,290
36	Cosaint	71
	An Príomhchiste-Aireacht srl. Pinsin	567
19	An Roinn Dlí - Comhsheirbhísí Airgeadais	297
		5,640

12 COIMISIÚIN AGUS FIOSRÚCHÁIN

Seo a leanas an caiteachas iomlán i leith Coimisiún agus Fiosrúchán go dtí 31 Nollaig 2008:

Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta	**Bliain a gCeapadh**	**Caiteachas in 2008 €000**	**Caiteachas go 31 Nollaig 2008 €000**
Coiste Uile-Pháirtí ar an mBunreacht	1996	—	3,272
Binse Fiosrúcháin I (Íocaíochtaí Dunne)	1997	—	6,655
Binse Fiosrúcháin II (Íocaíochtaí le Haughey agus Lowry)	1997	4,009	34,475
Coimisiún Neamhspleách Fiosrúcháin (Tuarascáil Barron - Buamáil Bhaile Átha Cliath agus Mhuineacháin) Bhaile Átha Cliath agus	2000	—	3,511
Coimisiún Imscrúdaithe (Tuarascáil Mc Entee - Buamáil Bhaile Átha Cliath agus Mhuineacháin.	2005	—	2,642

13 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2008:	**€000**
Bronntanais	16
Stáiseanóireacht	45
Foilseachán	37
Ábhair Inchaite srl.	15
	113

14 DLITE DON STÁT

Is éard atá sa mhéid atá dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008:	**€000**
ÁSPC	87
Cáin Ioncaim	247
Cáin Choinneála	80
Ranníocaíochtaí Pinsin	—
CBL	55
	469

DERMOT McCARTHY
Oifigeach Cuntasaíochta
ROINN AN TAOISIGH
31 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Taoisigh le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn an Taoisigh. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
21 Iúil 2009

OIFIG AN ARD-AIGHNE

Cuntas na suime caite, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an tsuim bronnta, agus na suime a fhéadfadh a bheith feidhmithe mar leithghabháil-i-gcabhair i dteannta sin, le haghaidh tuarastail agus costais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas i gcabhair.

	Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
	RIARACHÁN			
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	11,180	10,665	2
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	284	220	—
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	1,030	1,037	(44)
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	208	114	5
A.5.	FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	1,031	824	(70)
A.6.	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	313	348	11
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	75	68	—
A.8.	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS	60	70	—
A.9.	SAINOILTEACHT DHLÍTHÍUIL AR CONRADH	1,100	1,115	5
	SEIRBHÍSÍ EILE			
B.	RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE hEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	36	34	—
C.	AN COIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ (DEONTAS I gCABHAIR)	4,162	3,554	—
D.	COSTAIS DLÍ GHINEARÁLTA	80	61	—
	An Mór Iomlán	**19,559**	**18,110**	**(91)**
	Bain de :			
E.	LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR	**8**	**4**	**37**
	An Glan Iomlán	**19,551**	**18,106**	**(128)**

Farasbarr le tabhairt suas **€1,444,511**

Tá an Ráiteas um Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 13 mar chuid den Chuntas seo.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS COSTAIS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			18,106
Athruithe i Sócmhainní Caipitiúla			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(359)		
Airgead tirim Diúscairtí	1		
Dímheas	526		
Cailliúint ar Diúscairt	1	169	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhruithe Deiridh	(172)		
Méadú i Stoic	(2)	(174)	(5)
Caiteachas Díreach			18,101
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit Eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara		1,554	
Cíosanna Barúlacha		1,078	2,632
Costas Oibriúcháin			20,733

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			1,114
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 11)		38	
Réamhíocaíochtaí		166	
Ioncam Fabhraithe		37	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Réiteach Costais Roinnte	49		
Ilghnéitheach	55	104	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead tirim	259		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	(10)	249	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		594	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		75	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Dlite don Stát (Nóta 12)	289		
Ilghnéitheach	75	364	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 4)		(11)	
Iomlán na nDliteanais Reatha		428	
Glandliteanais Reatha			166
Glanshócmhainní			1,280

3 RÁITEAS FAOI SÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2008	4,273	1,487	5,760
Breiseanna	319	56	375
Diúscairtí	(241)	(5)	(246)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2008	4,351	1,538	5,889
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2008	3,388	1,105	4,493
Dímheas don Bhliain	456	70	526
Dímheas ar Dhiúscairtí	(241)	(3)	(244)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2008	3,603	1,172	4,775
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2008	748	366	1,114

4 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2008

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		1,445
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(1,456)
Glandliteanas don Státchiste		(11)
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Súiomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	249	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	104	353
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 12)	(289)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	(75)	(364)
		(11)

5 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo-theid	Níos Lú/(Mó) ná Soláthartha €000	Míniú
A.1.	515	Coigiltis as cur siar líonadh folúntas foirne.
A.5.	207	Coigiltis agus obair ar chothromú le dáta Leabhar Statúideach na hÉireann ag dul isteach in 2009. Caitheadh níos lú ná ceapadh freisin ar Chrua-Earraí TF.
C.	608	Tharla na coigiltis de bharr íostarraingt a rinne an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí i nDeontas-i-gCabhair. Bhí roinnt costas lenar áiríodh costais cíosa agus fóntais a bhí níos ísle ná mar a bhí measta ó tharla nár bhog an Coimisiún isteach ina áitreabh leathnaithe go dtí deireadh 2008.
D.	19	Coigiltis as caiteachas níos lú ná ceapadh ar chostais dlí ghinearálta.

6 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
Ilghnéitheach	8,000	3,642

7 CEANGALTAIS

Tiomantais amhail an 31 Nollaig ag €1,346,000. É sin comhdhéanta de €142,000 do leabharlann agus fios do ghnó, €803,000 maidir le dréachtadh, €50,000 ar fhoireann gníomhaireachta/conartha, €13,000 maidir le costais foirne do Thionscadal Athbhreithnithe Leabhar Statúideach Neamhspleách, €177,000 maidir le foireann eile, €90,000 do ghlanadh agus €60,000 maidir leis an gCóras Bainistíochta Comhad Cásanna agus Taifead. Tá suimeanna arb ionann agus €11,000 ann freisin maidir le comhairleoirí.

8 DLITEANAIS AIBITHE

Dliteanais ábhartha neamhurscaoilte ag deireadh na bliana arb ionann agus €5,556.

9 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BHREISE

	Méid a íocadh	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €10,000 nó níos mó
	€			€
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	111,387	29	3	20,530
Ragobair agus tinreamh breise	31,958	18	—	—
Ilghnéitheach	92,800	6	6	24,300
Luach saothair bhreise in iomlán	236,145			

Nóta: Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

10 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Rannpháirtíocht an Státseirbhísigh Scortha
Fostaíodh Státseirbhíseach scortha atá ag fáil phinsean Státseirbhísigh ar bhonn conartha ar chostas €19,770 ar an oifig.

Dámhachtainí Rúnaithe Cúnta
Íocadh suim de €92,800 le 6 chomhalta foirne maidir le dámhachtainí Rúnaithe Cúnta le linn na bliana 2007.

Dámhachtainí Feidhmíochta Eisceachtúla
Fuair 31 ball foirne dámhachtainí de €250 ag costas iomlán don oifig de €7,750 do 2007. Íocadh na dámhachtainí i mBealtaine 2008. Fuair 43 ball foirne dámhachtainí de €250 ag costas iomlán don oifig de €10,750 do 2008.

11 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2008:	€000
Tomhaltáin TF	7
Páipéarachas	20
CD-Rom - Leabhar Reachtanna na hÉireann	11
	38

12 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008 ná:	**€000**
Cáin Ioncaim	169
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	69
Pinsin	1
Siarchoinneáil Cánach	34
Cáin Bhreisluacha	16
	289

13 RIALUITHE INMHEÁNACHA Á FHEABHSÚ

Tá Ráiteas ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha san fhormáid chaighdeánach don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 á chur isteach leis an gCuntas seo chuig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá na gníomhartha seo a leanas glactha nó tá siad pleanáilte chun feabhas a chur ar rialuithe inmheánacha maidir le hoiliúint foirne, bainistíocht riosca, slándáil teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht rialuithe riaracháin agus airgeadais.

Oiliúint Foirne
Mar atá an Creat Oibre Eolais Bainistíochta agus Córas Bainistíochta Taifead agus Cásanna á leagan síos tá oiliúint á cur ar fáil don fhoireann chuí. Tá úr-oiliúint faighte ag foireann san Aonad Airgeadais agus in Aonaid chuí eile ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais.

Bainistiú Riosca
Tá maoirsiú á dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta riosca ar Choiste Bainistíochta Riosca, ionadaíoch ar an Oifig agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a thuairiscíonn chuig an MAC comh Oifige agus Coiste Iniúchta an dá oifig. Tá Polasaí Bainistíochta Riosca agus Clár Riosca Corparáide a chlúdaíonn an dá oifig bunaithe. Déantar athbhreithniú ar Ghrúpa Gnó/Chláir Riosca Aonad gach sé mhí.

Slándáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide
Feidhmíonn an Oifig rialuithe deachleachtais le laghdú a dhéanamh ar phríomhrioscaí slándála a bhaineann le Teicneolaíocht Faisnéise agus Teicneolaíochta (ICT). Thug an Oifig, i gcomhar le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun críche plean tras-Oifig Leanúnais Ghnó. Déanfar athbhreithniú rialta ar fheidhmiú an phlean chun monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn.

Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais
Déanann an MAC agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go rialta ar rialuithe trí thuarascálacha a chur ar fáil. Breithníonn MAC gach tuarascáil iniúchta inmheánach agus déantar monatóireacht ar fheidhmiú moltaí. Tá an Oifig ag bunú socruithe d'athbhreithniú gach nós imeachta airgeadais a dhéanfar go gairid.

FINOLA FLANAGAN
Oifigeach Cuntasaíochta
OIFIG AN ARD-AIGHNE
31 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Ard-Aighne le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Ard-Aighne. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
27 Lúnasa 2009

AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH

Seo tuairisc ar an suim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an suim a deonadh agus ar an suim ar féidir a thiomnú mar leithris-I-gcabhair ina theannta leis, I gcóir tuarastal agus costas na Príomhoifige Staidrimh.

	Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	38,055	37,315	
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	1,520	1,486	2
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	1,215	1,686	(8)
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,332	1,370	34
A.5.	FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA	5,803	5,670	(394)
A.6.	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	1,641	1,339	72
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	122	153	10
A.8.	BAILIÚ STAITISTICÍ	2,128	1,128	1
A.9.	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS	54	41	
	An Mór Iomlán	**51,870**	**50,188**	**(283)**
	Bain de:			
A.10.	LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR	**740**	**535**	**865**
	An Glan Iomlán	**51,130**	**49,653**	**(1,148)**

Farasbarr le tabhairt suas **€1,476,852**

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 13.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			49,653
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(1,364)		
Diúscairtí Airgid Tirim	—		
Cailliúint ar diúscairtí	—		
Dímheas	3,862	2,498	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim		(1,435)	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Méadú ar Fhabhruithe Deiridh	552		
Laghdú ar Stoc	(40)	512	1,575
Caiteachas Díreach			51,228
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit Eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	7,012		
Cíosanna Barúlacha	2,429		9,441
Costas Oibriúcháin			60,669

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			20,429
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 4)			791
			21,220
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 11)		272	
Réamhíocaíochtaí		456	
Ioncam Fabhraithe		865	
Iarmhéideanna Dochair Eile:		526	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tirim	800		
Orduithe Íocaíochta gan Íoc	(545)	255	
Dliteanais Reatha don Stait (Nóta 5)		345	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		2,719	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		172	
Ioncam Iarchurtha		—	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile :		226	
Dlite don Stát (Nóta 12)		900	
Iomlán na nDliteanas Reatha		1,298	
Glandliteanais Reatha			1,421
Glansócmhainní			22,641

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL AG 31 NOLLAIG 2008.

	Talamh agus Foirgnimh €000	Trealamh Oifige Innealra Eile €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2008	34	48,866	3,214	52,114
Coigeartuithe	—	79	—	79
Breiseanna	—	2,263	114	2,377
Diúscairtí	—	(1,432)	(14)	(1,446)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2008	34	49,776	3,314	53,124
Dímheas Carntha:				
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2008	34	27,911	2,338	30,283
Coigeartuithe	—	(4)	—	(4)
Dímheas don Bhliain	—	3,681	181	3,862
Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar na Príosúin le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí í ndáil leis an Vóta ar na Priosúin. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Déanann Caibidil 16 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
4 Meán Fómhair 2009

AN tSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim ar féidir í a chur i bhfeidhm mar leithreasaí i gcabhair anuas air sin, i gcomhair tuarastail agus speansais na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus roinnt mionseirbhísí eile nach ngearrtar ar an bPríomh-Chiste.

	Seirbhís		**Foráil Mheastacháin**	**Toradh**	**Fabhruithe Deiridh**
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS		58,677	58,343	—
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL				
	Bunsuim	4,526			
	Suim fhorlíontach	400	4,926	4,673	511
A.3.	FOCHOSTAIS				
	Bunsuim	8,822			
	Suim fhorlíontach	4,300	13,122	12,240	648
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE				
	Bunsuim	2,514			
	Suim fhorlíontach	701	3,215	3,357	311
A.5.	INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA EILE				
	Bunsuim	10,805			
	Suim fhorlíontach	1,700	12,505	11,434	(1,080)
A.6.	COSTAIS TITHE CÚIRTE AGUS ÁITRIBH OIFIGE				
	Bunsuim	20,754			
	Suim fhorlíontach	2,600	23,354	21,983	981
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA				
	Bunsuim	305			
	Suim fhorlíontach	300	605	595	5
A.8.	ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHAIRLE CORPRAITHE NA dTUAIRISCÍ DLÍ D'ÉIRINN		60	41	—
A.9.	ATHBHREITHNITHE UM LUACH AR AIRGEAD AGUS BEARTAS		100	82	—
	SEIRBHÍSÍ EILE				
B.	TITHE CÚIRTE (OIBREACHA CAIPITIL)		29,632	25,290	823
	Iomlán Comhlán				
	Bunsuim	**136,195**			
	Suim fhorlíontach	**10,001**			
			146,196	**138,038**	**2,199**
	Lúide :				
C.	LEITHREASAÍ I GCABHAIR				
	Bunsuim	**28,935**			
	Suim fhorlíontach	**10,000**			
			38,935	**39,018**	**5,849**
	Iomlán Glan				
	Bunsuim	**107,260**			
	Suim fhorlíontach	**1**			
			107,261	**99,020**	**(3,650)**

Barrachas le géilleadh **€8,241,434**

Tá an Ráiteas um Beartais agus Phrionsabail Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 16 mar chuid den Chuntas seo.

NÓTAÍ

1 EISCEACHT A BHAINEANN LEIS NA BEARTAIS CUNTASAÍOCHTA GHINEARÁLTA

Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla - Dímheas

Déantar Sócmhainní Caipitiúla a dhímheas ar bhonn líne dhírigh thar a saolta úsáidte measta ag tosú sa mhí ina gcuirtear in úsáid iad.

2 RÁITEAS UM CHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN I gCOMHAIR NA BLIANA 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			99,020
Athruithe i Sócmhainní Caipitiúla			
Ceannacháin Airgid	(9,136)		
Dímheas	8,578		
Caillteanas ar na Diúscairtí	7	(551)	
Sócmhainní atá á bhForbairt			
Íocaíochtaí Airgid		(650)	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhruithe Deiridh	(4,035)		
Méadú sa Stoc	(37)	(4,072)	(5,273)
Caiteachas Díreach			93,747
Caiteachas a Iompraíodh Áiteanna Eile			
Caiteachas Glan na Seirbhísí Comhcheangailte		42,015	
Measchíosanna		6,420	48,435
Costas Oibriúcháin			142,182

Nóta: Ríomhadh an laghdú de €4.035m sna fabhruithe trí an dá ioncam fabhraithe do 2007 agus 2008 a athshonrú chun ioncam ó tháillí cúirte fabhraithe a léiriú, nach raibh aitheanta roimhe sin. Bhí gá leis an gcoigeartú sin mar gheall ar na suimeanna suntasacha a bhí i gceist; b'ionann na suimeanna sin do 2007 agus 2008 agus €2.650m agus €5.259m faoi seach.

3 RÁITEAS SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS AMHAIL 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			172,829
Sócmhainní atá á bhForbairt (Nóta 5)			3,585
			176,414
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 14)		267	
Réamhíocaíochtaí		1,701	
Ioncam Fabhraithe		5,849	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Airgead réamhíoctha le hOifig na nOibreacha Poiblí	9,935		
Fionraí	1,364		
Óinchiste	28	11,327	
Iarmhéid agus Airgead Oifig an Phámháistir Ghinearálta	2,016		
Orduithe Amuigh	(2,295)	(279)	
Sócmhainní Reatha Iomlána		18,865	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		3,900	
Iarmhéideanna Sochair Eile:			
Dlite don Stáit (Nóta 15)	8,168		
Asbhaintí ón bPárolla	438		
Fionraí	701	9,307	
Dliteanas Glan leis an Státchiste (Nóta 6)		1,741	
Dliteanais Reatha Iomlán		14,948	
Glansócmhainní Reatha			3,917
Glansócmhainní			180,331

4 RÁITEAS SÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AMHAIL 31 NOLLAIG 2008

	Talamh agus Foirgnimh €000	TF agus Trealamh €000	Oifige agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ar 1 Eanáir 2008	153,646	28,583	29,746	211,975
Breiseanna	6,360	3,703	962	11,025
Diúscairtí	—	(642)	—	(642)
Sócmhainní Comhlána ar 31 Nollaig 2008	160,006	31,644	30,708	222,358
Dímheas Carnach:				
Iarmhéid Tosaigh ar 1 Eanáir 2008	7,593	19,934	14,059	41,586
Dímheas don bhliain	3,007	2,720	2,851	8,578
Dímheas ar na Diúscairtí	—	(635)	—	(635)
Dímheas Carnach ar 31 Nollaig 2008	10,600	22,019	16,910	49,529
Sócmhainní Glana ag 31 Nollaig 2008	149,406	9,625	13,798	172,829

Nóta: Déanann an tAcht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 foráil chun teideal dlíthiúil a aistriú maidir le talamh agus foirgnimh áirithe a úsáidtear ar mhaithe le feidhmeanna na Seirbhíse. Faoi réir ag Alt 26(3) den Acht, is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, trí ordú a dhéanamh, lá a cheapadh ar a ndéanfar talamh agus foirgnimh mar sin a dhílsiú sa tSeirbhís. Soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí luacháil ar na maoin dílsithe. Rinneadh trí fhoirgneamh a dhílsiú in 2008. Maidir le dhá fhoirgneamh dá leithéid, bhí luachálacha amuigh ag deireadh na bliana agus dá bhrí sin níor cuireadh san áireamh iad sna figiúirí thuas.

5 RÁITEAS SÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA ATÁ Á BHFORBAIRT AMHAIL 31 NOLLAIG 2008

	Feidhmchláir Ríomhaireachta Intí €000
Méideanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2008	4,655
Íocaíochtaí Airgid don Bhliain	650
Aistrithe chuig Clár na Sócmhainní	(1,720)
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2008	3,585

6 DLITEANAS GLAN LEIS AN STÁTCHISTE

Réiteach ar an mBarrachas atá le Géilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2008

Barrachas don Bhliain	**€000**	**€000**
Barrachas le Géilleadh		8,241
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(6,500)
Dliteanas Glan leis an Státchiste		1,741
Arna Léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh Glan i leith an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	(279)	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	11,327	11,048
Creidiúnaithe		
Dlite don Stáit (Nóta 15)	(8,168)	
Iarmhéideanna Sochair: Fionraí	(1,139)	(9,307)
		1,741

7 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE

	Measta €	Réadaithe €
Fíneálacha Cúirte	4,900,000	7,065,592
Fíneálacha an Achta um Thrácht ar Bhóithre	10,000,000	14,733,220
	14,900,000	21,798,812

8 MÍNIÚ AR CHÚISEANNA NA nDIFRÍOCHTAÍ IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo-theideal	Níos lú/(Níos mó) ná an fhoráil	Míniú
	€000	
B.	4,342	Tharla coigilteas ar an bhfotheideal seo, Tithe Cúirte (Oibreacha Caipitil), mar gheall ar cheisteanna amaithe maidir le tús a chur le roinnt bheag tionscadal Tógála Caipitil agus iad a chur chun cinn.

9 LEITHREASAÍ I gCABHAIR

		Measta €	Réadaithe €
1.	Táillí	38,493,000	38,105,152
2.	Ilghnéitheach	442,000	913,017
	IOMLÁN	38,935,000	39,018,169

Míniú ar Dhifríochtaí

2. Ilghnéitheach: Tá na fáltais comhdhéanta de roinnt míreanna ilghnéitheacha difriúla, a mbaineann a bhformhór le Táillí Coiste maidir le hOifig an Ard-Aturnae, seiceanna nár sóinseáladh agus táillí bailithe ag Sirriamaí. Tá gné aisghabhála ann freisin ó bhlianta roimhe seo.

10 CEANGALTAIS

(A) Ceangaltais Dhomhanda

€19,491,436 a bhí sna Ceangaltais Chonraithe ag 31 Nollaig 2008

(B) Ceangaltais Chaipitiúla Ilbhliantúla

Tionscadal	Caiteachas go dtí 1 Eanáir 2008 €000	Caiteachas in 2008 €000	Blianta ina dhiaidh sin €000
Athchóiriú ar Thithe Cúirte	44,567	16,196	68,838
Tionscadail Teicneolaíochta Faisnéise	1,634	2,147	4,165

11 DLITEANAIS AIBITHE

Ba é an meastachán ar dhliteanais aibithe nár íocadh ag deireadh na bliana ná €33,901.

12 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid Íoctha €	Líon na faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair €10,000 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó breise	233,435	90	6	23,639
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	990,984	351	25	25,089
Ilghnéitheach	930,976	288	19	22,014
Luach saothar breise san iomlán	2,155,395			

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

13 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Rinneadh costais tuarastail de €1,472,214 a aisghabháil ó Bhinsí agus Ranna Rialtais maidir le baill foirne ar iasacht.

Íocadh €119,812 san iomlán maidir le dámhachtainí um fhiúntas feidhmíochta den scoth faoi réir ag forálacha Chomhaontú an Bhuiséid Riaracháin.

Ba é an caiteachas comhairleachta nár gearradh ar fhotheideal na Seirbhísí Comhairleachta le haghaidh 2008 ná €375,209. Bhain sé seo go príomha le seirbhísí comhairleachta TFC agus tá sé san áireamh faoi fhotheideal A.5.

Íocadh €147,727 san iomlán le 5 státseirbhísigh atá ar scor a bhí i mbun dualgas éagsúil i rith na bliana 2008.

Tá íocaíochtaí pionóis úis de €31,624 san áireamh sa chuntas seo faoin Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus arna leasú le Rialacháin an AE (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Íocadh íocaíochtaí de €54,224 san iomlán le linn 2008 a chuimsigh íocaíochtaí socraíochta na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát de €18,250, costais ghaolmhara abhcóidí/dlíodóirí de €29,294, íocaíochtaí PIAB de €1,680 agus íocaíocht de €5,000 a bhain le dhá chás coinneála éagóraí.

Tá an Caiteachas Glan Comhcheangailte de €42,015,000 atá san áireamh sa Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas a tabhaíodh ó Vótaí eile:

Vóta:		**€000**
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	4,828
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,144
20	Garda Síochána	240
	Costas Ionad na Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte	890
	Príomh-Chiste - Tuarastail agus pinsin breithiúnacha	32,913
		42,015

14 STOIC

Áirítear ar na Stoic ag 31 Nollaig 2008:	**€000**
Stáiseanóireacht	267

15 DLITE DON STÁT

Bhí an méid dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008 comhdhéanta de:

	€000
Cáin Ioncaim	810
Seirbhísí Gairmiúla Cáin Shiarchoinneálach	124
Cáin Bhreisluacha	24
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	366
Fíneálacha	6,611
Dleacht Mháil	233
	8,168

16 RIALUITHE INMHEÁNACHA A FHEABHSÚ

Tugadh faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha airgeadais maidir leis an mbliain dár críoch 31 Nollaig 2008, agus cuireadh Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha Airgeadais i bhformáid chaighdeánach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Bainistíocht Riosca - Tá próiseas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm le roinnt blianta anuas agus tá obair leanúnach ar siúl chun feasacht agus tuiscint ar riosca a fheabhsú. Déanann an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach maoirseacht ar an bpróiseas Bainistíochta Riosca trí Chlár Riosca Corparáideach a úsáid agus tá nósanna imeachta tuairiscithe i bhfeidhm. Tá bainisteoirí freagrach as measúnuithe riosca leanúnacha agus as feabhsuithe ar rialuithe a mholadh dá réimse freagrachta. Leagadh amach róil agus freagrachtaí soiléire do na páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu le Bainistíocht Riosca. Is mír leanúnach sa chlár oibre í Bainistíocht Riosca don Fhoireann Bainistíochta Shinsearach, do Bhainisteoirí Réigiúnacha agus Bainisteoirí Oifigí agus déantar rioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

An Coiste Iniúchta - Tá Coiste Iniúchta ag an tSeirbhís a chuimsíonn 5 ball. Oibríonn an Coiste Iniúchta faoi chairt scríofa. Eisíonn sé tuarascáil bhliantúil faoina chuid oibre. Déanann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh tuairisc leis an gCoiste Iniúchta ar bhonn ráithiúil.

TFC - Tá tiomantas láidir ag an tSeirbhís maidir le slándáil Teicneolaíocht na Faisnéise Cumarsáide aici trí na moltaí a tháinig ón athbhreithniú neamhspleách ar shlándáil Theicneolaíocht na Faisnéise Cumarsáide a chur i bhfeidhm. Tá an feidhmiú seo ag leanúint ar aghaidh agus rinneadh roinnt bearta in 2008 chun slándáil faisnéise agus TFC a fheabhsú. Rinne athbhreithniú ar luach ar airgead an chláir TFC a rinneadh in 2008 roinnt moltaí atá deartha chun struchtúir agus nósanna imeachta rialachais a neartú a thuilleadh. Tagann coiste Rialaithe TFC le chéile ar bhonn ráithiúil agus déanann sé monatóireacht ar dhul chun cinn an chláir TFC foriomlán.

BRENDAN RYAN
Oifigeach Cuntasaíochta
AN tSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA
21 Bealtaine 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an tSeirbhís Chúirteanna le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an tSeirbhís Chúirteanna. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Déanann Caibidil 17 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
4 Meán Fómhair 2009

AN tÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE

Cuntas den tsuim caite, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an suim ceadaithe

-do thuarastail agus chostais an tÚdarás Clárúcháin Maoine

- le haghaidh fhorghéilleadh iarchurtha na leithreasuithe gan chaitheamh le haghaidh na seirbhísí soláthair chaipitil faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

	Seirbhís		Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS		32,622	32,883	
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ		177	201	8
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA		4,968	4,198	(45)
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE		1,565	1,375	12
A.5.	FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA				
	Soláthar na Bliana Reatha	6,520			
	Forghéilleadh Iarchurtha	500	7,020	6,200	(125)
A.6.	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE		844	1,253	18
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA		124	106	
	An Iomlán				
	Soláthar na Bliana Reatha	**46,820**			
	Forghéilleadh Iarchurtha	**500**			
			47,320	**46,216**	**(132)**

FARASBARR DON BHLIAIN	**€1,103,921**
FORGHÉILLEADH IARCHURTHA faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004	**€ 350,000**
Farasbarr le tabhairt suas	**€ 753,921**

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 15.

NÓTAÍ

1 EISCEACHTAÍ AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA GINEARÁLTA

Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitúla - Dímheas

Déantar Sócmhainní Caipitil a díluacháil ar bhonn líne díreach thar a saoil úsáideach measta ag tosú leis an mí a cuireadh i seirbhís iad.

2 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			46,216
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(5,580)		
Dímheas	3,202	(2,378)	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Méadú i bhFabhruithe Deiridh		93	
Méadú i Stoc		(117)	(2,402)
Caiteachas Díreach			43,814
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit Eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			5,327
Cíosanna Barúlacha			4,457
Costas Oibriúcháin			53,598

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			11,349
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 13)		383	
Réamhíocaíochtaí		399	
Ioncam Fabhraithe		44	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Fionraí	162		
Airleacain don OOP	4		
Óinchistí	3	169	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tirim	1,134		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	(279)	855	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		1,850	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		311	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Fionraí (Nóta 12)	19		
Dlite don Stát (Nóta 14)	683		
Aisbhaintí ó Thuarastail	267	969	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 5)		55	
Iomlán na nDliteanas Reatha		1,335	
Glansócmhainní Reatha			515
Glansócmhainní			11,864

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

	Trealamh Oifige Innealra Eile €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2008	28,484	4,238	32,722
Breiseanna	5,322	377	5,699
Diúscairtí	(147)	(4)	(151)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2008	33,659	4,611	38,270
Dímheas Carntha:			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2008	20,390	3,472	23,862
Dímheas don Bhliain	3,000	202	3,202
Dímheas ar Dhiúscairtí	(140)	(3)	(143)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2008	23,250	3,671	26,921
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	10,409	940	11,349

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2008

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le tabhairt suas	754	
Forghéilleadh Iarchurtha	350	1,104
Deontas Státchiste nár Tarraingíodh		(1,049)
Glandliteanas don Státchiste		55
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	858	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	166	1,024
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 14)	(683)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	(286)	(969)
		55

6 FÁLTAIS BHREIS INÍOCTHA DON STÁTCHISTE

	Measta €	Réadaithe €
Táillí Chlárlann na Talún	70,000	61,317
Táillí Chlárlann na nGníomhas	4,000	4,162
Táillí Cíosa Talún	140	117
	74,140	65,596

Tabhair ar aird: Tháinig laghdú in ioncam Táillí Chlárlann na Talún in 2008 mar thoradh ar leibhéal níos lú gníomhaíochta sa mhargadh maoine.

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Foth eid eal	Níos Lú/(Mó) ná Foráilte €000	Míniú
A.2.	(24)	Mhéadaigh an caiteachas ar thaisteal mar thoradh ar bhunú na hoifige nua-dhíláraithe i Ros Comáin.
A.3.	770	Bhíothas in ann airgead a choigilt toisc caiteachas ar chóipcheart OSI a bheith níos ísle ná mar a measadh. De bhreis air sin, toisc go ndearnadh méid suntasach den traenáil intí, bhí an caiteachas ar thraenáil sheachtrach níos ísle ná mar a measadh.
A.4.	190	Baineadh amach coigilt airgid mar thoradh ar thabhairt isteach na socruithe nua postais agus teileachumarsáide.
A.5.	820	Baineadh amach coigilt airgid mar thoradh ar athchaibidlíocht ar chonarthaí áirithe TF.
A.6.	(409)	Tabhaíodh caiteachas cothabhála oifige i gcuíchóiriú na n-oifigí poiblí i mBaile Átha Cliath. Mar thoradh air seo d'fhág an tÚCM an spás oifige folamh a bhí ag an Údarás i gcoimpléasc Irish Life. De bhreis air sin, tabhaíodh caiteachas breise ar dheisiúcháin damáiste tuillte agus ar athshreangú riachtanach.

8 CEANGALTAIS

Ceangaltais Iltaobhacha

Ceangaltais ar Chonradh ag 31 Nollaig 2008 de luach €576,438

9 TIONSCADAIL CHAIPITIL ILBHLIANTÚLA

Tionscadal	Caiteachas go 1 Ean 2008 €000	Caiteachas i 2008 €000	Blianta ina Dhiaidh €000	Iomlán €000
Mapála Digití agus Tionscadail Gaolmhara	13,347	5,622	8,705	27,674

10 DLITEANAIS AIBITHE

Is é an meastachán de dhliteanais aibí nach raibh scaoilte ag deireadh na bliana ná €220.

11 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €10,000 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	19,023	37	—	—
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	1,856,059	397	43	19,513
Liúntais sealoibre agus uainchláir	26,288	6	—	—
Ilghnéitheach	64,059	46	—	—
Luach saothair breise in iomlán	1,965,429			

Nóta: Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

12 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Íocadh suimeanna dar luach €32,517 le 2 Státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil Pinsean Státseirbhíse, a ndearnadh athfhostú orthu le linn 2008.

Lóisteáladh suim de €19,359 maidir le Táillí Chlárlann na Talún go contráilte isteach i gCuntas Fionraí i Nollaig 2008. Tugadh ar ais an tsuim seo mar Fháltas Breise Státchiste sa bhliain 2009.

13 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2008:	€000
Páipéarachas	145
Soláthairtí Ilghnéitheacha	16
Tomhaltais TF	222
	383

14 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí Dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008 ná:	**€000**
Cáin Ioncaim	377
Cáin Shiarchoinneálach	3
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	224
Cáin Bhreisluacha	79
	683

15 RIALÚ INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Cuireadh Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais san fhormáid chaighdeánach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in éineacht leis na cuntais seo. Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an gcóras rialuithe inmheánach maidir le traenáil foirne, bainistíocht riosca, slándáil eolais agus teicneolaíocht chumarsáide maille le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe riaracháin agus airgeadais.

Traenáil Foirne
Tá Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) i bhfeidhm ag an Údarás Clárúcháin Maoine a chuidíonn leis an Údarás riachtanais traenála na foirne a aithint. Tá an tÚdarás an-tiomanta feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil do chustaiméirí ach infheistiú i dtraenáil agus forbairt fhoireann na heagraíochta d'fhonn fórsa oibre inniúil eolasach a chur ar fáil.

Bainistíocht Riosca
Tá clár riosca i bhfeidhm ag an Údarás Clárúcháin Maoine chun cuidiú leis an eagraíocht bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar na rioscaí ar ghá don eagraíocht aghaidh a thabhairt orthu.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC)
Tá an tÚdarás Clárúcháin Maoine an-tiomanta do shlándáil a chórais agus a shonraí TFC. Tá crua-earraí agus bogearraí úrnua ríomhaire deisce ag an Údarás, le líonraí, freastalaithe agus córais nua-aimseartha agus déantar an bonneagar a bhainistiú de réir na gcleachtas reatha is fearr, maidir le cur isteach a bhrath agus saoráidí cosanta víris.

Coiste Iniúchta
Cuireadh Coiste Iniúchta ar bun sa bhliain 2007, ar a bhfuil roinnt ball seachtrach den Údarás Clárúcháin Maoine. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus measúnú ar obair an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar chur chuige an Údaráis maidir le Bainistiú Riosca.

C TREACY
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE
27 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an tÚdarás Clárúcháin Maoine le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Déanann Caibidil 18 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
14 Lúnasa 2009

TABHARTAIS AGUS TIOMNACHTAÍ CARTHANACHA

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an tsuim a deonadh, do thuarastail agus costais Oifig na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla.

	Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ, AGUS LIÚNTAIS	405	326	—
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ	2	1	—
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA	33	21	2
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	12	9	—
A.5.	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	30	18	2
	An Mór Iomlán	**482**	**375**	**4**
	Bain de:			
A.6.	LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR	**1**	—	—
	An Glan Iomlán	**481**	**375**	**4**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€106,171**	

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			375
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(7)		
Dímheas	4	(3)	
Athruithe i nGlansócmhainní			
Méadú i bhFabhruithe Deiridh		2	(1)
Caiteachas Díreach			374
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			113
Costas Oibriúcháin			487

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			8
Sócmhainní Reatha			
Réamhíocaíochtaí		—	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Fionraí		10	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tirim	3		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	(2)	1	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		11	
Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe	4		
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 4)	11		
Iomlán na nDliteanas Reatha		15	
Glan-Dliteanais Reatha			(4)
Glansócmhainní			4

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

	Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Iomláin
	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2008	81	26	107
Breiseanna	7	—	7
Diúscairtí	(11)	—	(11)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2008	77	26	103
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2008	76	26	102
Dímheas don Bhliain	4	—	4
Dímheas ar Dhiúscairtí	(11)	—	(11)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2008	69	26	95
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	8	—	8

4 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2008

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le tabhairt suas		106
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(95)
Glandliteanas don Státchiste		11
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	10	
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	1	
		11

5 MÍNIÚ AR NA CÚISEANNA DON ÉAGSÚLACHT IDIR SOLÁTHAR AN TORAIDH AGUS AN MHEASTACHÁIN

Fo-mhírchean	Níos lú/(Níos Mó) ná mar a soláthraíodh	Míniú
	€000	
A.1.	79	Tá post an Rúnaí fós á líonadh ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta in áit leibhéal an Phríomhoifigigh agus bhí folúntas páirtaimseartha ag leibhéal an Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin.

6 ILGHNÉITHEACH

Forálann Acht na gCarthanachtaí 2009 d'Údarás Rialála Carthanas (Charities Regulatory Authority) a bhunú. Déanfaidh an tÚdarás na feidhmeanna ar fad a dhílsiú i gCoimisiúin na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla, a dhíscaoilfear nuair a bhunófar an tÚdarás. Níl aon chinneadh déanta maidir le cén lá a bhunófar an tÚdarás.

7 DLITE DON STÁT

Is neamhní an méid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008.

ORLA BARRY MURPHY
Oifigeach Cuntasaíochta
OIFIG NA DTABHARTAS AGUS NA DTIOMNACHTAÍ CARTHANÚLA
31 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Shíntiúis Charthanacha agus Tiomnachtaí le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig na Shíntiúis Carthanacha agus Tiomnachtaí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
22 Iúil 2009.

COMHSHAOL, OIDHREACHT AGUS RIALTAS ÁITIÚIL

Cuntas ar an suim a úsáideadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an tsuim bronnta agus den suim a d'fhéadfaí a fheidhmiú mar leithghabhálacha-i-gcabhair de bhreis ar an méid le haghaidh tuarastal agus costas de chuid Oifig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais chuig Údaráis Áitiúla, deontais agus costais eile a bhaineann le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais.

	Seirbhís	Soláthar Measta	Toradh	Fabhruithe Deiridh
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁNNA AGUS LIÚNTAIS	76,049	75,335	—
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	4,147	3,435	86
A.3.	COSTAIS TEAGMHASACHA	3,275	2,294	(32)
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,956	1,791	(51)
A.5.	INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE AGUS SEIRBHÍSÍ COIBHNEASACHA	10,369	12,021	(1,265)
A.6.	COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	2,015	1,511	49
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLIÚCHÁIN	500	259	—
A.8.	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE POLASAÍ	600	355	—
	TITHÍOCHT			
B.1.	SOLÁTHAR AGUS ATHNUACHAN TITHÍOCHTA SÓISIALTA	1,571,995	1,575,576	(548)
B.2.	TITHÍOCHT INACMHAINNE AGUS TACAÍOCHTAÍ EILE NA hEARNÁLA TITHÍOCHTA PRÍOBHÁIDÍ	159,015	134,432	—
	SEIRBHÍSÍ UISCE			
C.1.	CLÁR INFHEISTÍOCHTA SEIRBHÍSÍ UISCE	471,374	496,374	2,365
	COMHSHAOL			
D.1.	GNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL	39,257	35,443	—
D.2.	POLASAÍ RADAÍOCHTA COMHSHAOIL	5,941	5,206	16
D.3.	SÍNTIÚIS D'EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA	4,572	4,671	(488)
D.4.	CREIDIÚINTÍ KIÓTÓ	10,050	3,723	—
D.5.	MAOINIÚ UM ATHRÚ AERÁIDE	2,867	2,368	(171)
	BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA			
E.1.	SEIRBHÍSÍ ATHCHÚRSÁLA	10,000	9,996	—
E.2.	FEABHSÚCHÁN LÍONTA TALÚN	13,489	46,286	513
	RIALTAS ÁITIÚIL			
F.1.	CISTE AN RIALTAIS ÁITIÚIL	545,203	548,703	—
F.2.	SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA	25,640	25,526	(20)
F.3.	LEABHARLANN AGUS SEIRBHÍS CARTLAINNE AN ÚDARÁIS	18,982	16,962	—
F.4.	CUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS POBAIL	7,600	10,172	—
F.5.	SEIRBHÍSÍ MÍCHUMAIS	15,000	15,152	—
F.6.	MÍBHUNTÁISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA (CISTE NA gCUNTAS DÍOMHAOIN)	1,000	—	—

	Seirbhís	Soláthar Measta	Toradh	Fabhruithe Deiridh
	OIDHREACHT	**€000**	**€000**	**€000**
G.1.	DEONTAS DON CHOMHAIRLE OIDHREACHTA (MAOINITHE I bPÁIRT AG AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)	13,403	13,403	—
G.2.	OIDHREACHT THÓGTHA	31,652	32,232	92
G.3.	OIDHREACHT NÁDÚRTHA (AN tSEIRBHÍS PÁIRCEANNA NÁISIÚNTA AGUS FIADHÚLRA)	46,665	45,425	(203)
G.4.	IONTAOBHAS OIDHREACHTA NA hÉIREANN	5,520	520	—
	PLEANÁIL			
H.1.	AN BORD PLEANÁLA	15,248	15,098	—
H.2.	BINSE FIOSRÚCHÁIN PLEANÁLA	12,573	11,239	696
H.3.	ATHGHINIÚINT UIRBEACH	20,153	11,703	—
H.4.	COMÓRTAS NA mBAILTE SLACHTMHARA	311	586	58
H.5.	PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, S.RL.	341	264	(21)
H.6.	CISTE NUÁLAÍOCHTA NA nGEATAÍ	40,000	—	—
	SEIRBHÍSÍ EILE			
I.1.	AN COMHLACHAS SNÁMHA AGUS TARRTHÁLA	652	652	—
I.2.	SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA	10,853	9,817	24
	Iomlán Comhlán	3,198,267	3,168,530	1,100
	Bain de:			
J.	LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR	14,517	14,217	288
	Iomlán Glan	3,183,750	3,154,313	812

FARASBARR DON BHLIAIN **€29,436,939**

FORGHÉILLEADH IARCHURTHA faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004 **€6,277,000**

Farasbarr le forghéilleadh **€ 23,159,939**

Comhdhéanann Ráiteas na bPrionsabal agus na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 19 cuid den Chuntas seo.

NÓTAÍ

1 EISCEACHTAÍ NA bPOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA GINEARÁLTA

Polasaí Dímheas Sócmhainne

Déantar foirgnimh áirithe a dhímheas ag 5% in aghaidh na bliana le foirgnimh eile agus talamh nach ndéantar a dhímheas. Déanfar athbhreithniú ar luach an dara ceann gach 5 bliana i ndiaidh comhairliúcháin le hOifig na nOibreacha Poiblí agus déanfar é a athluacháil de réir mar is cuí. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas ag 20% in aghaidh na bliana thar 5 bliana, déantar gléasra agus innealra a dhímheas thar 10 mbliana ag 10% in aghaidh na bliana agus baineann 15 bliana le dímheas trealamh radair. Tagann dímheas ar threalamh ríomhvótála thar 20 bliain. Déantar trealamh TFC a dhímheas thar 5 bliana ag 20% in aghaidh na bliana. Déantar Troscáin, Feistis agus Daingneáin a dhímheas ag 10% in aghaidh na bliana thar 10 mbliana.

2 TRASCHUR NA BHFEIDHMEANNA

Táthar tar éis an cuntas seo a ullmhú de réir Meastacháin Athbhreithnithe Breise 2008 don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a chuir na nithe seo a leanas san áireamh:

(i) traschur feidhmeanna na mBóithre Neamh-Náisiúnta agus an National Vehicle Driver File ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go dtí an Roinn Iompair le héifeacht ó 1 Eanáir 2008 (I.R. Uimh. 815 de 2007), agus

(ii) traschur feidhme um Cháilíocht Uiscí Iasc Sliogáin ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia go dtí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le héifeacht ó 5 Samhain 2008 (I.R. Uimh. 516 de 2008).

3 RÁITEAS NA gCOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			3,154,313
Athruithe i Sócmhainní Caipitiúla			
Airgead na gCeannachán	(15,094)		
Dímheas	6,775		
Caillteanas ar Dhiúscairt	761	(7,558)	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí Airgid Tirim		(550)	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Laghdú ar Fhabhruithe Deiridh	(56,034)		
Laghdú i Stoc	158	(55,876)	(63,984)
Caiteachas Díreach			3,090,329
Caiteachas Seasta in Áiteanna Eile			
Glanchaiteachas na Seirbhísí Comhaontaithe		19,043	
Measchíosanna		3,506	22,549
Costas Oibríochta			3,112,878

4 RÁITEAS SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAS AMHAIL AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 5)			67,623
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 6)			572
			68,195
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 18)		553	
Réamhíocaíochtaí		4,466	
Ioncam Fabhraithe		288	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Óinchistí	10		
Nithe Fionraí Eile	2,621	2,631	
Airgead Tirim agus Iarmhéid PMG	25,062		
Orduithe Gan Íoc	(16,952)	8,110	
Sócmhainní Reatha Iomlán		16,048	
Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		5,567	
Iarmhéideanna Sochair Eile:			
Dlite don Stát (Nóta 19)	3,170		
Nithe Fionraí Eile	1,229	4,399	
Dliteanas Glan don Státchiste (Nóta 7)		6,342	
Dliteanais Reatha Iomlán		16,308	
Glan Dliteanais Reatha			(260)
Glansócmhainní			67,935

5 RÁITEAS SÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AMHAIL AG 31 NOLLAIG 2008

	Talamh agus Foirgnimh	Gléasra, Innealra agus Mótarfheithiclí	Trealamh Oifige & TF	Troscán agus Feistis	Iomláin
	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil ar 1 Eanáir 2008	20,501	7,570	86,112	5,589	119,772
Traschuir chuig an Roinn Iompair	—	—	(10,746)	(91)	(10,837)
Breiseanna	9,667	644	495	697	11,503
Diúscairtí	(258)	—	(1,279)	(6)	(1,543)
Sócmhainní Comhlán ag 31 Nollaig 2008	29,910	8,214	74,582	6,189	118,895
Dímheas Carntha:					
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2008	22	4,715	45,099	2,598	52,434
Dímheas ar thraschur go dtí an Roinn Iompair	—	—	(7,092)	(63)	(7,155)
Dímheas don bhliain	5	712	5,699	359	6,775
Dímheas ar Dhiúscairtí	—	—	(777)	(5)	(782)
Dímheas Carntha ag 31 Nollaig 2008	27	5,427	42,929	2,889	51,272
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	29,883	2,787	31,653	3,300	67,623

Nóta:

Ní dhearnadh luacháil ar shealúchais stairiúla ar nós páirceanna agus sócmhainní oidhreachta ar nós saorgáin agus lámhscríbhinní.

Tá coigeartú déanta ar na hiarmhéideanna tosaigh chun eolas níos cruinne a thabhairt ar shócmhainní.

6 RÁITEAS SÓCMHAINNÍ CAIPTITÚLA Á BHFORBAIRT AMHAIL AG 31 NOLLAIG 2008

	€000
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2008	1,676
Traschuir chuig an Roinn an Iompair	(1,654)
Íocaíochtaí Airgid Tirim don Bhliain	550
Traschurtha chuig Clár Sócmhainne	—
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Nollaig 2008	572

7 DLITEANAIS GHLAN DON STÁTCHISTE

Réiteach an Fharasbairr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana chuig Iarmhéideanna Feichiúnaithe agus Creidiúnaithe coimeádta ag 31 Nollaig 2008

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le forghéilleadh	23,160	
Forghéilleadh Iarchurtha	6,277	29,437
Deontas Státchiste Neamh-Tharraingthe		(23,095)
Dliteanas Glan don Státchiste		6,342
Ionadaithe ag:		
Féichiúnaithe		
Airgead tirim agus seasamh glan PMG	8,110	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	2,631	10,741
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(3,170)	
Iarmhéideanna Sochair: Fionraí	(1,229)	(4,399)
		6,342

8 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA DON STÁTCHISTE

B'ionann na fáltais ilghnéitheacha, iníoctha go díreach leis an Státchiste agus €556,437. Bhí sé sin comhdhéanta den chuid is mó as ús ón gcuntas bainc a úsáidtear d'íocaíochtaí leictreonacha, fuascailt tionscadal atá maoinithe ag an Scéim Cúnaimh Caiptil maidir le Tithíocht Dheonach agus Tithíocht de chuid na gComharchumann, costais a bronnadh ar an mBinse Pleanála, Tabhairt Suas Pá go Deonach agus ús dlite ar airgid atá i seilbh ag an bPríomh-Aturnae Stáit maidir le éadáil réadmhaoine.

9 MÍNIÚCHÁN AR CHÚISEANNA NA hÉAGSÚLACHTA IDIR TORADH AGUS SOLÁTHAR MEASTA

Éagsúlachtaí fotheidil - Virement

Sa chuid dheireanach de 2008, bunaithe ar anailís na dtreochtaí caiteachais, athbhreithniú iomlán ar riachtanais 2008 agus i ndiaidh comhairliúcháin leis an Roinn Airgeadais, rinne an Roinn trí mheán an phróisis bhunaithe de choigiltis traschurtha virement a tharla ar fhotheidil éagsúla chun forálacha fotheidil eile a mhéadú d'fhonn freastal ar riachtanais bhreise sainaitheanta i 2008.

Fo-theidal	Níos Lú/(Níos Mó) ná Soláthartha €000	Míniúchán
A.3.	981	Bhí caiteachas níos lú ná mar a ceapadh go háirithe de bharr caiteachais laghdaithe ar oiliúint agus forbairt foirne .
A.6.	504	Mar thoradh ar mhoill i gcríochnú cóiríochta nua, níor tabhaíodh roinnt áirithe de na costais feistithe i 2008.
A.7.	241	Laghdaíodh caiteachas ar riachtanais comhairliúcháin i rith 2008.
A.8.	245	Cuireadh tús le hathbhreithniú corrsheiceála neamhspleách ar thionscadail chaipitiúla ag dáta níos déanaí ná mar a raibh súil leis i dtosach agus ní thiocfaidh íocaíocht dheiridh in aibíocht go dtí 2009.
B.2.	24,583	Bhí caiteachas níos lú ná mar a ceapadh mar thoradh ar laghdú sna riachtanais a rabhthas ag súil a bheadh ag údaráis áitiúla d'fhóirdheontais le haghaidh foráil aonad inacmhainne faoi scéim cheannaigh dírigh Chomhpháirtíocht na dTithe Inacmhainne.
C.1.	(25,000)	Bhí caiteachas breise a tabhú mar thoradh ar íocaíochtaí i leith roinnt costas eadrána agus íocaíochtaí socruithe ar roinnt scéimeanna Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce chomh maith le méadú ar ghníomhaíocht tógála.
D.1.	3,814	Níor tarraingíodh síos an leithdháileadh faoin gclár taighde um athrú aeráide 2007-2008 go hiomlán ag deireadh 2008 de bharr nádúr il-bhliantúil an chláir.
D.2.	735	Bhí caiteachas ar chostais dlí níos lú ná mar a ceapadh tar éis aistarraingt gníomhaíochta dlíthiúil i gcoinne an RA maidir le Monarcha Sellafield MOX a tharla mar thoradh ar chinneadh cúirte AE.
D.4.	6,327	Tá sé mar sprioc ag an bhfotheideal seo chun foráil d'fhorchúiteamh don Lárchiste na costais tabhaithe i 2007 ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Naisiúnta (NTMA) i gceannachán liúntais / creidiúintí carbóin ar son an Rialtais faoin Acht um Chiste Carbóin 2007. Mar thoradh ar nádúr scoilte an mhargaidh charbóin sa dara leath de 2007 ní raibh go leor deiseanna ar fáil don NTMA chun creidiúintí a cheannach, agus bhí caiteachas níos lú ná mar a ceapadh.
D.5.	499	Soláthraíonn an fotheideal seo do chostais ranníocaíocht na hÉireann i leith Meicníocht Maoinithe um Athrú Aeráide do thíortha i mbun forbartha. Déantar formhór na n-íocaíochtaí i ndollair na Stát Aontaithe agus bhí toradh níos lú ná mar a ceapadh de dheasca ráta aistrithe láidir ó euro go dollar.
E.2.	(32,797)	Tharla an caiteachas méadaithe de bharr costais tabhaithe in 2008 i leith dramhaíol ghuaiseach a thógáil ón iar-shuíomh ISPAT na hÉireann, Inis Sionnach, Corcaigh.
F.1.	(3,500)	Sholáthair virement ceadaithe maoiniú breise do Chiste an Rialtais Áitiúil.
F.3.	2,020	Níor cuireadh tús le líon áirithe tionscnamh leabharlainne ar líne, mar a ceapadh, i 2008.
F.4.	(2,572)	Soláthraíonn an fotheideal seo forchúiteamh caipitiúil údaráis áitiúil d'áiseanna sóisialta agus pobail. Tharla caiteachas breise de bharr leibhéil níos airde ná mar a ceapadh de thionscadail ar chuir údaráis áitiúla críoch leo i 2008.

Fo-theideal	Níos Lú/(Níos Mó) ná Soláthartha €000	Míniúchán
F.6.	1,000	Baineann an fotheideal seo le maoiniú a leithdháil an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ó Chiste na gCuntas Dímhaoin chun tacaíocht a thabhairt do thograí a thagann laistigh de shainchúram na Roinne seo. Níor tabhaíodh aon chaiteachas toisc nach ndearnadh an glao le haghaidh tograí go dtí déanach sa bhliain. Tá an leithdháileadh ar fáil do 2009.
G.4.	5,000	Níor thabhaigh Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann aon chaiteachas do ghnóthú sealúchais oidhreachta.
H.2.	1,334	Níor tháinig íocaíochtaí a raibh súil leo maidir le roinnt costas tríú páirtí an Bhinse Fiosrúcháin i gcrích laistigh den bhliain.
H.3.	8,450	Tharla an caiteachas íseal toisc gur cuireadh Clár Athghiniúna Uirbigh 2007-2013 ar fionraí.
H.4.	(275)	Cuireadh costais bhreise ar bhonn aonuaire i leith an 50ú comóradh de Chomórtas na mBailte Slachtmhara. Tharla costais mhéadaithe chomh maith toisc gur chuir líon iarrthóirí a bhí níos airde ná riamh isteach ar an gcomórtas.
H.5.	77	Bhí caiteachas pleanáilte níos lú ná mar a ceapadh toisc nár cuireadh roinnt costas ag baint le comhairliúchán i gcrích.
H.6.	40,000	Rinneadh forfheidhmiú Ciste Nuálaíochta na nGeataí a iarchur go dtí 2010 ar a laghad.
I.2.	1,036	Bhí caiteachais ilghnéitheacha beaga faoin bhfotheideal seo níos lú ná mar a ceapadh.

10 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

	Measta €	Bainte Amach €
1. Táillí iníoctha ag Údaráis Áitiúla, s.rl., le haghaidh iniúchadh a gcuid cuntas	2,007,000	2,542,647
2. Fáltas ón gCiste Árachais Shóisialta maidir le háitribh áitithe i gceangal le hÁrachas Sóisialta (An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993)	650,000	713,000
3. Fáltas ón AE d'eilimint FEOGA den Chlár um Shíochán agus Athmhuintearas	—	—
4. Fáltais MET Éireann	9,439,000	9,937,618
5. Cíosanna (lena n-airítear fáltais ó ligin na gcearta iascaireachta, s.rl.)	225,000	130,360
6. Seirbhísí ag Ionaid Chuairteora	115,000	19,045
7. Díolacháin Sealúchais	23,000	58,975
8. Táillí ag Páirceanna Náisiúnta agus Suímh Fhiadhúlra	761,000	652,337
9. Fáltais Ilghnéitheacha	297,000	163,421
10. Fáltais na gCuntas Díomhaoin	1,000,000	—
Iomlán	14,517,000	14,217,403

Míniúchán na nÉagsúlachtaí

1. Eisítear éilimh do tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear críoch le hiniúchtaí. Bhí fáltais níos airde ná mar a ceapadh toisc go bhfuarthas táillí a bhí gan íoc.
2. Léiríonn an toradh an fhoráil a rinneadh sa Chiste Árachais Shóisialta i Vóta 38 - Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.
4. Bhí ioncam ó tháillí tráchtála a ghearr Met Éireann níos airde ná mar a bhí measta.
5. Bhí ioncam níos lú ná mar a bhí measta. Cuimsíonn an fotheideal seo an t-ioncam ó chíosanna do ligin féarach eallaigh laistigh de Pháirceanna Náisiúnta agus Tearmainn Dúlra agus sealúchas eile. Faightear ioncam freisin ó lamháltais seomra tae i bPáirceanna Náisiúnta agus ó am go ham ó chomhlachtaí scannáin a bhaineann úsáid as Páirceanna Náisiúnta d'ionaid scannánaíochta. I ndáiríre, is féidir leis a bheith deacair chun leibhéil na leithghabhálacha-i-gcabhair a eascraíonn as an réimse seo a mheas.
6. Rinneadh rómheastachán ar na leibhéil fáltas a rabhthas ag súil leo do 2008 tar éis lamháltais seomra tae a shaincheadú i bpáirceanna náisiúnta mar aon le hísliú éigin i líon na gcuairteoirí.
7. Tharla an t-ioncam níos airde de bharr díolachán eallach ó Pháirceanna Náisiúnta.
8. Rinneadh rómheastachán ar leibhéil fáltais ceaptha. Níor leanadh ar aghaidh le táillí iontrála chuig roinnt áiseanna.
9. Bhí leithghabhálacha-i-gcabhair ilghnéitheacha maidir le horduithe iníoctha cealaithe agus as dáta agus fáltais ilghnéitheacha eile, a bhfuil deacair a mheas, níos lú ná mar a ceapadh.
10. Toisc nár tabhaíodh aon chaiteachas ar Fhotheideal F.6 ní raibh aon leithghabháil-i-gcabhair ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

11 TIOMANTAIS

(a) Tiomantais Domhanda

An figiúr domhanda do thiomantais gur dócha a thiocfaidh i gcrích i mbliain (mblianta) iartheachtacha faoi sholáthar agus fhotheidil deontais ná €326,206 agus 2,888,771,464 faoi seach.

(b) Tiomantais Chaipitiúla Il-Bhliantúla
(Tionscadail ar Chostas €12,697,380 nó níos mó)

1 Tionscadail Uisce/Séarachais	Caiteachas Carntha go 31 Nollaig 2007	Caiteachas i 2008	Blianta Iartheach-tacha
Tionscadal	**€000**	**€000**	**€000**
Scéim Séarachais an Inbhir Mhóir (Oibreacha Luathaithe)[2]	323	—	17,576
Scéim Séarachais Chill Dhéagláin/Ráth Tó/Chill Bhríde[2]	2,542	3,998	10,111
Séarachas Bhaile Brigín-Na Sceirí[1]	18,819	64	3,504
Scéim Séarachais Béal an Átha	16,102	—	240
Scéim Soláthar Uisce Bhaile Cúlann (Taiscumair Stórála)[1]	56,371	2,687	—
Ionad Cóireála Uisce an Bhaile Mhóir Céim 3[1]	7,768	24,698	19,142
Scéim Soláthar Uisce Bhéal Átha Seanaidh[2]	1,048	277	11,740
Scéim Soláthar Uisce An Bhóthair Bhuí [2]	4,472	8,461	8,046
Scéim Séarachais Bhré Sheangánach[2]	924	—	54,054
Séarachas Purláin Chaisleán an Bharraigh (gan Luathaithe & Sruth Éalaithe)[1]	33,302	1,921	6,040
Ionad Cóireála Uisce Clareville	11,974	14,604	5,023
Príomh-Dhraenáil Chorcaí (Oibreacha Cóireála)[1]	121,562	1,158	—
Séarachas Bhaile na Cúirte Riverchapel[1]	18,869	—	442
Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhá Dhún na nGall - Grúpa A (Conradh DBO - ag ionchorprú cuid de Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh & Ross Neamhlach)[1]	25,791	173	939
Séarachas Bhá Bhaile Átha Cliath[1]	320,483	33,920	14,536
Soláthar Uisce Imeall Bhaile Átha Cliath Thuaidh - Stóráil Shaileoige	26,050	—	396
Caomhnú Uisce Bhaile Átha Cliath (DRWRP)[1]	4,078	8,943	18,445
Príomh-Dhraenáil Dhún Dealgan[1]	72,758	—	500
Séarachas Dhún Garbháin[1]	30,447	370	615
Scéim Soláthar Uisce Oirthear Phort Láirge Céim 2, Pas 2[2]	11,850	324	5,177
Ceithre RWSS Ros Comáin[2]	—	5,692	61,307
Oibreacha Cóireála Príomh-Dhraenála na Gaillimhe	64,790	—	961
Ionad Cóireála Sloda Chill Dara	16,080	—	1,004
Scéim Soláthar Uisce Chill Dara Pas 1 (Scéim Astarraingthe Abha na Bearú Foirgneamh Leictreach CT Luathaithe)[2]	3,543	913	41,502
Straitéis WS Chill Dara, Pas 1 - Conradh Wellfield[1]	14,227	—	54
Séarachas Chnoc Mhuire Céim 1	15,604	—	294
Scéim Séarachais Bailte & Sráidbhailte Liatroma (Droim Dhá Thiar, Cionn Locha, Coillte Clochair, An Tulachán, Droim Caorthainn, Rúscaigh, Baile Shéamais, An Chluain, Droim Conga, Cill Fhearga & Baile na gCléireach)[2]	6,318	637	10,390
Príomh-Dhraenáil Luimnigh (Pas 1, 2 & 3) Bailiúchán & Cóireáil (lena n-áirítear ct 4.3)1	305,638	6,048	2,084
Scéim Soláthar Uisce Réigiún Láir Longfoirt [2]	243	—	12,691
Soláthar Uisce Réigiúnach Loch Measca (Cnoc Mhuire- Béal Átha hAmhnais) Scéim Séarachais Ghlenn na Life Íochtarach (Ionad Cóireála & Córas Bailiúcháin do Chill Choca, Teach Srafáin, Cill Dhroichid, Má Nuad & Léim an Bhradáin)2	30,425	—	646
Scéim Séarachais Bailte & Sráidbhailte Grúpáilte na Mí (Dún Uabhair, Damhliag, Baile Átha Buí, Cill Mhaighneann, Cnoc an tSamhraidh, Maigh nEalta, Ráth Charn & Ráth Molíain)1	1,175	—	15,530
	5,403	17,599	10,237

Tionscadal	Caiteachas Carntha go 31 Nollaig 2007	Caiteachas i 2008	Blianta Iartheachtacha
	€000	€000	€000
Séarachas Mhainistir na Corann[1]	23,619	1,843	668
Soláthar Uisce na hUaimhe Lár na Mí[2]	2,190	9,808	43,327
Séarachas na hUaimhe[1,3]	32,733	—	33
Scéim Séarachais Ros Mhic Thriúin[3]	2,507	9,409	1,574
Scéim Séarachais Phort Laoise (ag ionchorprú Bainistíocht Sloda Laoise)[1]	28,465	8,983	189
Scéim Soláthar Uisce Ardleibhéil Áth an Ghainimh[2]	2,440	—	10,830
Scéim Séarachais An Sciobairín[2]	891	11,776	1,127
RWS Loch Gill Shligigh	35,730	—	109
Ionad Cóireála Fuíolluisce Shligigh (Conradh DBO)(G)[1]	15,497	2,463	—
Séarachas Shord[1]	29,824	—	212
Ionaid Chóireála Fuíolluisce agus DBO Grúpáilte Thiobraid Árann[1,3]	15,244	230	—
SS Bailte & Sráidbhailte (17 Sráidbhaile) (Créach, Muinchille, Tuilse & Lios an Choill tosaithe)[1]	4,405	3,101	18,407
Soláthar Uisce Réigiúnach Tuaim (Céim 3)	16,815	—	520
Scéim Soláthar Uisce Réigiúnach Tuaim Leathnaithe go hÁth Cinn[1]	15,212	—	5
Scéim Séarachais Phort Láirge Céim 2[1]	34,520	4,673	700
Séarachas Chathair na Mart (Gan Cuid Luathaithe san áireamh)	49,925	—	662
Scéim Séarachais Chill Mhantáin (Lintéar Phlás Wentworth)	4,179	9,764	3,713
Iomlán	1,563,175	194,537	415,302

2 Tionscadail Tithíochta	Caiteachas Carntha go 31 Nollaig 2007	Caiteachas i 2008	Blianta Iartheachtacha
Tionscadail Tógála	€000	€000	€000
Baile Gadaí, Pas C, Leamhcán, Co. Bhaile Áth Cliath	20,211	—	5,260
Baile Gadaí, Pas E, Leamhcán, Co. Bhaile Áth Cliath	15,073	400	3,401
Carraig Phiarais Uachtarach, Cathair Phort Láirge	2,750	10,947	4,996
Collaghknock Glebe, Co. Chill Dara	7,170	8,158	3,414
An Cuisleán, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	11,650	—	3,093
Páirc na bhFia, Coill Tobair, Baile Átha Cliath 24	24,169	—	4,541
Fearann Cille, Deilgne, Co. Chill Mhantáin	5,292	6,235	3,308
Baile Uí Fhoirtcheirn, Pas B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	12,661	762	3,261
Baile Uí Fhoirtcheirn, Pas B2, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	16,918	—	5,931
Cnoc an Aitinn, Áth an Ghainimh, Co. Bhaile Áth Cliath	14,678	394	3,454
Cnoc an Ghúlaigh, Mala, Co. Chorcaí	—	7,434	25,293
Cill Charraig, Pas 3, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	1,000	—	17,849
Cnoc Naomh Iosaf, Bóthar an Bhlárna, Corcaigh	10,214	—	4,499
C.3.	1,442	Bhí laghdú ar na costais toisc gur cuireadh tionscadail áirithe siar de bharr baill foirne a bheith aistrithe go hobair teilifíse trastíre digití agus toisc táillí dlí a bheith níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta.
C.6.	486	Bhí laghdú ar na costais toisc go raibh na costais le haghaidh obair tástála teilifíse trastíre digití níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta.
D.1.	8,140	Bhí laghdú ar na costais toisc go raibh an t-éileamh níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta.
D.3.	10,517	Bhí laghdú ar na costais toisc go raibh cláir thaighde éagsúla de chuid Fhuinneamh Inmharthana Éireann ag céim réasúnta luath forbartha agus toisc gur tharla an próiseas comhairliúcháin maidir le Straitéis Taighde Fuinnimh an IERC (Comhairle na hÉireann um Thaighde Fuinnimh) níos déanaí ná mar a bhí réamh-mheasta.
E.1.	(99)	Barrachas mar go raibh íocaíocht i leith na gcostas a bhain le Measúnú Comhshaoil Straitéiseach Amach ó Chósta na hÉireann 2007 dlite in 2008.
E.2.	2,441	Bhí laghdú ar na costais ós rud é nár cuireadh tionscadail áirithe i bhfeidhm a bhí ag brath ar ghníomhaíochtaí eile agus ós rud é go ndearnadh foráil i gcomhair cásanna i leith cúiteamh mianadóireachta nár éisteadh leo in 2008.
E.3.	371	Bhí laghdú ar na costais toisc go raibh moill ar fhorbairt tionscadal agus ar íoc astu.
F.1.	2,027	Bhí laghdú ar na costais toisc go raibh an caiteachas caipitiúil ag an Loughs Agency níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta agus toisc an ráta malairte euro / steirling a bheith fabhrach.
F.2.	3,290	Bhí laghdú ar na costais de bharr uainiú na n-éileamh ar dheontais.
G.1.	686	Bhí laghdú ar na costais toisc (1) go raibh athrú ar mhodh maoinithe roinnt comhlachtaí agus (2) go raibh laghdú ar líon na gcomhlachtaí a fhaigheann maoiniú ón Roinn.
G.2.	250	Níor próiseáladh aon iarratas ar mhaoiniú in 2008.
G.3.	456	Bhí laghdú ar na costais toisc nach raibh gá leis na cistí teagmhais caipitil le linn 2008.

8 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

		Measta €	Réadaithe €
1.	Fáltais ó fhíneálacha agus fhorghéilleadh maidir le cionta iascaigh	50,000	24,589
2	Fáltais faoin Acht Forbartha Mianraí 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile, 1960	9,759,000	10,147,610
3	An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam (*Petroleum Infrastructure Support Group*)	216,000	233,408
4	Táillí ceadúnais chraolacháin	232,655,000	224,174,314
5	Fáltais ó Shuirbhéanna Geolaíocha	96,000	49,930
6	Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist	228,000	224,519
7	Ioncam ó Chonarthaí do Shuirbhéanna Geolaíocha	754,000	510,462
8	An Clár RAPID (Leithdháileadh na gCuntas Díomhaoin)	1,147,000	517,259
9	Pinsin NORA	119,000	—
10	Ilghnéitheach	2,000,000	1,362,609
	Iomlán	247,024,000	237,244,700

Míniú ar Éagsúlacht

1. Bhí na fíneálacha a gearradh níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta.
2. Barrachas toisc go raibh díolacháin níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta de shonraí maidir le taiscéalaíocht pheitriliam chomh maith le táillí cíosa agus iarratais breise ó cheadúnais nua.
3. Barrachas toisc go raibh méadú ar líon na gcomhlachtaí taiscéalaíochta amach ó chósta na hÉireann.
5. Easnamh toisc go raibh athrú ar an mbeartas maidir le sonraí SGÉ a scaipeadh.
7. Easnamh toisc go raibh dul chun cinn níos moille ná mar a bhí réamh-mheasta ar roinnt tionscadail le linn na bliana.
8. Easnamh toisc go raibh moill i gceist maidir le roinnt de na tionscadail arna maoiniú faoin scéim a thosú.
9. Easnamh toisc go raibh moill i gceist maidir le tús a chur le nósanna imeacht athbhreithnithe um íocaíocht pinsean.
10. Cuimsíonn na fáltais:

Ranníocaíocht pinsin ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann	248,369
Ranníocaíocht pinsin ó Choimisiún Craolacháin na hÉireann	413,848
Ranníocaíocht pinsin ón nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach	347,522
Costais a aisghabháladh ó chomhlachtaí eile	157,912
Próiseas Fíorúcháin na Coiribe	120,956
Ríchíosanna i leith Líonraí Cathrach	48,789
Eile	25,213
	1,362,609

9 GEALLTANAIS

(A) Gealltanais Dhomhanda

Is é an figiúr do ghealltanais neamhchaipitiúla ar dhócha teacht i gcrích sna blianta amach romhainn ná €82,651,000.

10 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €10,000 nó níos mó €
Ard-Dualgais, Dualgais Speisialta nó Dualgais Bhreise	147,115	85	3	21,247
Ragobair agus Freastal Breise	113,075	87	1	32,352
Ilghnéitheach	61,916	5	4	14,500
Iomlán an luacha saothair bhreise	322,106			

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

11 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

The Net allied Services Expenditure figure of €24,003,000 referred to in Note 1 is comprised of the following: Superannuation and Retired Allowance €20,032,000, Office of the Public Works €3,352,000, Garda Síochána €267,000; Central Fund - Ministerial Pensions etc €352,000.

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, tugadh €15,500,000 maidir le gnéithe caipitiúla Fhotheidil B.1., B.2., D.2. agus D.3. ar aghaidh go 2009.

Íocadh €275,982 maidir le costais éagsúla a tabhaíodh de bharr baint na Roinne le Binse Moriarty.

Díscríobhadh €74,318 maidir le cuideachta a chuaigh faoi leachtú.

Íocadh €29,562 le státseirbhíseach ar scor a fhaigheann pinsean státseirbhíse agus a athfhostaíodh ar bhonn táille.

Eisíodh €3,910 maidir le dámhachtainí fiúntais in 2008 a chuimsigh 43 dearbhán bronntanais de luachanna idir €65 agus €250 agus tabhartas amháin €20 chuig carthanacht.

12 MAOINIÚ AE

Cuimsíonn an toradh a thaispeántar d'Fhotheideal B1 le haghaidh 2008 caiteachas arna chomh-mhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Fuair Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt €191,000 ón AE in 2008 maidir le INTERREG IIIA.

13 COIMISIÚIN AGUS FIOSRÚCHÁIN, SRL.

Bunaíodh an Coimisiún Náisiúnta Bradán in 2000. B'ionann caiteachas ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin agus €16,291, agus mar sin b'ionann an caiteachas iomlán go 31 Nollaig 2008 agus €427,019.

14 CISTE CHLÁR UM BHONNEAGAR PEITRILLIAM

Ráiteas ar Fháltais agus Íocaíochtaí na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar Chiste Chlár um Bhonneagar Peitrilliam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2008	1,142,790
Íocaíochtaí 2008	(5,770)
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2008	1,137,020

15 STOIC

Chuimsigh stoic ar 31 Nollaig 2008:	**€000**
Trealamh TF	25
Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann	826
Stáiseanóireacht	20
	871

16 DLITE DON STÁT

Chuimsigh an méid a bhí dlite don Stát ar 31 Nollaig 2008:	**€000**
Cáin Shiarchoinneálach	635
Cáin Bhreisluacha	123
Géilleadh Deonach Pá	11
	769

17 DLITEANAS TEAGMHASACH

Tá féidearthacht ann go dtiocfaidh dliteanais airgeadais chum cinn i 2009 agus sna blianta ina dhiaidh ag brath ar thorthaí ghníomhartha AE agus dlíthiúla eile reatha, ar feithimh agus amach anseo. Ní féidir na méideanna a bheidh i gceist a ríomh ag an am seo.

18 RIALUITHE INMHEÁNACHA A FHEABHSÚ

Ráiteas ar rialuithe airgeadais inmheánacha sa ghnáthfhormáid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 in éineacht leis an gcuntas seo agus é curtha faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. San áireamh sna céimeanna atá glactha, nó beartaithe, chun córas rialuithe airgeadais inmheánacha na Roinne a fheabhsú tá:

Oiliúint ar Scileanna Airgeadais
In 2008, lean an Roinn ag díriú ar inniúlacht a fhorbairt i dtuairisciú agus i mbainistiú airgeadais. Tá an cur chuige níos dírithe seo tar éis cabhrú chun na próisis pleanála gnó agus tuairiscithe airgeadais a neartú a thuilleadh. Tá sé tar éis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí a leabú chomh maith le héifeachtacht eagraíochtúil agus cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn. Cuireadh tús le tuarascálacha míosúla feabhsaithe chuig an gCoiste Bainistíochta, a thug le chéile faisnéis thábhachtach faoin bhfeidhmíocht airgeadais agus neamhairgeadais. Cabhraíonn sé seo le cumas anailíse níos mó maidir le feidhmíocht chun aschuir, éifeachtacht agus luach ar airgead a thomhas, trí fhorbairt chuí acmhainní na Roinne. Tá Grúpa Rialaithe agus Bainistíochta Airgeadais Sinsearach fadbhunaithe ag an Roinn, a bhfuil sé d'aidhm aige cothú agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú leanúnach mholtaí Thuarascáil Mullarkey laistigh den Roinn agus ar fud na ngníomhaireachtaí faoina sainchúram.

Bainistíocht Riosca
Tá Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ag an Roinn atá ina chuid den phróiseas pleanála gnó do na Rannóga uile. Is é cuspóir an chláir seo ná rioscaí a aithint agus a mheas agus bearta a léiriú chun na rioscaí sin a d'fhéadfadh a bheith i ndán don Roinn a rialú agus a bhainistiú. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca monatóireacht ar fheidhmiú Chlár Bainistíochta Riosca na Roinne. Déantar athbhreithniú ar an gClár ar bhonn leanúnach.

AIDAN DUNNING
Oifigeach Cuntasaíochta
AN ROINN CUMARSÁIDE, FUINNIMH AGUS ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA
March 31, 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an d'Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithresa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Déanann Caibidil 23 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
4 Meán Fómhair 2009

TALMHAÍOCHT, IASCAIGH AGUS BIA

Cuntas den tsuim a caitheadh, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh, agus den tsuim a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm mar leithreasuithe-i-gcabhair ina theannta sin do:

-thuarastail agus caiteachais Oifig an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riaradh ag an Oifig úd, agus tuarastail agus caiteachais Choimisiún Talún na hÉireann agus roinnt deontas, fóirdheontais agus deontais-i-gcabhair agus roinnt deontas faoi scéimeanna nach bhfuil mórán airgid acu

-ghéilleadh iarchurtha leithreasuithe nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthar caipitil faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

	Seirbhís		**Soláthar don Mheastachán**	**Caiteachas**	**Fabhrúithe Deiridh**
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAL, PÁ AGUS LIÚNTAIS		240,497	233,532	—
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHÚ		14,783	15,231	82
A.3.	COSTAIS THEAGMHASACHA		9,924	8,510	418
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILICHUMARSÁIDE		7,349	6,761	(166)
A.5.	FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA		22,417	23,687	(1,638)
A.6.	COSTAS ÁITREABH OIFIGE		6,920	7,876	3
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA		100	225	(1)
A.8.	BEARTA BREISE CHUN LEASANNA AIRGEADAIS AN AE A CHOISAINT		700	690	(14)
A.9.	TREALAMH SAOTHARLAINNE		8,600	7,171	(33)
A.10.	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS		349	181	—
	CAITEACHAS AR CHLÁIR				
B.	TAIGHDE AGUS OILIÚINT		42,539	36,820	455
C.	SÁBHÁILTEACHT BIA (AGUS SLÁINTE PHOIBLÍ), SLÁINTE AINMHITHE AGUS LEAS AGUS FOLLÁINE PLANDAÍ				
	Meastachán Bunaidh	185,570			
	Meastachán Forlíontach	50,000	235,570	219,081	5,465
D.	TACAÍOCHTAÍ IONCAIM AGUS MARHGAIDH		19,415	13,885	216
E.	TACAÍOCHTAÍ IONCAIM I gCEANTAIR FAOI MHÍBHUNTÁISTE		257,000	255,823	302
F.	COMHSHAOL TUAITHE		331,838	312,450	(3,836)
G.	SO-GHLUAISTEACHT TALÚN (LUATHSCOR/ SCÉIMEANNA CÚNAIMH INSEALBHAITHE)		66,000	55,053	12,444
H.	FORBAIRT TALMHAÍOCHTA AGUS BIA				
	Meastachán Bunaidh	216,202			
	Meastachán Forlíontach	195,000			
	Forghéilleadh Iarchurtha	21,413	432,615	475,080	636,135
I.	FORAOISEACHT AGUS BITHFHUINNEAMH				
	Soláthar na Bliana Reatha	121,000			
	Forghéilleadh Iarchurtha	10,000	131,000	125,508	12,811
J.	IASCAIGH		32,003	28,329	490
K.	TEAGASC - DEONTAS-I-gCABHAIR LE hAGHAIDH COSTAS GHINEARÁLTA		132,514	127,364	—

	Seirbhís		Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhrúithe Deiridh
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
L.	AN BORD BIA - DEONTAS I gCABHAIR LE hAGHAIDH COSTAS GINEARÁLTA		27,505	26,851	—
M.	FORAS NA MARA - (DEONTAS I gCABHAIR)		32,339	31,069	—
N.	BORD IASCAIGH MHARA - (DEONTAS-I-gCABHAIR)		49,045	48,378	—
O.	UDARÁS CHOISAINT IASCAIGH MHARA		14,410	13,296	—
P.	AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS UISCESHAOTHRAITHE		475	410	—
Q.	TABHARTAIS BHIA CHÚNAIMH - AN CLÁR BIA DOMHANDA		9,960	11,960	—
R.	SEIRBHÍSÍ EILE		18,834	19,353	75
	An Mór Iomlán				
	Meastachán Bunaidh	**1,868,288**			
	Meastachán Forlíontach	**245,000**			
	Forghéilleadh Iarchurtha	**31,413**	**2,144,701**	**2,104,574**	**663,208**
	Bain de:				
S.	LEITHGHABHÁLACHA-I-GCABHAIR		**413,367**	**404,650**	**188,482**
	An Glan Iomlán				
	Meastachán Bunaidh	**1,454,921**			
	Meastachán Forlíontach	**245,000**			
	Forghéilleadh Iarchurtha	**31,413**			
			1,731,334	**1,699,924**	**474,726**

Farasbarr le tabhairt suas **€31,410,353**

Is cuid dílis den Chuntas seo an Ráiteas faoi na Polasaithe agus Prionsabail Cuntasaíochta agus na Nótaí ó Nóta 1 go dtí Nóta 16.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			1,699,924
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(9,801)		
Fáltas ó Dhiúscairt	54		
Dímheas	16,974	7,227	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim		(1,053)	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Méadú i bhFabhruithe Deiridh	484,524		
Méadú i Stoc	(1,653)	482,871	489,045
Caiteachas Díreach			2,188,969
Caitheachas a Taobhaíodh in Áit Eile			
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			67,503
Cíosanna Barúlacha			15,281
Costas Oibriúcháin			2,271,753

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			34,575
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 4)			4,188
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 14)		3,051	
Réamhíocaíochtaí		2,751	
Ioncam Fabhraithe		188,483	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Taisteal		426	
An Roinn Airgeadais		2,235	
Oifig na nOibreacha Poiblí		1,536	
Forbairt Cuanta		2,639	
Eile		13	
Iarmhéid an Phámhastir Ghinearálta agus Airgead Tirim	93,759		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	(84,505)	9,254	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		210,388	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fabhraithe		665,959	
Ioncam Iarchurtha		1	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Dlite don Stát (Nóta 15)	7,333		
Urrúis	2,294		
Díolachán / Tobhaigh maidir le Cuóta Bainne	445		
Cistí Bhord Bainne Cheantar Chorcaí & Bhord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath	642		
Táille maidir le Rial. Lotnaidicíd / Pá maidir le Lotnaidicíd	1,682		
Fáltais Bhreis iníochta don Státchiste	302		
Réiteach maidir le AIBP	1,472		
Ilghnéitheach	5,059	19,229	
Glandliteanas Don Státchiste (Nóta 5)		(3,126)	
Iomlán na nDliteanas Reatha		682,063	
Glan Dliteanais Reatha			(471,675)
Glan Dliteanais			(432,912)

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

	Trealamh Oifige/Innealra Eile	Troscán agus Feisteas	Iomlán
	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2008	193,145	12,373	205,518
Breiseanna	8,802	999	9,801
Diúscairtí	(1,058)	—	(1,058)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2008	200,889	13,372	214,261
Dímheas Carnatha			
Iarmhéid Tosaigh as 1 Eanáir 2008	153,279	10,437	163,716
Dímheas don Bhliain	16,497	477	16,974
Dímheas ar Dhiúscairtí	(1,004)	—	(1,004)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2008	168,772	10,914	179,686
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	32,117	2,458	34,575

Nótaí

1. Níl luacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh atá faoi úinéireacht na Roinne ar fáil. Coinnítear sceideal den talamh agus de na foirgnimh.
2. Bhí na tailte seo a leanas ar láimh ag an Aire, i gcomharbacht ar Choimisiún na Talún dó, ar an 31 Nollaig 2008:

Talamh talmhaíochta	20 heachtár
Talamh nach talamh talmhaíochta	343 heachtár

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2008

	Feidhmchláir Ríomhaireachta
	€000
Na Suimeanna a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2008	3,135
Íocaíochtaí Airgid Tirim na Bliana	1,053
Arna aistriú go dtí Clár na Sócmhainní	—
Na Suimeanna a tugadh ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2008	4,188

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2008

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le tabhairt suas	31,410	
Forghéilleadh Iarchurtha	—	31,410
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(34,536)
Glandliteanas don Státchiste		(3,126)
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Súiomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	9,254	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	6,849	16,103
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(7,333)	
Iarmhéid Creidmheasa: Fionraí	(11,896)	(19,229)
		(3,126)

6 FÁLTAIS BHREIS INÍOCTHA DON STÁTCHISTE

	€000
Ciste Pinsin Bhord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath	8
Iarmhéid Cuntas Fionraí a Géilleadh	826
Costais Dlí	3
Díolachán Talún le Comhairle Chontae na Gaillimhe	2,211
Díolachán Talún le Coláiste Chnoc na Trócaire, Corcaigh	17
Géilleadh Pá Deonach	13
Deontas na Gníomhaireachta um Chosaint Iascaigh Mhara	282
Aisíoc ó Teagasc	5
Iomlán	3,365

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA nDIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLATHÁR SA MHEASTACHÁN

Fo-mhírchean n	Níos lú / (Níos mó) ná an Soláthar	Míniú
	€000	
A.7.	(125)	Bhí gá le seirbhísí breise i rith na bliana d'fhonn na córais TE a chóiriú agus a fhorbairt i ndáil le feidhmeanna a bhaineann le cúrsaí Iascaigh a thabhairt isteach faoin Roinn.
A.10.	168	Bhí roinnt de na costais phá a bhain leis na bearta Athbhreithnithe maidir le Luach an Airgid nár cuireadh chun dochair faoin bhfo-mhírcheann seo, agus sábháil dá réir.
B.	5,719	Ní dhearnadh dóthain dul chun cinn ar na tograí maidir leis an gCiste Spreagtha Taighde 2007 go mbeadh airgead á tharraingt anuas roimh dheireadh na bliana.
C.	16,489	Tharla sábháil mar gheall nach raibh íocaíochtaí faoin Scéim Chúitimh maidir le hAisghlaoch Muiceola glanta lena n-íoc roimh dheireadh na bliana agus go mba lú ná mar a measadh ar dtús an caiteachas i ndáil le Scrapie agus ESB. Rinneadh an tsábháil sin a thabhairt isteach i bpáirt mar gheall ar ardú sa chúiteamh a íocaíodh faoin Scéim chun an Eitinn Bhólachta a Scriosadh a tháinig i gceist mar gheall ar ardú i líon agus i luach na n-imoibreoirí eitinne i rith na bliana 2008.
D.	5,530	Bhí an tsuim maidir le dícheadú de bharr ghlanadh na gcuntas ag an AE níos ísle na mar a measadh agus tharla sábháil freisin mar gheall ar leibhéal níos ísle ná mar a measadh ar dtús i ndáil le ceannachán idirghabhála agus na costais a bhaineann leis sin.
F.	19,388	Tharla leibhéal níos ísle iarratas faoin Scéim REPS 4 ná mar a bhiothas a thuar.
G.	10,947	Tharla leibhéal i bhfad níos ísle ná mar a rinneadh soláthar dó sna meastacháin i ndáil le glacadh leis an Scéim Luathscoir 2007-2013.
H.	(42,465)	Tharla an farasbarr de bharr leibhéal ard íocaíochtaí faoin Scéim um Bainistiú Dramhaíola Feirme a bheith dlite ag teannadh le deireadh na bliana.
J.	3,674	An mhoill maidir le ceadú an Chláir Oibriúcháin Náisiúnta i ndáil le tograí caipitil próiseála éisc agus dobharshaothraithe an phríomhchúis leis an tsábháil a tharla.
O.	1,114	Tharla costais pá agus ragoibre níos ísle ná ar a soláthraíodh dóibh ar dtús sna meastacháin mar gheall ar líon foirne níos ísle á bhfostú agus níos lú ragoibre á déanamh i gcalafoirt áirithe.
P.	65	Bhí an costas pá níos ísle ná mar a measadh mar gheall ar ísliú i líon na foirne agus moill maidir le folúntas a líonadh i rith na bliana.
Q.	(2,000)	Cuireadh €2m breise ar fáil don Chlár Domhanda Bia maidir le cúnamh bia don Aetóip.

8 LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR

		An Fo-mhírcheann Dochair	Measta	Iarbhír	Dliteanas/ Ioncam Fabhraithe
			€	€	€
1	Aisghabháil tuarastail, etc. i ndáil le hoifigigh ar iasacht le heagraíochtaí seachtracha	A.1.	1,000	—	—
2	Éarlaisí agus urrúis fhorghéillte faoi shocruithe maidir le hidirghabháil de chuid an AE, aisíoc easpórtála etc.		1,000	610,526	111,912
3	Aisíoc i ndáil le táillí maidir le seirbhísí scrúdaithe tréidliachta i monarchain éineola agus táillí cigireachta maidir le feoil		17,236,000	14,770,422	3,580,289
4	Fáltais ó tháillí scrúdaithe tréidliachta maidir le heaspórtáil beostoic		1,182,000	1,456,839	—
5	Fáltais ó tháillí i ndáil le seirbhísí cigireachta ar áitreabh déiríochta		5,000,000	4,866,900	3,719
6	RFáltais ó vacsaíní, beostoc, táirgí feirme, etc. a dhíol ag an Saotharlann Taighde Tréidliachta agus an fheirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais coraintín maidir le hInis Píc		744,000	846,629	272,537
7	Fáltais ó tháillí maidir le tástáil síolta, deimhniúchán, ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin, etc, agus ó Fheirm Bhacastúin	B.	1,897,000	2,261,446	314,986
8	Fáltais maidir le ceadúnais agus le díolachán agus léasáil ar bheostoc etc.	B.	36,000	29,623	1,659
9	Fáltais ó ranníocaíochta feirmeoirí i ndáil leis an gcostas a bhaineann le Galar Beithíoch a scriosadh	C.	5,005,000	5,272,263	22,034
10	Fáltais maidir le Coimisiún na Talún		544,000	659,571	—
11	Fáltais eile		120,000	913,997	17,193
12	Costais maidir le hidirghabháil sa mhargadh agus costais airgeadais maidir le bearta eile de chuid bhrainse FEOGA (Ráthaíocht)	D.	1,877,000	474,862	7,374
13	Caillteanais maidir le Stoc Idirghabhála, etc.	D.	1,000	—	7,357
14	PFN - Fáltais i ndáil le Ráthaíocht	E., F., G. & I.	355,014,000	346,824,519	174,898,345
15	Fáltais i ndáil le BSE	C.	6,855,000	6,469,202	6,277,912
16	An Ciste Tréidliachta	C.	1,950,000	1,637,420	1,550,000
17	Fáltais eile ón AE maidir le Ráthaíocht	D. & J.	1,405,000	2,060,725	—
18	An Plean Forbartha Náisiúnta - Fáltais Struchtúrtha	H. & I.	1,000	1,054,928	—
19	Fáltais ó fhíneáil agus ó fhorghéilleadh i ndáil le cionta iascaigh		245,000	470,755	—

		An Fo-mhírcheann Dochair	Measta	Iarbhír	Dliteanas/ Ioncam Fabhraithe
			€	€	€
20	Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1922 agus faoin Acht Maoine Stáit 1954		1,191,000	1,616,879	250,963
21	Aisghabháil maidir leis an AE i ndáil le caiteachas ar chaomhnú agus ar bhainistiú réimsí iascaigh		50,000	521,696	—
22	Táillí maidir le Ceadúnais Dobharshaothraithe		412,000	321,189	1,165,520
23	Fáltais IATI AE - Forbairt ar chúrsaí Dobharsaothraithe	J.	7,500,000	3,870,948	—
24	Fáltais IATI AE - Forbairt Iascaigh	J.	5,100,000	7,639,098	—
	Iomlán		413,367,000	404,650,437	188,481,800

Míniú i ndáil le hathraitheachas

2 Suim ainmiúil a ndearnadh soláthar dó, ó tharla é an-deacair na fáltais faoin gceannteideal seo a mheas roimh ré nuair is eachtraí nach féidir fios a bheith orthu tráth a mbíonn an meastachán á chur le chéile is cúis le haon fhorghéilleadh a tharlaíonn.

3 Tharla laghdú ar líon na n-ainmhithe a maraíodh i rith na bliana 2008 i gcomórtas leis an mbliain 2007, rud a d'fhág go mb'ísle suim na dtáillí a gearradh ná an tsuim a bhí á meas.

4 Is léiriú an t-ardú ar leibhéal na dtáillí a fuarthas ar líon níos airde beart cigireachta ná mar a bhí á mheas tráth ar cuireadh an meastachán le chéile.

6 Bailíodh níos mó táillí ná mar a bhí á mheas mar gheall ar mhéadú san obair sa Saotharlann Taighde Téidliachta Lárnach agus níos mó samplaí a chur faoi thástáil sna saotharlanna réigiúnacha i ndáil le galair víreasacha áirithe.

7 Bhí na fáltais ó tháillí maidir le síolta a dheimhniú níos airde ná mar a síleadh an tráth ar cuireadh an meastachán le chéile.

8 Tháinig laghdú ar líon na ndaoine a ghlac páirt sa Chlár Tuairisciú Caorach, agus mar thoradh ar sin bailíodh níos lú táillí ná mar a bhí réamh-mheasta..

9 Bhí fáltais níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta toisc gur bhain roinnt táillí a bailíodh i 2008 le gníomhaíocht na bliana 2007.

10 Is mar gheall ar bhlianachtaí iarmharacha ar coimeád i gcuntas faoi leith sa Bhanc Ceannais a aistriú go dtí an Vóta i rith na bliana an leibhéal fáltas a bheith níos airde ná mar a bhí á mheas.

11 Tá sé an-deacair na fáltais faoin bhfo-mhírcheann seo a thuar, mar a gheall ar a gcineál.

12 Léirítear leis na fáltais an leibhéal íseal táirgí a cuireadh isteach faoi idirghabháil agus an díolachán ar an stoc a bhí ann, rud a d'fhág ísliú maidir leis an aisghabháil i ndáil le costais idirghabhála.

15 Tharla na fáltais ar leibhéal níos ísle ná mar a measadh mar gheall gur tháinig laghdú ar líon na n-eachtraí BSE.

16 Bhí an costas iomlán a bhain leis an Scéim d'fhonn Eitinn Bhólachta a Scrios i rith na bliana 2007, a raibh aisíoc dlite ina leith ón AE i rith na bliana 2008 níos ísle ná mar a measadh ar dtús.

17 Is ionann na fáltais bhreise faoin gceannteideal seo agus aisíoc ar íocaíochtaí idirghabhála a tugadh ar éisc go príomha.

18 De réir na socruithe airgeadais maidir leis Cláir an Chiste Struchtúrtha a thabhairt chun críche, coinníonn an AE sciar de ranníocaíocht an AE go dtí go mbíonn na socruithe don chlár oibriúcháin curtha i gcrích go sásúil. Tháinig cuid den ranníocaíocht dheireanach sin níos luaithe ná mar a bhí súil leis ar dtús. Anuas air sin, is faoin gceannteideal seo a tháinig na cistí struchtúrtha iarmharacha a choimeádtar i gCuntas an Chláir Bia.

19 Bíonn luach na bhfíneálacha, óna gcineál, so-athraitheach agus ardaíonn siad nó íslíonn siad ag brath ar an ráta braiteoireachta, etc.

20 Ba mar gheall ar íocaíochtaí suntasacha aon uaire i ndáil le léasanna nua nó ceadúnais nua an leibhéal níos airde maidir leis na fáltais, chomh maith le roinnt airgid riaráiste i ndáil le léasanna roimhe seo.

21 Ní dhearnadh soláthar sa mheastachán don aisíoc a fuarthas ón AE i ndáil le caiteachas a ndeachthas ann i rith na bliana 2005 mar gheall nach raibh aon chinnteacht faoin dáta ar dhócha fáltas ina leith.

22 Is mar gheall nach raibh oiread iarratais ar athnuachán á bpróiseáil i ndáil le billí nach bhfuil an figiúr seo mar a measadh a bheadh.

23 Tharla caiteachas níos ísle ná mar a bhíothas a thuar i ndáil le tograí forbartha i gcúrsaí dobharshaothraithe agus bhí na fáltais ón AE níos ísle na mar a measadh dá bharr sin.

24 Cuireadh moill ar éilimh chuig an AE ar aisíocaíocht i 2007 toisc gur aistríodh feidhmeanna chuig an Roinn sin i Deireadh Fómhair 2007, agus bhí leibhéal fáltas níos airde á fáil i 2008 ná mar a bhí réamh-mheasta.

9 CEANGALTAIS

Amhail an 31 Nollaig 2008, is iad seo a leanas na tiomantais a d'fhéadfaí go n-eascróidh siad i 2009 agus sna blianta ina dhiaidh

	2009	blianta ina dhiaidh	iomlán
	€000	€000	€000
(a) Fáil	41	—	41
(b) Deontais			
Deontais infheistíochta caipitil	34,240	143,896	178,136
Taighde bia	12,500	39,291	51,791
Diúscairt chonablach	114	—	114
Foraoisiú	107,633	776,040	883,673
Bithfhuinneamh	209	—	209
Deontais don earnáil orgánach	1,852	—	1,852
Scéim Luathscoir	27,516	147,114	174,630
Scéim Chosanta Comhshaoil Tuaithe	226,614	192,271	418,885
Scéim athghlaoigh muiceola	164,963	—	164,963
Iomlán	575,641	1,298,612	1,874,253

10 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh	Líon na bhFaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Íochaíocht aonair uasta de €10,000 nó níos mó
	€			€
Dualgais níos airde,speisialta nó bhreise	2,134,868	779	15	18,030
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	10,035,843	1,689	335	53,055
Liúntais sealoibre agus uainchláir	311,458	51	5	11,079
Ilghnéitheach	1,704,828	2,327	24	44,750
Luach saothair breise in iomlán	14,186,997			

Nóta:

Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

11 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Rinneadh íocaíocht dheireanach dar luach €86,796 i ndáil le táillí dlíodóireachta agus costais a bhain le deontas a aisghabháil ó chuideachta a bhí á leachtú. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 26/2008 ar an 8 Bealtaine 2008)].

B'ionann an t-ús fabhraithe i ngeall ar éarlaisí in-aisíoctha maidir le ceadúnais imeall trá (tograí fuinnimh amach ón gcósta) agus €158,306 ar an 31 Nollaig 2008. Is ionann an dliteanas teagmhasach iomlán agus €658,306.

Íocaíodh suim €190,455 le duine den fhoireann mar réiteach maidir le gearán a rinneadh leis an gCoimisinéir um Chearta i ndáil le caillteanas ioncaim agus damáistí. [Fo-mhírcheann A. (Tag. na Roinne Airgeadais E171/07/07 ar an 11 Samhain 2008)].

Íocaíodh suim €174,624 le píolóta cuain mar réiteach ar chás a tugadh san Ard-Chúirt i ndáil le caillteanas ioncaim agus costais. [Fo-mhírcheann A. (Tag. na Roinne Airgeadais 66/2008 i mí na Samhna 2008)].

Rinneadh íocaíocht €59,500 le duine den fhoireann mar réiteach taobh amuigh den chúirt i ndáil le héileamh ar dhamáistí mar gheall ar ghortú pearsanta. [Fo-mhírcheann A. Ceadú tarmligthe na Roinne Airgeadais dar tagairt S90/1/00(C1/D1)].

Íocaíodh cúiteamh agus costais dlí agus costais ilghnéitheacha eile a bhaineann leis, dar luach iomlán €576,387 i ndáil le réiteach ar 13 éileamh faoin dlí a rinne daoine nach den fhoireann iad (Fo-mhírcheann A.).

Bhronn an Ardchúirt costais dlí de €1,367,028 ar chuideachta. [Fo-mhírcheann R. (Tag. Na Roinne Airgeadais 52/2008 ar an 1 Meán Fómhair 2008)].

Íocaíodh costais dlí dar luach €260,356 mar réiteach deireanach ar chúis a tugadh in aghaidh reachtaíocht na hiascaireachta. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 54/2008 ar an 9 Meán Fómhair 2008)].

Íocaíodh costais dlí dar luach €64,835 mar réiteach chríochnúil ar chúis a tugadh i ndáil le cúrsaí Iascaigh. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 60/2008 i mí Deireadh Fómhair 2008)].

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia dar luach iomlán €1,250,000 le 110 eagraíocht maidir le leas ainmhithe. [Fo-mhírcheann C. (S90/2004)].

Íocaíodh suim iomlán €689,907 i rith na bliana 2008 i ndáil le dámhachtainí fiúntais maidir leis an mbliain 2006 agus leis an mbliain 2007 faoin gComhaontú faoin mBuiséad Riaracháin. Bhí buntáiste ag 586 duine aonair agus 269 grúpa as seo.

Íocaíodh costais dlí dar luach €152,779 i ndáil le húinéir tréada a theacht ar réiteach maidir le héileamh faoi na Rialacháin faoi Ghalair a Scriosadh. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 106/2006 i mí na Nollag 2006)].

Rinneadh íocaíocht dar luach €200,000 mar réiteach i ndáil le héileamh faoin dlí ó dhaoine d'fhoireann Bhord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath agus d'fhoireann Bhord Bainne Cheantar Chorcaí. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 37/2008 ar an 29 Iúil 2008)].

Rinneadh íocaíocht dar luach €350,000 i ndáil le réiteach taobh amuigh den chúirt ar éileamh faoin dlí ó chuideachta feola. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 14/2008 ar an 29 Feabhra 2008)].

Rinneadh íocaíocht ex gratia dar luach €200,000 le feirmeoir faoi na scéimeanna maidir le galair a scriosadh. [Fo-mhírcheann C (Tag. na Roinne Airgeadais 53/2008 ar an 2 Meán Fómhair 2008)].

Rinneadh íocaíochtaí dar luach iomlán €159,629 i ndáil le réiteach taobh amuigh den chúirt ar chúis amháin agus costais dlí maidir le dhá éileamh eile faoi na rialacháin maidir le galair a scriosadh. [Fo-mhírcheann C. (Tag. na Roinne Airgeadais 05/2008, 08/2008 agus 71/2008)].

Rinneadh íocaíocht dar luach €329,171 i ndáil le Beef Expo Ireland 2008. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 06/2008 ar an 22 Eanáir 2008)].

Cuireadh ciste dar luach iomlán €93,299 ar fáil do Chumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann maidir le caomhnú, cothú agus úsáid acmhainní géinitice plandaí. [Fo-mhírcheann C. (Tag. na Roinne Airgeadais 22/2008 ar an 3 Aibreán 2008)].

Rinneadh íocaíochtaí dar luach iomlán €1,088,854 mar chúnamh do lucht curtha prátaí a raibh cur isteach díreach orthu ag lobhadh donn ar a gcuid prátaí. [Fo-mhírcheann C. (Tag. na Roinne Airgeadais 29/2008 ar an 29 Aibreán 2008)].

Rinneadh íocaíocht €100,000 i ndáil leis an gcostas a bhain le Comhdháil Dhomhanda Chónaidhm an Holstein-Friesian a eagrú. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 13/2008 ar an 21 Feabhra 2008)].

Rinneadh íocaíocht dar luach €18,264 mar chúnamh taca le Comhdháil Idirnáisiúnta Nuffield. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 34/2008 ar an 19 Bealtaine 2008)].

Íocaíodh cúnamh airgid €75,000 le Irish Shows Association Ltd. maidir le cúnamh taca do sheónna a bhain le cúrsaí talmhaíochta. [Fo-mhírcheann R. (Tag. na Roinne Airgeadais 47/2008 ar an 13 Lúnasa 2008)].

Baineann mórchuid an fhabhraithe faoi fho-mhírcheann H. leis an dliteanas atá ag seasamh amach i ndáil le deontais a ceadaíodh faoin Scéim maidir le Bainistiú Dramhaíola Feirme. Déantar foráil d'iarchur an dliteanais maidir le híocaíocht a bheadh dlite faoin scéim faoi Alt 12 an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

Rinneadh díscríobh maidir leis na suimeanna seo a leanas:

	Tagairt don Cheadú	**Suim €**
Táillí saotharlainne agus ús maidir le táillí scrúdaithe tréidliachta	Ceadú tarmligthe na Roinne Airgeadais tag. 14/2007	12,599
An Scéim um Luathscor ón bhFheirmeoireacht	Ceadú tarmligthe na Roinne Airgeadais tag. 14/2007	58,230
An Scéim um Chaomhnú na Timpeallachta faoin Tuath	Ceadú tarmligthe na Roinne Airgeadais tag. 14/2007	29,847

12 CISTÍOCHT DE CHUID AN AE

Tugadh isteach an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) faoi Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1290/2005 le héifeacht ó bhliain buiséid 2007 an AE (16 Deireadh Fómhair 2006 - 15 Deireadh Fómhair 2007). Déantar cistíocht faoin CERT ar íocaíochtaí díreach agus ar bearta cúnta sa mhargadh agus déantar comhchistíocht faoin CETFT ar bhearta forbartha tuaithe faoi chláir forbartha tuaithe ceadaithe. Tagann an CERT agus an CETFT faoi seach in áit an Chiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT).

Tagann bearta le cistíocht iomlán faoi CERT agus bearta le comhchistíocht faoin CETFT agus faoin Vóta i gceist le hobair na Roinne.

Tagann caiteachas i ndáil le beartaíocht a ndéanann an AE comhchistíocht ina leith faoin gCiste Treoraíochta CETRT agus an CETFT nua i gceist le Fo-mhírcheann C., D., E., F., G., H. agus J. Tagann caiteachas i ndáil le beartaíocht a ndéantar comhchistíocht ina leith faoi Chiste Tréidliachta an AE faoi Fho-mhírcheann C. freisin. Tagann caiteachas faoi Fho-mhírcheann J. i ndáil le beartaíocht a ndéanann an AE comhchistíocht ina leith tríd an Ionstraim Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh, 2000-2006 (IATI) agus an Ciste Eorpach Iascaigh, 2007-2013 (CEI).

Bíonn dliteanas teagmhasach i gceist gach bliain mar gheall ar aontú Choimisiún an AE le cinntí cuntasaíochta nó socrú go bhféachfaí le cistíocht de chuid an AE a aisghabháil. Déantar soláthar teagmhasach faoi fho-mhírcheann D. an Vóta i ngeall air sin.

Tugtar san áireamh sa Chuntas €4.320m úis a íocaíodh ar iasachtaí gearrthéarma €740m a tógadh ar iasacht i rith na bliana 2007 mar chiste don chaiteachas i leith Ráthaíocht CERT go dtí go bhfaighfí ar ais ón AE é. Íocaíodh ar ais na hiasachtaí maille le hús i rith na bliana 2008.

Tógadh suim iomlán €741m de chiste gearrthéarma ar iasacht i rith na bliana 2008 mar chiste don chaiteachas i leith Ráthaíocht CERT go dtí go bhfaightear ar ais é ón AE i rith na bliana 2009.

Caiteachas faoi bhainistíocht na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia le Ciste ón AE

Ráthaíocht CERT (beartaíocht ar ón AE an Ciste Iomlán ina leith)	**€m**	**Total €m**
An Scéim Aon Íocaíochta	1,298	
Préimheanna / Cabhair Curaíochta	—	
Aisíoc Easpórtála	14	
Cabhair Athstruchtúrtha maidir le Siúcra	149	
Bearta Speisialta Déiríochta	(6)	
Idirghabháil	—	
Bearta Ilghnéitheacha Eile	1	
		1,456
Fáltais Comhchistíochta (bearta arna gcomhchistiú ag an AE) [1]		
Talmhaíocht		
An Clár Forbartha Tuaithe CETFT 2007-2013 [2]	346	
Treoraíocht CETRT (Tréimhse an chláir 2000-2006)	1	
An Ciste Tréidliachta	8	
Idirghabháil sa mhargadh	—	
Fáltais Eile maidir le Ráthaíocht Comhchistíochta	14	
		369
		1,825

[1] Is í an Chomhchistíocht ón EA amháin a luaítear sa Tábla seo.

[2] Faoi Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1290/2005, déanann an AE comhchistíocht ar bhearta forbartha tuaithe faoin gClár Forbartha Tuaithe, 2007-2013, clár ilbhlianta arna cheadú ag an gCoimisiún. I measc na mbeart, tá an Scéim Bhunaithe d'Fheirmeoirí Óga, an Scéim Luathscoir, scéimeanna maidir le hInfheistíocht ar an bhFeirm, Scéim na Liúntas Cúitimh do Cheantair atá ar Chaolchuid Deiseanna agus an Scéim um Chaomhnú na Timpeallachta faoin Tuath

13 TABHARTAIS UM CHÚNAMH BIA (FOMHÍRCHEANN Q)

Is é an eagraíocht cúnaimh bia de chuid na NA an Clár Bia Domhanda agus feidhmíonn sé ar bhonn ranníocaíochtaí deonacha a bhronntar air go minic. Soláthraíonn an clár cúnamh bia do thíortha a bhfuil géarghá le bia iontu, cabhraíonn le tionscadail forbartha sóisialta agus eacnamaíochta a chur i bhfeidhm agus soláthraíonn faoiseamh d'íospartaigh thubaistí nádúrtha agus eile. Feidhmíonn an clár i tuairim is 80 tír. Bhronn Éire €10.44m ar an gClár Bia Domhanda i 2008.

Is é an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia an príomh-chomhaontú idirnáisiúnta ar sholáthar cúnaimh bia agus is cód iompair é ar na cleachtais is fearr agus is tiomantas cúnaimh bia bliantúil é. Bíonn an Clár Bia Domhanda i gceannas ar aon chúnamh a dheontar faoin gCoinbhinsiún agus úsáidtear é le cúnamh a sholáthar i gcásanna éigeandála. Bhronn Éire €1.52m ar an gCoinbhinsiún um Chúnamh Bia i 2008.

14 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2008:	**€000**
Soláthairtí saotharlainne, ábhar ceimiceach	289
Soláthairtí stáisiúnóireachta	68
Soláthairtí ríomhaireachta	145
Soláthairtí tréidlíachta	1,990
Beostoc	367
Stoc talmhaíochta	121
Soláthairtí sábháilteachta agus garchabhrach	63
Soláthairtí glantacháin	8
	3,051

15 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008 ná:	**€000**
Cáin Shiarchoinneálach	1,082
Cáin Bhreisluacha	513
Cáin Chonarthaí Iomchuí	21
Aoisliúntais	36
CBL Idirghabhála	(35)
An Roinn Airgeadais / Na Coimisinéirí Ioncaim	5,716
	7,333

16 RIALÚ INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Cuireadh ráiteas sa ghnáthfhormáid faoi na bearta rialála inmheánacha maidir le cúrsaí airgeadais i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2008 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in éineacht leis na cuntais seo. Tá roinnt deismireachtaí i bhfeidhm ag an Roinn d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn seast ar na córais maidir le bainistíocht agus rialáil ar chúrsaí airgeadais. Ina measc sin, tá Grúpa Athbhreithnithe maidir le Creidiúnú, Coiste Iniúchóireachta, Coiste Bainistíochta maidir le Cúrsaí Baoil agus an Meitheal Bainistíochta CFB.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe maidir le Creidiúnú, a bhíonn faoi chathaoirleacht an Rúnaí Ginearálta, athbhreithniú ar thorthaí bhearta iniúchóireachta de chuid an AE agus monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le ceisteanna rialála a shonraítear a réiteach agus na coinníollacha a bhaineann le creidiúnú a shásamh de réir mar atá leagtha síos sna rialacháin maidir le háisíneachtaí íoc an AE. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne, a bhfuil cúigear comhalta seachtrach air, athbhreithniú agus monatóireacht i ndáil le plean oibre Aonad na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc in aghaidh na bliana don Aire agus don Rúnaí Ginearálta maidir lena chur i bhfeidhm. Tagann an Roinn faoi iniúchóireacht de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Aonad na hIniúchóireachta Inmheánaí, Chúirt Iniúchóirí an AE, Choimisiún an AE agus chomhlachta deimhniúcháin neampsleách - comhlacht gairmiúil cuntasaíochta - a dhéanan deimhniúchán maidir leis na Cuntais Bhliantúla EAGF agus CETFT. Chuir an Rúnaí Ginearálta ráiteas dearbhúcháin ar fáil don chomhlacht deimhniúcháin maidir le Cuntais Bhliantúla an AE mar a éilítear faoi Rialachán 1290/2005 ón gComhairle. I rith na bliana 2008, tháinig an Roinn faoi 3,000 lá iniúchóra ó na heagrais sin.

Déanann an Coiste Bainistíochta maidir le Cúrsaí Baoil, a bhíonn faoi chathaoireacht an Rúnaí Ginearálta chomh maith,monatóireacht maidir le Clár Bainistíochta na Roinne maidir le Cúrsaí Baoil. Is é is cuspóir ghinearálta don chlár bainistíochta sin, na cineálacha is tábhachtaí baoil (ó thaobh cúrsaí straitéise, oibriúcháin, airgeadais nó clú) a thiocfadh idir an Roinn agus a cuid cuspóirí a thabhairt i gcrích, a shonrú agus a mheas agus bearta a leagan amach d'fhonn teacht roimh an mbaol. Déantar athbhreithniú mar gheall ar an gcás ar bhonn leanúnach. Lean an clár oibre go sásúil i rith na bliana 2008 agus tionóladh cruinniú den Choiste Bainistíochta maidir le Cúrsaí Baoil i mí Márta, mí Iúil, mí Meán Fómhair agus mí na Samhna.

Déanann an Meitheal Bainistíochta maidir le CFB stiúradh agus monatóireacht i ndáil le Creat Fhaisnéis Bhainistíochta na Roinne a thabhairt i bhfeidhm. Rúnaí Cúnta a bhíonn mar chathaoirleach ar an Meitheal. Táthar ag leanacht de thuairiscí bainistíochta lena mbaineann faoisnéis faoi tháscairí feidhmíochta i gcúrsaí airgeadais agus i réimsí seachas cúrsaí airgeadais, ar faoi mhaoirseacht an mheithil a cuireadh tús leo, a chur ar fáil.

Tá an Roinn lándúthrachtach faoin tslándáil maidir le córais theicneolaíocht an eolais agus na teileachumarsáide agus déantar athbhreithniú neamhspleách mar gheall orthu. Tá modhanna oibre leagtha síos, agus iad i bhfoirm scríofa, maidir le cóipeanna taca de na sonraí buntábhachta ar fad agus a n-aisghabháil, seirbhísí stórála sábháilte ar shuíomh faoi leith agus áiseanna aisghabhála i gcás tubaiste san áireamh. Tá aonad faoi leith sa Roinn ag plé le Slándáil TE agus bítear forghníomhach maidir le polasaithe i ndáil le slándáil TE a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Tagann socruithe slándála maidir le TEC faoi athbhreithniú de chuid rannóg na hiniúchóireachta TE san Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí. Anuas air sin, tagann an Roinn, ina hÁisíneacht Íoc di thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi iniúchóireacht Creidiúnaithe bliantúil a bhfuil athbhreithniú ar an mbainistíocht maidir leis an mbaol i gcúrsaí ríomhaireachta mar chuid de. Mar chuid den phróiseas Creidiúnaithe sin, roghnaigh an Roinn an caighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais maidir le Bainistíocht ar Shlándáil Faisnéise, a ghlacadh chuici féin mar bhonn leis an tslándáil i gcúrsaí TE.

Déantar an gá le hoiliúint a shonrú go leanúnach, an riachtanas a bhaineann le bainistíocht airgeadais san áireamh. Tá módúl mar gheall ar bhainistíocht airgeadais mar chuid don oiliúint a chuirtear ar Cheann Rannóige. Chomh maith leis sin tá ábhar oiliúnta intí ar fáil is féidir a chur ar fáil maidir le bainistíocht feidhmíochta agus táscairí, buiséadú, pleanáil agus tuairiscí bainistíochta. Bíonn an lámhleabhar maidir le modhanna oibre i gcúrsaí airgeadais faoi athbhreithniú go leanúnach agus leasaítear é maidir le haon chor nua sa réimse sin. Bíonn cóip de na modhanna oibre maidir le cúrsaí airgeadais ar fáil ar an gcóras ríomhaireachta ag gach duine d'fhoireann na Roinne chomh maith lena bheith ar fáil le haghaidh cúrsaí oiliúna. Rinneadh lámhleabhar creidiúnaithe leasaithe maidir le cúrsaí airgeadais a thabhairt chun críche agus a dháileadh ar an bhfoireann i rith na bliana 2008.

T. MORAN
Oifigeach Cuntasaíochta
AN ROINN TALMHAÍOCHTA, IASCAIGH AGUS BIA
31 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Talmhaíochta, Iasacaigh agus Bia. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna thuairim leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Déanann Caibidlí 24 go 26 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
4 Meán Fómhair 2009

IOMPAR

Cuntas ar an méid a caitheadh sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an méid a deonaíodh agus an méid a d'fhéadfaí a áireamh mar leithreasaí-i-gcabhair ina theannta sin, do Chúnamh Forbartha Oifigiúil áirithe, lena n-áirítear ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta áirithe a bhaineann le Cúnamh Forbartha agus le haghaidh tuarastail agus costais i ndáil leis.

	Seirbhís		**Soláthar Meastacháin**	**Caiteachas**	**Fabhruithe Deiridh**
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS		34,171	33,916	
A.2.	TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL		1,938	1,323	4
A.3.	COSTAIS TEAGMHASACHA				
	Meastachán Bunaidh	2,421			
	Meastachán Forlíontach	800	3,221	3,255	622
A.4.	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE		795	807	14
A.5.	FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE		1,688	2,297	27
A.6.	COSTAIS ÁITRIBH OIFIGE		925	1,274	16
A.7.	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHTA		1,608	1,008	49
A.8.	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNIÚCHÁIN POLASAÍ		125	165	
	BÓITHRE				
B.1.	FEABHSÚ/COTHABHÁIL BÓITHRE				
	Meastachán Bunaidh	2,298,175			
	Meastachán Forlíontach	(922)	2,297,253	2,286,205	
B.2.	CLÁR FORBARTHA THARLAITHE BÓTHAIR		100	76	
B.3.	Gníomhaireachtaí Sábháilteachta Bóthair agus Costais				
	Meastachán Bunaidh	44,152			
	Meastachán Forlíontach	923	45,075	44,222	1,412
B4	Costais Ceadúnuithe le haghaidh Tiománaithe agus Bheithiclí				
	Meastachán Bunaidh	14,034			
	Meastachán Forlíontach	6,200	20,234	20,199	
	IOMPAR POIBLÍ				
C.1.	ÍOCAÍOCHTAÍ AS SOLÁTHAR SEIRBHÍSE POIBLÍ				
	Meastachán Bunaidh	332,730			
	Meastachán Forlíontach	(655)	332,075	331,384	
C.2.	CLÁR INFHEISTÍOCHTA UM IOMPAR POIBLÍ				
	Meastachán Bunaidh	986,000			
	Meastachán Forlíontach	(7,669)	978,331	890,284	41
C.3.	GNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS COSTAIS IOMPAIR PHOIBLÍ				
	Meastachán Bunaidh	14,140			
	Meastachán Forlíontach	(2,500)	11,640	11,453	
	EITLÍOCHT SHIBHIALTA				
D.1.	ÁRACHAS UM IMSCRÚDÚ TIONÓISCÍ AERÁRTHACHA		595	552	(5)
D.2.	AERFOIRT RÉIGIÚNACHA				
	Meastachán Bunaidh	41,360			
	Meastachán Forlíontach	700	42,060	27,064	1,242
D.3.	ÍOCAÍOCHTAÍ LE hÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ DÍOLMHAITHE		2,558	3,003	
D.4.	SEIRBHÍSÍ EITLÍOCHTA ILGHNÉITHEACHA		245	385	
D.5.	COMHAR THUAIDH THEAS		6,000	5,060	

	Seirbhís			Soláthar Meastacháin	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
			€000	€000	€000	€000
	IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT MHARA					
E.1.	SÁBHÁILTEACHT MHUIRÍ AGUS GARDAÍ CÓSTA NA hÉIREANN			43,738	43,170	824
E.2.	CALAFOIRT MHARA AGUS LOINGEAS			3,861	3,475	
E.3.	AN TIONSCNSAMH TRASTEORANN			150	48	
	ILGHNÉITHEACH					
F.1.	RANNÍOCHAÍOCHTAÍ LE hEAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA					
		Meastachán Bunaidh	5,737			
		Meastachán Forlíontach	1,600	7,337	7,080	
F.2.	SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA					
		Meastachán Bunaidh	136			
		Meastachán Forlíontach	1,524	1,660	1,633	13
		An Mór Iomlán				
		Meastachán Bunaidh	**3,837,382**			
		Meastachán Forlíontach	**1**	**3,837,383**	**3,719,338**	**4,259**
	Bain de:					
G.	LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR			**610,889**	**609,587**	**121**
		An Glan-Iomlán				
		Meastachán Bunaidh	**3,226,493**			
		Meastachán Forlíontach	**1**			
				3,226,494	**3,109,751**	**4,138**

Farabarr le tabhairt suas **€ 116,743,251**

Tá an Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 16 mar chuid den Chuntas seo.

NÓTAÍ

1 EISCEACHTAÍ DO NA BEARTAIS GHINEARÁLTA CUNTASAÍOCHTA

Is é beartas na Roinne na sócmhainní a dhímheas ón dáta a cheannaítear iad. Cosúil leis sin is amhlaidh nach ndímheastar sócmhainní ach amháin anuas go dtí dáta a ndiúscartha agus ní mar a mhaítear in Alt 9 sa Ráiteas um Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta sa bhrollach leis na Cuntais.

2 Ráiteas UM Chostas Oibriúchán Do 2008

	€000	€000	€000
Toradh Glan			3,109,751
Athruithe sna Sócmhainní Caipitiúla			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(4,246)		
Diúscairtí in Airgead Tirim	—		
Dímheas	2,439		
Gnóthachan ar Dhiúscairtí	1	(1,806)	
Sócmhainní faoi Fhorbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim		(183)	
Athruithe sna Glan-sócmhainní Reatha			
Méadú I bhFabhruithe Deiridh	19,201		
Méadú I Stoc	(206)	18,995	17,006
Caiteachas Díreach			3,126,757
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit Eile			
Glanchaiteachas ar Seirbhísí Gaolmhara	14,118		
Cíosanna Barúlacha	1,250		15,368
Costas Oibriúcháin			3,142,125

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS AG 31 Nollaig 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			10,725
Sócmhainní faoi Fhorbairt (Nóta 5)			1,654
			12,379
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 15)		841	
Réamhíocaíochtaí		135	
Ioncam Fabhraithe		121	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Cnapshuim Scoir	596		
ONNP	334		
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	118	1,048	
Iarmhéid agus Airgead PMG	80,783		
Orduithe fós le Comhlíonadh	(1,751)	79,032	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		81,177	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fabhraithe		4,394	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
An Roinn Airgeadais	64		
Dlite don Stát (Nóta 16)	226		
Atáillí Pinsin	225		
Ginearálta	344	859	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 6)		79,221	
Iomlán na nDliteanas Reatha		84,474	
Glansócmhainní Reatha			(3,297)
Glansócmhainní			9,082

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

	Talamh agus Foirgnimh €000	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Mótar-fheithiclí €000	Sain-trealamh €000	Iomlán €000
Costas nó Luacháil an 1 Eanáir 2008	464	4,466	390	4,538	11,159	21,017
Suimithe	1,545	581	10	813	1,297	4,246
Diúscairtí*	—	(2,383)	—	—	(62)	(2,445)
Aistriú na Roinne Comhshaoil	—	10,746	91	—	—	10,837
Ollsócmhainní an 31 Nollag 2008	2,009	13,410	491	5,351	12,394	33,655
Dímheas Carntha						
Iarmhéid Oscailte an 1 Eanáir 2008	—	3,257	262	3,922	8,338	15,779
Dímheas don Bhliain	—	1,184	28	274	953	2,439
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(2,381)	—	—	(62)	(2,443)
Dímheas ar aistrithe ón Roinn Comhshaoil	—	7,092	63	—	—	7,155
Freastogail Mhuire MXD National School Autism Unit (Killahan), Killahan National School, Abbeydorney, Trá Li, Co Chiarraí	4,000
Free Mental Health Campaign t/a FREE, Marley Grange, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16	6,000
Friends of Sligo General Hospital, Sligo General Hospital, Co Shligigh	170,000
Friends of St. Ita's Community Hospital, Killoughteen, An Caisleán Nua, Co Luimnigh	80,000
Headway Ireland, Manor Street, Baile Átha Cliath 7	5,000
Helping Hands Adoption Facilitation Agency Ltd, Cnoc na Ceártan, Co Chorcaí	100,000
Home-Start Lucan, Ballyowen Lane, Leamhcán, Co Bhaile Átha Cliath	80,000
Hope Project, St Joseph, Ballinabearna, Béal Átha an Cheasaigh, Co Chorcaí	2,500
International Adoption Association, Terenure Enterprise Centre, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath 6W	12,000
Intro Art, Capel Street, Baile Átha Cliath 1	3,000
Irish Associaton of Suicidology, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo	12,000
Irish Chinese Contact Group, Frankfield, Corcaigh	10,000
Irish College of General Practitioners, Baile Átha Cliath 2	15,000
Irish Countrywomen's Association, Baile Átha Cliath 4	100,000
Irish Deaf Youth Association, Blessington Street, Baile Átha Cliath 7	5,000
Irish Foster Care Association, Ballinteer Road, Baile Átha Cliath 16	50,000
Irish Guide Dogs for the Blind, Model Farm Road, Corcaigh	100,000

Irish Haemochromatosis Association, Latturcan, Co Mhuineacháin	110,000
Irish Kidney Association, Park West, Baile Átha Cliath 12	500,000
Irish Motor Neurone Disease Association, Coleraine Street, Baile Átha Cliath 7	150,000
Irish Progressive Association for Autism Co. Ltd., Centre Park Road, Corcaigh	15,000
Irish Raynaud's and Scleroderma Society, Carraig an tSionnaigh, Baile Átha Cliath 18	10,000
Irish Red Cross - Roscrea Branch, Biorra, Co Uíbh Fhailí	7,500
Leitrim Lifestart, Cluainín, Co Liatroma	56,600
Lifestart National Office, Sligeach	4,000
Luimneach Senior Citizens Club, Baile an Churraigh, Luimneach	10,000
Liscarroll Community Council, Mala, Co Chorcaí	10,000
Little Way Cancer Support Centre, Claonadh, Co Chill Dara	70,000
Lixnaw Playground Project, Ballinclogher, Leic Snámha, Co Chiarraí	10,000
Lucan Active Retirement Association, Cill Droichid, Co Chill Dara	2,000
Mallow Day Care Centre Ltd., Mala, Co Chorcaí	15,000
Mental Health Ireland, Dún Laoghaire, Co Bhaile Átha Cliath	80,000
Mounttown Neighbourhood Youth Family Project, Dún Laoghaire, Co Bhaile Átha Cliath	78,800
Moylough Community Playschool Ltd, Béal Átha na Sluaighe, Co na Gaillimhe	10,000
Muscular Dystrophy Ireland, North Brunswick Street, Baile Átha Cliath 7	9,300
Nazareth Social Club, Church Hill, Sligeach	25,152
Neurological Alliance of Ireland, Coleraine Street, Baile Átha Cliath 7	1,500
North Kerry Together Ltd., Lios Tuathail, Co Chiarraí	20,000
Neurofibromatosis Association of Ireland, Séipéal Iosáid, Baile Átha Cliath 20	2,000
Open Heart House Ltd, St Mary's Place, Baile Átha Cliath 7	27,500
Order of Malta Care Project, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo	65,000
Pallasgreen Active Ireland, Pailís Ghréine, Co Luimnigh	2,500
Raheen Hospital Support Group, Raheen, Tuaim Gréine, Co an Chláir	70,000
Rialto Day Care Centre, Rialto, Baile Átha Cliath 8	35,700
Riding for the Disabled Association, Castlfin, Leifear, Co Dhún na nGall	15,000
Samaritans Ireland, An Charraig Dhubh, Co Bhaile Átha Cliath	200,000
Scoil Aonghusa Special School, Caiseal, Co Thiobraid Árann	50,000
Serenity Active Retirement, Dunmore, Cúil Dabhcha, Co Dhún na nGall	10,000
Setanta Special School, Beech Park, Stigh Lorgan, Co Bhaile Átha Cliath	10,000
Sharing Point, Seanchill, Baile Átha Cliath 18	40,000
Sophia Housing Association, Corcaigh Street, Baile Átha Cliath 8	20,000
Southill Family Resource Centre, O'Malley Park, Luimneach	15,000
St Aidans Day Care Centre, Millands, Guaire, Co Loch Garman	52,000
St Gabriel's Nursing Home, Ráth Eanaigh, Baile Átha Cliath 5	66,380
St Lukes Social Service Centre, Kilmore West, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 5	10,000
St Vincent's Day Care Centre, Tiobraid Árann	10,000
St. Michael's Family Life Centre, Church Hill, Sligeach	20,000
St. Paul's Special School, Beaumont Woods, Beaumont, Baile Átha Cliath 9	33,000
Suntower Gardens, c/o Scoil Mochua, Old Nangor Road, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22	20,000
Tallaght Travellers Youth Service (TTYS), Brookfield, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	20,000
Teen-Line Ireland, Old Bawn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24	26,000
Teen Parents Support Programme, Dunbar Street, Corcaigh	10,000
The Bridge Recovery Group Ltd, Turners Cross, Corcaigh	30,000
The Children's Sunshine Home (C.S.H), Leopardstown Road, Carraig an tSionnaigh, Baile Átha Cliath 18	128,000
The Holiday Home Project, Manor Street, Baile Átha Cliath 7	10,000
Tithe Cois Tra, Rathlacken, Carrowmorelacken, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo	6,960
Tithe Cois Tra - Daycare for Elderly and Disabled, Rathlacken, Carrowmore Lacken, Béal an Átha, Co Mhaigh Eo	2,000
Treoir, Gandon House, IFSC, Baile Átha Cliath 1	25,000
Tullaghan Community Playgroup Ltd., An Tulacháin, Co Liatroma	3,900
West Donegal Parents and Friends Association of the Mentally Handicapped, Lower Keadue, Ailt an Chorráin, Co Dhún na nGall	30,678
Iomlán	3,985,000

12 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2008:	**€000**
Páipéarachas	48
Ábhar Inchaite TF	25
	73

13 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008 ná:	**€000**
Cáin Ioncaim	528
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	194
Cáin Shiarchoinneálach	119
Cáin Bhreisluacha	22
Ranníocaíochtaí Pinsin	124
	987

MICHAEL SCANLAN
Oifigeach Cuntasaíochta
AN ROINN SLÁINTE AGUS LEANAÍ
31 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Déanann Caibidil 36 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
4 Meán Fómhair 2009

FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh, agus den tsuim ar féidir í a chur i bhfeidhm sa bhreis uirthi mar leithghabháil i gcabhair, do thuarastail agus costais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí faoi leith eile a chuireann an Fheidhmeannacht ar fáil, deontais ilghnéitheacha san áireamh.

	Seirbhís		**Soláthar don Mheastachán**	**Caiteachas**	**Fabhruithe Deiridh**
	RIARACHÁN	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
A.1.	TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS AGUS COSTAIS RIARACHÁIN EILE FSS CHORPARÁIDEACH				
	Meastachán Bunaidh	67,457			
	Meastachán Forlíontach	15	67,472	70,488	132,511
A.2.	LUACH AR AIRGEAD AGUS ATHBHREITHNITHE BEARTAIS		411	400	
A.3.	TIONSADAIL NÚALACHA SEACHADATA SEIRBHÍSE		12,000	5,390	
	SEIRBHÍSÍ				
B.1	FSS - CEANTAR RÉIGIÚNACH AN OIRTHIR				
	Meastachán Bunaidh	2,588,760			
	Meastachán Forlíontach	2,985	2,591,745	2,568,197	225,933
B.2	FSS - CEANTAR LÁR TÍRE				
	Meastachán Bunaidh	613,776			
	Meastachán Forlíontach	711	614,487	640,252	52,953
B.3	FSS -CEANTAR AN MHEÁN-IARTHAIR				
	Meastachán Bunaidh	820,820			
	Meastachán Forlíontach	950	821,770	812,088	74,361
B.4	FSS - CEANTAR AN OIR-THUAISCIRT				
	Meastachán Bunaidh	820,761			
	Meastachán Forlíontach	945	821,706	821,809	73,394
B.5	FSS CEANTAR AN IAR-THUAISCIRT				
	Meastachán Bunaidh	722,198			
	Meastachán Forlíontach	831	723,029	714,724	60,838
B.6	FSS - CEANTAR AN OIR-DHEISCIRT				
	Meastachán Bunaidh	1,045,816			
	Meastachán Forlíontach	1,203	1,047,019	1,064,751	94,722
B.7	FSS - CEANTAR AN DEISCIRT				
	Meastachán Bunaidh	1,434,229			
	Meastachán Forlíontach	1,651	1,435,880	1,396,274	153,440
B.8	FSS- CEANTAR AN IARTHAIR				
	Meastachán Bunaidh	1,170,135			
	Meastachán Forlíontach	1,346	1,171,481	1,158,910	95,508
B.9	DEONTAIS MAIDIR LE COMHLACHTAÍ ÁIRITHE SLÁINTE EILE, AGUS OSPIDÉIL DHEONACHA AGUS COMHBHOIRD SAN ÁIREAMH				
	Meastachán Bunaidh	2,233,964			
	Meastachán Forlíontach	37,131	2,271,095	2,196,692	256,888
B.10	FSS - SCÉIM SHEIRBHÍSÍ NA gCÁRTAÍ LEIGHIS				
	Meastachán Bunaidh	1,709,493			
	Meastachán Forlíontach	23,004	1,732,497	1,772,061	336,343
B.11	GNÍOMHAIREACHTAÍ SLÁINTE AGUS EAGRAÍOCHTAÍ EILE COSÚIL LEO (PÁIRMAOINITHE AS AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)		7,513	5,000	687
B.12	SEIRBHÍSÍ OSPIDÉIL, EISOTHAIR, INOTHAIR, AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN DO DHAOINE A THOLG HEIPITÍTEAS C DE BHARR GLOBAILÍN IMDHÍONACH ANTA-D A ÚSÁID AGUS MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ FAOIN ACHT SLÁINTE (LEASÚ) 1996		15,767	15,285	
B.13	MÍBHUNTÁISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA AGUS MÍCHUMAS (CISTÍ DÍOMHAOINE ARNA MAOINÚ)				
	Meastachán Bunaidh	10,000			
	Meastachán Forlíontach	4,000	14,000	13,397	

	Seirbhís		Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
	SEIRBHÍSÍ (ar lean)	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
B.14.	ÍOCAÍOCHT ISTEACH I gCUNTAS SPEISIALTA A BUNAÍODH FAOI ALT 13 DEN ACHT SLÁINTE (SCÉIM AISÍOCAÍOCHTA) 2006				
	Meastachán Bunaidh	150,000			
	Meastachán Forlíontach	86,000	236,000	236,000	
B.15.	ÍOCAÍOCHT ISTEACH I gCUNTAS SPEISIALTA A BUNAÍODH FAOI ALT 4 DEN ACHT UM BINSE CÚITIMH I NDÁIL LE HEIPITÍTEAS C (LEASÚ) 2006 - SCÉIM ÁRACHAIS		1,500	248	
B.16.	CÚRAM CÓNAITHE FADTÉARMA				
	Meastachán Bunaidh	920,000			
	Meastachán Forlíontach	(84,772)	835,228	830,633	
	SEIRBHÍSÍ CAIPITIL				
C.1	TÓGÁIL, TREALMHÚ AGUS FEISTIÚ SAORÁIDÍ SLÁINTE AGUS SAORÁIDÍ ARD-OIDEACHAIS MAIDIR LEIS AN gCLÁR CÉIME RÉAMHCHLÁRAITHE SAN ALTRACHT		544,181	549,269	76,426
C.2	TÓGÁIL, TREALMHÚ AGUS FEISTIÚ SAORÁIDÍ SLÁINTE (PÁIRMHAOINITE AS AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)		2,539	2,539	
C.3	CÓRAIS FAISNÉISE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ SLÁINTE		40,000	18,732	
	An Mór-Iomlán				
	Meastachán Bunaidh	**14,931,320**			
	Meastachán Forlíontach	**76,000**	**15,007,320**	**14,893,139**	**1,634,004**
	Bain de				
D.	LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR				
	Meastachán Bunaidh	**2,601,275**			
	Meastachán Forlíontach	**(346,000)**			
			2,255,275	**2,222,552**	**111,106**
	An Glan-Iomlán				
	Meastachán Bunaidh	**12,330,045**			
	Meastachán Forlíontach	**422,000**			
			12,752,045	**12,670,587**	**1,522,898**

Farasbarr le tabhairt suas **€81,458,151**

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 17.

NÓTAÍ

1 EISCEACHTAÍ NA mBEARTAS GINEARÁLTA CUNTASAÍOCHTA

Luach Saothair
Áirítear sna speansais fabhraithe i ndáil le luach saothair a tuilleadh go dtí 31 Nolllaig 2008.

Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitiúla
Áirítear i sócmhainní seasta inláimhsithe caipitiúla Talamh, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealamh, agus Mótarfheithiclí. Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ó 1 Eanáir 2005 amach ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Tá luachanna iompair na sócmhainní seasta inláimhsithe a thóg an HSE ar láimh ó chomhlachtaí réamhtheachtaithe san áireamh sa clár chomhardaithe tosaigh ar an lá bunaíochta, 1 Eanáir 2005, ag a gcostas/luacháil bhunaidh.

Ríomhtar dímheas chun costas/luacháil bhunaidh gach sócmhainn seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a thréimhse eacnamaíochta úsáideach ar mhodh díreach ag na rátaí seo a leanas:

Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas.
Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain
Foirgnimh Mhodúlacha (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain.
Obair idir lámha: gan aon dímheas.
Trealamh - ríomhairí agus córais ICT: dímheasta ag 33.33% sa bhliain.
Trealamh - eile: dímheasta ag 10% sa bhliain.
Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitiúla arna Fhorbairt
Níor cuireadh ráiteas ar leithligh san áireamh mar go bhfuil Sócmhainní Caipitiúla san áireamh mar Obair idir Lámha sa Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitiúla.

Stoic
Luaitear stoic ag a gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Is é atá sa ghlanluach inréadaithe ná na fáltais mheasta ar dhíolacháin lúide na costais a thabhófar dá ndíolfaí stoc.

Dliteanais Aibithe
Is iad na dliteanais aibithe ná sonraisc a íocadh i mí Eanáir 2009 ar sonraisc iad a bhí iníoctha roimh 31 Nollaig 2008.

Fo-mhírcheann B16 - Cúram Cónaitheach Fadtéarmach

Bunaíodh Fomhír B.16. in 2008 chun soláthar a dhéanamh ar chaiteachas do chúram baile fadtéarmach a bhí á muirearú cheana chuig fómhíreanna B.1. go B.8., chomh maith le caiteachas a raibh súil leis teacht chun cinn nuair a thabharfaí isteach an Scéim Fhóirdheontais Teach Altranais nua ("Fair Deal").

Lean gach aon Cheantar HSE ar aghaidh agus caiteachas ar chúram fadtéarmach á thabhú acu in 2008 agus rinneadh é sin a mhuirearú ar an mbealach céanna is a rinneadh roimhe seo. Ní raibh na córais chuntasaíochta a fuair FSS ó na comhlachtaí a chuaigh roimhe deartha chun tuairisc a dhéanamh ar bhunús cláir. Mar thoradh ar sin, níl FSS in ann an caiteachas a tabhaíodh ar chúram cónaitheach fadtéarmach i gceantair FSS aonair in 2008 a aithint go cruinn, agus dá bharr sin, cén caiteachas ar chóir a ghearradh chuig fo-cheannteideal B.1. go dtí B.8.

Mar sin, tá caiteachas a gearradh chuig fo-mhírcheann B.16 bunaithe ar chéatadán seasta de chaiteachas a gearradh chuig fo-mhírcheann B1 go dtí B8. Tá sé sin ag teacht leis an gcur chuige a tógadh agus an meastúcháin á shocrú. Mar thoradh ar sin, cé go bhfuil an méid a gearradh chuig an Vóta ceart, níorbh fhéidir na híocaíochtaí maidir le cúram baile fadtéarmach a bhí le muirearú chuig Fo-mhírcheann B.16 a aithint.

Tá sé beartaithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí Scéim Tacaíochta Tithe Altranais a thabhairt isteach sa ráithe deiridh de 2009. Tá gá le cur chuige nua i dtéarmaí bainistíocht a dhéanamh ar fo-cheannteideal B16, ina gcaithfear maoiniú a chuntasú ar bhonn othar aonair. Agus FSS ag ullmhú don gcur chuige seo, tá sí i mbun costas conaitheach fadtéarmach laistigh de gach saoráid FSS a ríomhadh ar bhonn leaba.

2 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000	€000
Glantoradh			12,670,587
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin Airgid Thirim	(345,665)		
Diúscairtí Airgid Thirim	639		
Dímheas	160,300		
Caillteanas ar Dhiúscairt	4,835	(179,891)	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha			
Méadú ar Fhabhruithe Deiridh	219,799		
Méadú sa Stoc	7,411	227,210	47,319
Costas Oibriúcháin			12,717,906
Imréiteach an Chostais Oibriúcháin chuig Caiteachas Aitheanta sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla			
Costas Oibriúcháin			12,717,906
Caiteachas ar freastalaíodh air ó Ioncam Eile			2,347,776
Caiteachas caipitil curtha de mhuirear an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais			345,665
Dímheas			(160,300)
Caillteanas ar Dhiúscairtí			(4,835)
Caiteachas de réir na gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			15,246,212
Caiteachas Ioncaim de réir an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais			14,683,044
Caiteachas Caipitil de réir an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais			563,168
Caiteachas de réir na gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			15,246,212

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			5,015,594
Sócmhainní Airgeadais			3
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 15)	119,914		
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	130,601		
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	77,303		
Iarmhéideanna Dochair: Fadtéarma	3,650		
Banc agus Airgead Tirim	25,025		
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta	61,769		
Iomlán na Sócmhainní Reatha		418,262	
Lúide Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe	263,105		
Fabhruithe	1,377,971		
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	21,361		
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fadtéarma	11,927		
Ioncam Iarchurtha	3,770	1,678,134	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Dlite don Stát (Nóta 16)	130,001		
Maoiniú ón AE	—	130,001	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 5)		4,458	
Iomlán na nDliteanas Reatha		1,812,593	
Glandliteanais Reatha			(1,394,331)
Glansócmhainní			3,621,266

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

	Talamh	Foirgnimh	Obair Idir Lámha	Trealamh	Feithiclí	Iomláin
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2008	2,024,749	2,425,839	444,320	1,026,284	85,028	6,006,220
Breiseanna	2,281	32,168	252,441	55,177	3,598	345,665
Aistriú ó Obair idir Lámha	375	232,531	(242,340)	36	9,398	—
Diúscairtí	(1,983)	(688)	(1,921)	(10,103)	(6,436)	(21,131)
Ollsócmhainní ag 31 Nollaig 2008	2,025,422	2,689,850	452,500	1,071,394	91,588	6,330,754
Dímheas Carnach:						
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2008		462,447		644,524	63,545	1,170,516
Dímheas don bhliain		64,271		84,638	11,391	160,300
Dímheas ar Dhiúscairtí		(87)		(9,492)	(6,077)	(15,656)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2008	—	526,631	—	719,670	68,859	1,315,160
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	2,025,422	2,163,219	452,500	351,724	22,729	5,015,594

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Tabhairt Suas ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2008

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		81,458
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(77,000)
Glandliteanas don Státchiste		4,458
Léirithe ag		
Féichiúnaithe		
Glanstaid PMG agus Airgead Tirim	86,794	
Iarmhéideanna Dochair: Fadtéarma	3,650	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	77,303	167,747
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 16)	(130,001)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: I&C speisialta	(11,927)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	(21,361)	(163,289)
		4,458

6 FÁLTAIS BHREISE INÍOCHTA DON STÁTCHISTE

Íocadh Fáltais Bhreise don Státchiste leis an Státchiste i 2008 arb ionann iad agus €0.517m i ndáil le díol talún agus foirgneamh.

Íocadh faltais státchiste breise ar bhfiú €3.506 milliún iad i ndáil le aisíocaíochtaí do cheannacháin maoine leis an Státchiste in 2008.

7 MINITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo-theid eal	Lúide /(Móide) a cuireadh ar fáil €000	Míniú
A.3.	6,610	Ceadaíodh tionscadail d'iomlán €5.9 milliún do mhaoiniú in 2008.
B.11	2,513	Ní íoctar Deontais an Chrannchuir Náisiúnta go dtí go gcomhlíontar coinníollacha an deontais. B'ionann na deontais gan íoc ag 31 Nollaig 2008 agus €0.687m.
B.15	1,252	Tugadh isteach gné árachais taistil na scéime i mí an Mhárta 2008.
C.3	21,268	Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a réamh-mheasadh toisc go raibh moill le cead a fháil do thionscadail áirithe.

8 LEITHGHABHÁIL-I-GCABHAIR

	€	Measta €	Réadaithe €
1. Fáltais ó ranníocaíochtaí sláinte		1,330,000,000	1,326,676,600
2. Aisghabháil ar chostas Seirbhísí Sláinte a cuireadh ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh			
Bunaidh	450,000,000		
Forlíontach	(350,000,000)	100,000,000	100,000,000
3. Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac		167,605,000	167,605,000
4. Aisghabháil ó Roinn Sláinte agus Slándála Sóisialta na RA ar a sciar d'Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar		170,000	149,714
5. Aisíoc ar chostais áirithe Scéime Seirbhísí Oftalmacha faoin gCiste Árachais Shóisialaigh		5,000,000	6,048,061
6. Aisíoc ar chostais áirithe Scéime Seirbhísí Déadacha faoin gCiste Árachais Shóisialaigh		8,500,000	9,289,825
7. Táillí do chothabháil cóiríochta poiblí agus leathphríobháidí in ospidéil phoiblí		315,000,000	263,059,809
8. Cuntais Dhíomhaoine - Míbhuntáiste Eacnamaíochta & Sóisialta			
Bunaidh	3,500,000		
Forlíontach	1,000,000	4,500,000	4,300,000
9. Cuntais Dhíomhaoine - Míchumas			
Bunaidh	6,500,000		
Forlíontach	3,000,000	9,500,000	9,097,028
10. Aoisliúntas		205,000,000	212,262,890
11. Fáltais Ilghnéitheacha		110,000,000	124,062,661
Iomlán			
Bunaidh	2,601,275,000		
Forlíontach	(346,000,000)	2,255,275,000	2,222,551,588

Míniú ar an Éagsúlacht

2. Rinneadh an dá Ranna Rialtais idirbheartaíocht ar an iocaíocht de €100m a rinne údaráis na Ríochta Aontaithe faoi Chomhaontú Aisíocaíochta Cúraim Sláinte na Ríochta Aontaithe-Eire. Léirigh sé comhaontú eatraimh ar mheastachán dhliteanas na Ríochta Aontaithe bunaithe ar dul chun cinn a baineadh amach agus torthaí na suirbhéanna a comhlánaíodh in 2008 san áireamh agus faisnéis costais a thabhairt cothrom le dáta. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis sin chun measúnú a dhéanamh ar an dliteanas i leith 2008 agus íocaíocht 2007 a rinneadh ar an gcuntas go dtí go mbeadh torthaí nua na suirbhéanna agus athbhreithniú breise ar fáil. Is ionann an soláthar san Imleabhar ar Mheastacháin Athbhreithnithe do 2009 agus €250m.

5. Bhí líon na n-éilitheoirí níos airde ná mar a réamh-mheasadh.

6. Bhí líon na n-éilitheoirí níos airde ná mar a réamh-mheasadh.

7. Mar thoradh ar an leasú ar an réim muirir le haghaidh na muirear fadchónaitheach bhí na fáltais níos ísle ná mar a réamh-mheasadh.

12. Bhí fáltais ilghnéitheacha níos airde ná mar a réamh-mheasadh.

9 CEANGALTAIS

Ceangaltais Iltaobhacha	**€000**
Ceangaltais is dóigh a thiocfaidh chun cinn sna blianta dár gcionn do:	
Fhotheideal Soláthair	196,942
Léasanna Oibriúcháin	46,585
Léasanna Airgeadais	41,442

Ceangaltais chaipitil is infheidhmithe le dlí	**NHO/PCCC**	**Caiteachas carnach go dtí 31 Noll 2008 €m**	**Le híoc sna blianta dar gcionn €m**	**Iomlán €m**
Tionscadail Chaipitil os cionn €6.35 milliún:				
Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh - Céim 2	NHO	100.62	0.24	100.86
Aonad Altranais Pobail (Aonad Caoga Leaba), Béal Átha na Sluaighe	PCCC	0.57	9.17	9.74
Aonad Altranais Pobail (100 leaba) - Baile Locha Riach	PCCC	0.73	13.00	13.73
Ospidéal na hOllscoile Corcaigh - Cairdiach Duánach	NHO	36.74	32.29	69.03
Ospidéal na hOllscoile Corcaigh - Uasghrádú Bonneagair	NHO	22.33	0.72	23.05
Ospidéal na hOllscoile Corcaigh - Aonad Máithreachais	NHO	78.39	0.75	79.14
Ospidéal Ginearálta Chiarraí - T & É	NHO	0.95	8.04	8.99
Bessboro , Co Chorcaí - Aonad Síciatrach do Leanaí & Óganaigh	PCCC	1.00	6.40	7.40
Aonad Altranais Pobail N. Muire, Cathair Chorcaí (Caoga Leaba)	PCCC	1.33	8.50	9.83
Ospidéal Pobail An Dainign	PCCC	12.98	1.49	14.47
Aonad Altranais Pobail Thrá Lí	PCCC	8.75	1.03	9.78
N. Dympna's, Garrán Kelvin, Ceatharlach- Aonad Míchumais Mheabhraigh	PCCC	6.04	2.90	8.94
Ospidéal N Eoin, Loch Garman, Forbairt - Céim 2	PCCC	11.12	2.10	13.22
Ospidéal N. Uinseann, Dún Garbháin, Co. Phort Láirge- Aonad nua tríocha leaba le hospidéal lae cúig áit déag	PCCC	8.18	2.07	10.25
Caiseal, Céim 2	PCCC	3.59	9.10	12.69
Córas Bainistithe Othar Lánpháirtithe	NHO	26.22	1.46	27.68
Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir - Bloc Máinliachta	NHO	13.37	3.50	16.87
Ospidéal N. Íde, Co Átha Cliath - Forbairt Chónaitheach	PCCC	12.34	3.22	15.56
Ospidéal Mhuire, Páirc an Fhionnuisce - Aonad Altranais Pobail	PCCC	18.82	0.35	19.17
Ospidéal Mhuire, Páirc an Fhionnuisce - CNU & Cistin Champais	PCCC	4.86	5.40	10.26
Ospidéal N Iósaf, Ráth Eanaigh- Aonad Altranais Pobail le Céad Leaba	PCCC	3.90	11.80	15.70
Ospidéal Muire Lourdes, Droichead Átha, Síneadh & Athchóiriú ar T&É	NHO	9.34	15.31	24.65
Ospidéal Bloomfield, Stocking Lane, Ráth Fearnáin, BÁC 16	PCCC	11.99	2.80	14.79
Ionad Sláinte Shráid an Phiarsaigh/an Bhaile Ghaelaigh	PCCC	9.84	3.56	13.40
Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Tulach Mhór- Trealamh & Coimisiúnú	NHO	24.04	1.91	25.95
Ospidéal Ginearálta, Muileann gCearr - Céim 2B	NHO	23.30	1.37	24.67
Clonbrusk, Áth Luain, Co na hIarmhí - Seirbhís Míchumais Lae	PCCC	3.85	3.50	7.35
CNU Chluain Sceach, BÁC 14 - Aonad Altranais Pobail le Céad Leaba	PCCC	6.98	7.81	14.79
Ospidéal San Séamas - t James's Hospital - PET Scanner	NHO	5.58	1.04	6.62
Ospidéal N. Uinseann - Príomhfhorbairt	NHO	198.59	1.50	200.09
Ospís N. Muire, Crois Araild	PCCC	3.13	7.37	10.50
Ospidéal Beaumont - Trealamh & Athchóiriú	NHO	39.20	0.68	39.88
Ospidéal Ortaipéadach Ionchorpraithe, Cluain Tarbh, Forbairt Chéim 2	PCCC	10.97	5.71	16.68
Forbairt Champas Ospidéal an Mater Teo.	NHO	24.11	8.30	32.41
Seomraí Radaíochta Oinceolaíochta	NHO	15.28	40.00	55.28
Seirbhí Otharcharanna	NHO	8.13	4.00	12.13
Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh	NHO	1.99	18.20	20.19
IOMLÁN		**769.15**	**246.59**	**1,015.74**

10 DLITEANAIS AIBITHE GAN A BHEITH SCAOILTE AG DEIREADH NA BLIANA

B'ionann iomlán na ndliteanas aibithe nach raibh scaoilte amhail 31 Nollaig 2008 agus €36,801,085.

11 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh	Líon na bhFaighteoirí	Daoine a fuair €10,000 ar a laghad	Íocaíocht Uasta aonair de €10,000 ar a laghad
	€'000			€
Liúntais	128,127	44,156	1,098	128,685
Ragobair	216,334	29,703	6,405	156,689
Dualgas oíche	80,327	36,007	300	17,024
Deireadh seachtaine	199,973	71,364	824	28,747
Ar dualgas	63,386	15,498	1,597	130,573
Eile	40,921	14,539	312	129,897
Luach saothair breise in iomlán	729,068			

Nóta 1: Fuair daoine aonaracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

Nóta 2: Baineann costais bhreise luacha saothair thuasluaite FSS le fostaithe FSS amháin.

12 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

D'íoc FSS €25.4m maidir le beartais árachais in 2008 agus léirítear é seo sa toradh d'Fhotheideal A.1.

San iomlán, bhí 1,834 éileamh gan íoc i gcoinne FSS le Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd ag deireadh 2008.

D'íoc FSS €1,700,186 breise maidir le héilimh éagsúla a rinnedh ina coinne agus a socraíodh i 2008, ar éilimh iad nár clúdaiodh faoi árachas.

Bhí 27 éileamh gan íoc ag FSS le haghaidh cúitimh ag 31 Nollaig 2008, ar éilimh iad nár clúdaíodh faoi árachas.

B'ionann na híocaíochtaí ex-gratia eile a rinneadh i rith 2008 agus €22,604 agus b'ionann íocaíochtaí ilghnéitheacha eile agus €555,693.

Chosain na scaoilíocaíochtaí a íocadh i 2008 €47,592 san iomlán.

Ba é €13,714,720. an méid iomlán a íocadh le foireann ar scor do sheirbhísí i 2008

Chosain aiscí (cnapshuimeanna as an áireamh) €1,837,672.

Íocadh €1,725,549 i 2008 ar phá feidhmíocht-bhainteach.

I rith 2008, dhíscríobh an FSS drochfhiacha arb ionann iad agus €9.326m agus d'ardaigh sé an soláthar do dhrochfhiacha de €9.2m.

D'íoc an FSS ús íocaíochta pras de €885,219 in 2008.

Rinneadh íocaíochtaí €887,288 i 2008 ag eascairt as dámhachtainí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais/na gCoimisinéirí um Chearta.

Stocks valued at €94,188 were written off in 2008.

Tá árachas ag FSS chun rioscaí dliteanais an fhostóra agus dliteanais phoiblí a chlúdach suas go teorainn slánaíochta, ar bhoinn ais-rátáilte agus bunráta. Ar an mbonn ais-rátáilte, ní chinntear ar an bpréimh dheiridh go dtí deireadh na tréimhse clúdaigh agus tá sé bunaithe ar eispéireas caillteanais FSS don tréimhse chéanna. Tá an coigeartú ais-rátáilte atá iníoctha ag FSS faoi réir uasteorainneacha agus íosteorainneacha. Amhail 31 Nollaig 2008, ní raibh sé indéanta an dliteanas a chainníochtú go cruinn, más ann dó, a d'fhéadfadh a theacht chun cinn amach anseo mar thoradh ar ais-rátáil. Is ionann na dliteanais uasta le haghaidh na n-éileamh ais-rátáilte, bunaithe ar leibhéil chomhaontaithe le haghaidh gach riosca inárachais agus €224,861agus €7,160,847 do dhliteanas an fhostóra agus do dhliteanas poiblí faoi seach. Íocadh gach préimh árachais ón 1 Eanáir 2001 ag bonnráta amháin agus ní aon ais-rátáil infheidhmithe chun an tréimhse ón dáta seo amach a chlúdach.

Thóg cógaiseoirí pobail cás Ardchúirte i 2007 chun forfheidhmiú a dhéanamh ar theidlíocht chonarthach i leith réamhíocaíochtaí le haghaidh scéimeanna cártaí leighis. Soláthraíonn conarthaí cógaisíochta pobail le haghaidh íocaíochtaí airgid thirim ar théarmaí 45-lá roimh na n-íocaíochtaí na n-éileamh iarbhír a thóg níos faide ná an tréimhse chreidmheasa seo le próiseáil de láimh, go stairiúil. Ó rinneadh an phróiseáil ar éilimh a uathoibriú, cuireadh deireadh le réamhíocaíocht le cógaiseoirí pobail mar go ndéantar éilimh iarbhír a íoc laistigh den amscála 45-lá seo. Rinne cógaiseoirí iarracht an réamhíocaíocht airgid thirim seo a thabhairt ar ais agus an soláthar sa chonradh a fhorfheidhmiú. Rinne an Roinn Leanaí agus Sláinte an cás a chosaint agus rinneadh an breithiúnas i bhfabhar na ngearánach. Tá an cás a achomharc leis an gCúirt Uachtarach cé nár socraíodh dáta le haghaidh na héisteachta go fóill.

Má sheasann an Chúirt Uachtarach le breithiúnas na hArdchúirte, tabharfar ar ais ach réamhíocaíocht agus déanfar íocaíochtaí aisghabhálacha ina leith, agus beidh costas isteach is amach le €70m ag baint leis seo i ndáil le riaráistí.

Tá éilimh ar leighligh déanta ag cógaiseoirí leis an FSS as mharcáil-suas miondíola ar tháirgí a dháileadh faoi théarmaí an chárta os cionn 70, táirgí a bheadh marcáil-suas níos miondíola orthu san áit nach mbeadh incháilithíocht i gceist. Is fiú 100milliún os cionn an méid de 30milliún atá á íoc faoi láthair. Thug Aontas cógasaíochta na hÉireann le fios nach mbeidh baint acu le hidirghabháil neamh-cheangailte ach sean go leanfaidh siad FSS tríd na cúirteanna mura bhfuil siad sásta leis an toradh.

Tá FSS i mbun roinnt éileamh a bhfuil imeachtaí dlí ag baint leo a bhféadfadh dliteanais eascairt astu, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is é beartas FSS cosaint a thabhairt do gach cás iomchuí agus in iarracht an beartas seo a shaothrú, is féidir léi socraíochtaí nach mbaineann admháil dliteanais leo a dhéanamh gan dochar. I bhformhór na gcásanna bheadh an leithéid sin d'árachas dóthanach chun gach costas a chlúdach, ach ní féidir bheith lánchinnte ina thaobh seo.

Tháinig deireadh leis an Scéim Aisíocaíochta Sláinte d'iarratasóirí nua an 31 Nollaig 2007 agus fuarthas 14,000 éileamh maidir le hothair beo agus 25,500 éileamh maidir le heastáit. Meastar go gcosnaíonn an scéim thart ar €438m go €458m anois. Fuair an Scéim roinnt iarratas maidir le hothair i dtithe altranais príobháideach a diúltaíodh ar an mbonn nach raibh siad cinntithe laistigh de scóp na Scéime. Tionscnaíodh imeachtaí i 302 cás, a bhaineann le hothair a chaith am i saoráidí tithe altranais príobháideach. Ní dheachaigh aon cás díobh seo ar aghaidh chun éisteachta go fóill. Mar thoradh air sin, breithnítear é a bheith míchuí aon dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, a mheas nó na neamhchinnteachtaí a bhaineann leo a mhionshonrú mar go bhféadfadh a leithéid dochar a dhéanamh do thoradh imeachtaí na cúirte.

13 MAOINIÚ ÓN AE

Áiríonn an toradh le haghaidh fho-mhírcheann C.1. caiteachas a cómhaoiníodh faoin Tionscnamh INTERREG III ó Chiste Forbraíochta na hEorpa.

14 MAOINIÚ ÓN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA

Íocaíochtaí sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

Bloc-leithdháiltí do Limistéir FSS	**€**
Údarás Réigiúnach an Oirthir	1,674,046
Lár-Tíre	321,564
An Meán- Iarthair	480,907
An Iarthuaisceart	372,850
An tOirthuaisceart	618,423
An tOirdheisceart	600,457
An Deisceart	490,498
An tIarthar	441,701
Iomlán	5,000,446

15 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2008	**€000**
Soláthairtí Leighis, Fiaclóireachta agus Máinliachta	37,290
Soláthairtí Saotharlainne	6,794
Soláthairtí Cógaisíochta	21,340
Stoic Chógaisíochta Ard-Teic	18,890
Stoic Fhodháilte Chógaisíochta	2,464
Fuil agus Táirgí Fola	1,535
Stoic Vacsaíní	19,430
Seirbhísí Tí	9,155
Páipéarachas agus Soláthairtí Oifige	2,583
Nithe eile	433
Iomlán	119,914

16 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008 ná:	**€000**
Cáin Ioncaim	61,355
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	42,881
Cáin Shiarchoinneálach	20,311
Cáin Bhreisluacha	5,454
Iomlán	130,001

17 RIALÚ INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Tá ráiteas leis gCuntas seo chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar riaradh airgeadais inmheánach sa ghnáthfhormáid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

I rith 2008 choimisiúnaigh mé athbhreithniú seachtrach ar riaracháin airgeadais san FSS. Cé nach raibh sé coimisiúnaithe chun críche Ráiteas ar Riaradh Airgeadais Inmheánach a chur ar an eolas, ba iad seo téarmaí tagartha an athbhreithnithe:
• Athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe reatha airgeadais agus na tuairiscí reatha airgeadais;
• Tuairim a chur in iúl maidir le hoiriúnacht don fheidhm eagraíocht reatha airgeadais FSS;
• Iniúchadh a dhéanamh ar an idirghníomhú idir stiúrthóirí airgeadais agus eile laistigh de FSS chun measúnú a dhéanamh ar shocruithe cuntasachta na Stiúrthóirí;
• A shainaithint laistigh de na córais reatha agus de na srianta acmhainní cén chaoi is fearr le soláthar a dhéanamh chun leasa an POF.
• Cuidiú le suí airgeadais ionas go dtacóidh sí leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Cuireadh an tuarascáil ar Athbhreithniú ar Riaradh Airgeadais sa FSS faoi mo bhráid Eanáir 2009 agus d'athbhreithnigh agus phlé an Coiste Iniúchta é ag a gcruinniú in Eanáir 2009. Ceann de na téamaí a tháinig aníos arís agus arís eile le linn an athbhreithnithe iomláin ná an tsriain a bhí á cur ar sholáthar Airgeadais toisc nach raibh córas cuntasaíochta oiriúnach don fheidhm ann. Chun an réiteach is fearr le haghaidh soláthar Airgeadais i FSS a bhaint amach beidh gá le córas airgeadais amháin náisiúnta agus táthar i mbun réitigh chun é sin a bhaint amach. Mar sin féin, táthar ag leanúint le feabhsuithe breise eile agus á seachadadh, fiú gan réiteach córais i láthair. Is i dtreo na nithe inseachadta seo a bhí moltaí na tuarascálacha dírithe. Cuireadh na moltaí le chéile faoi cheannteidil loighciúla maidir leis an Ról Airgeadais, Struchtúr na hEagraíochta, roinnt Príomhnithe Inseachadta, Daoine, Córais agus Céimeanna Eile.

Tá an lucht bainistíochta ag leanúint na moltaí le haghaidh cur i bhfeidhm pleananna struchtúrtha.

Chuir an tAire Sláinte agus Leanaí Grúpa Oibre ar bun, a bhfuil an tUasal Tom Considine ina chathaoirleach air agus ar a bhfuil ionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí, an Roinn Airgeadais agus FSS, tar éis Cinnidh ón Rialtas iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna cuntasaíochta áirithe a bhain le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Bhain príomhfhócas an ghrúpa oibre leis an idirghníomhú idir Cuntasaíocht Vóta agus Ioncam agus Caiteachas (cuntais fabhraithe) agus go háirithe an chaoi is fearr a bhféadfaí an t-idirghníomhú sin a bhainistiú chun an t-uasluach a bhaint amach do FSS, don Rialtas, do Dháil Éireann, do Ranna Rialtais agus don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Seo a leanas téarmaí tagartha an Ghrúpa Oibre:
• Athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhthéacs ailt 20 agus 36 den Acht Sláinte 2004, ar na Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus na Cuntais Leithghabhála a ullmhaíodh go dtí seo i ndáil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Vóta 40;
• Cur síos ar fhormáid agus ar ábhar:
  - na gcuntas ioncaim agus caiteachais atá i bhfeidhm ag FSS
  - Chuntais Leithghabhála bliantúla FSS i bhfianaise struchtúr Vóta 40 le haghaidh FSS;
• Saincheisteanna ag eascairt ó chomhfheidhmiú an dá cheanglas cuntasaíochta a shainaithint agus a mheas, le haghaidh FSS, na Roinne Sláinte agus Leanaí, na Roinne Airgeadais, an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Oireachtais;
• Breithniú a dhéanamh ar bhealaí d'fhonn feabhas a chur ar an tuiscint ar an dá Shraith de Chuntais FSS agus ar a mhéad atá siad de réir a chéile ag féachaint le feabhas a chur ar thrédhearcacht iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na cuntais agus breithniú na Rann agus an Oireachtais orthu;
• Iniúchadh a dhéanamh ar an ngá, nó gan gá a bheith, le leibhéal caiteachais sainithe a shocrú le haghaidh FSS gach bliain;
• Iniúchadh a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheadh ag meicníocht rialaithe dá leithéid le haghaidh an phróisis mheastacháin, le haghaidh shocrú bhuiséad FSS agus na tuairiscíochta baintí chun críche Ioncaim agus Caiteachais; agus
• Moltaí a dhéanamh dá réir.

Thuairisc an Grúpa Oibre don Rialtas i Márta 2009. Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil. Tá an bhainistíocht ag ullmhú pleananna feidhmithe do mholtaí na tuarascála.

De bhreis ar na hathbhreithnithe seachtracha, rinne foireann tionscadail ar a raibh bainisteoirí sinsearacha a bhfuil saineolas acu i sainréimsí an airgeadais, na hiniúchóireachta agus an rialaithe, athbhreithniú foirmiúil inmheánach ar éifeachtacht chórais inmheánaigh airgeadais FSS. Rinneadh athbhreithnithe foirmiúla ar na córais inmheánacha airgeadais i mblianta roimhe sin agus dá bharr sin cuireadh teimpléad ar bun a úsáideadh chun an t-athbhreithniú seo i 2008 a dhéanamh. Bhí na céimeanna seo a leanas i gceist san athbhreithniú:

• Meastachán ar an dul chun cinn in aghaidh cur i bhfeidhm an mholta a bhí sna tuarascálacha roimhe seo.
• Meastachán ar an dul chun cinn in aghaidh cur i bhfeidhm an mholta a bhí sna tuarascálacha roimhe seo.
• Measúnú ar an mhaolú ar rioscaí féideartha na bainistíochta a d'ainmnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C);
• Athbhreithniú ar Thuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh agus litreacha bainistíochta an ARC&C;
•Agallaimh dhéthaobhacha struchtúrtha le sampla ionadaíoch de bainisteoir lena n-áirítear baill den fhoireann bainistíochta chorparáidí agus bainisteoirí eile a roghnaíodh go randamach ó gach cuid den eagraíocht.

Scaipeadh tuarascáil na foirne tionscadail ar gach bainisteoir sinsearach i mí an Mhárta 2009. Go hachomair, an tátal foriomlán a baineadh as an athbhreithniú seo ná cé go bhfuil an timpeallacht rialaithe, na próisis um rialú agus bainistiú riosca agus na socruithe dearbhúcháin éifeachtach tríd is tríd, tá cúpla réimse ina moltar sainbhearta a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus comhdhlúthú a dhéanamh ar fheabhsúcháin atá le sonrú ón tuarascáil dheireanach. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí na bainistíochta le linn 2009.

AN tOLLAMH BRENDAN DRUMM
Oifigeach Cuntasaíochta
FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE
31 MÁRTA 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Leasú, 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Tabhair aird ar Nóta 1 den Chuntas a nochtaíonn an bunús a ndearnadh caiteachas a mhuirearú chuig Fó-mhír B.16 – Cúram Baile Fadtéarmach. Mar gheall ar nádúr chóras cuntasaíochta an HSE, ní raibh mé in ann a rá go cinnte go bhfuil an toradh ar aon cheann de na fó-mhír B.1 go B.8 agus Fó-mhír B.16 luaite go cruinn, cé go bhfuil an tsuim a muirearaíodh i leith na bhfó-mhíreanna agus an Vóta ceart.

Is é mo thuairim, seachas tionchair aon choigeartaithe do Fó-mhíreanna B.1 go B.8 agus Fó-mhír B.16 a bhféadfadh go raibh gá leo dá mbeadh an fhaisnéis chuntasaíochta chuí maidir le caiteachas ar cúram baile fadtéarmach ar fáil, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Déanann Caibidil(Caibidlí) X (agus/go Y) de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus thuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEAN O BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
4 September 2009

OIFIG AN AIRE LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE

Cuntas an tsuim caite, sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008, i gcomparáid leis an suim a deonadh agus an suim a d'fhéadfaí a leagan síos mar leithghabháil-i-gcabhair anuas air sin, chun seirbhísí áirithe a sholáthar maidir le leanaí agus gnóthaí óige, agus deontais ilghnéitheacha san áireamh deontais-i-gcabhair.

	Seirbhís		Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
	ÍOCAÍOCHTAÍ CÚRAM LEANAÍ	**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
A.	ÍOCAÍOCHT LUATHCHÚRAM LEANAÍ		506,000	480,000	(12,452)
	CLÁIR CHÚRAM LEANAÍ				
B.	CLÁR NÁISIÚNTA INFHEISTÍOCHTA CÚRAM LEANAÍ		175,142	153,326	—
C.	CLÁR LUATHIDIRGHABHÁLA DO LEANAÍ (MAOINITHE AG CUNTAIS DHÍOMHAOINE)		3,000	3,000	—
	STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM LEANAÍ (SNL)				
D.	SNL- STAIDÉAR FADAIMSEARTHA AGUS CLÁIR EILE		8,535	8,288	(419)
D.1.	CISTE DEONTAS I gCABHAIR DO SPEANSAIS GHINEARÁLTA EAGRAÍOCHTAÍ ÓIGE AGUS CAITEACHAS EILE MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ ÓIGE				
	Meastachán Bunaidh	—			
	Meastachán Forlíontach	1	1	—	—
D.2.	CISTE DEONTAS I gCABHAIR DO SPEANSAIS GHINEARÁLTA EAGRAÍOCHTAÍ ÓIGE AGUS CAITEACHAS EILE MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ ÓIGE (PÁIRTMHAOINITHE AG AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)				
	Meastachán Bunaidh	—			
	Meastachán Forlíontach	1	1	—	—
	SEIRBHÍSÍ EILE				
E.	COSTAIS MAIDIR LE REIFREANN BUNREACHTA A REÁCHTÁIL UM CHEARTA LEANAÍ		3,000	—	—
	Móriomlán				
	Meastachán Bunaidh	**695,677**			
	Meastachán Forlíontach	**2**	**695,679**	**644,614**	**(12,871)**
	Bain de:				
F.	**Leithghabhálacha-I-gCabhair**		**20,283**	**25,291**	**—**
	Glaniomlán				
	Meastachán Bunaidh	**675,394**			
	Meastachán Forlíontach	**2**			
			675,396	**619,323**	**(12,871)**
	Farasbarr le tabhairt suas			**€56,072,605**	

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 11.

NÓTAÍ

1 EISCEACHT DO PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA GINEARÁLTA

Íocaíochtaí

Baineann an muirear faoi fhomhírcheann A. le híocaíochtaí chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh don Scéim Íocaíochta Luathchúraim Leanaí. Is ionann bunús an mhuirir agus an tsuim iomlán a bhí ar an sonrasc a chuir an Roinn sin isteach.

2 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2008

	€000	€000
Toradh Glan		619,323
Athruithe i Sócmhainní Caipitil		
Ceannacháin in Airgead Tirim	—	
Dímheas	—	
Athruithe i nGlansócmhainní Reatha		
Laghdú i bhFabhruithe Deiridh	(5,474)	
Méadú i Stoc	—	(5,474)
Caiteachas Díreach		613,849
Costas Oibriúcháin		613,849

Nóta:

Íoctar costais riaracháin na hOifige seo, costais lóistín san áireamh, as Vóta an Roinn Sláinte agus Leanaí.

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2008

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitil (Nóta 4)			—
Sócmhainní Reatha			
Réamhíocaíochtaí		12,872	
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	382		
Orduithe Gan Íoc	(358)	24	
Glan Dliteanas ón Státchiste (Nóta 5)		1	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		12,897	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		1	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Dlite don Stát (Nóta 11)		25	
Iomlán na nDliteanas Reatha		26	
Glansócmhainní Reatha			12,871
Glansócmhainní			12,871

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2008

Léirítear sócmhainní caipitil i gCuntas Leithreasaithe an Roinn Sláinte agus Leanaí.

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Bharrachas le géilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí 'ar láimh ag 31 Nollaig 2008

	€000
Farasbarr le Tabhairt Suas	56,073
Deontas Státchiste gan Tarraingt Anuas	(56,074)
Glan Dliteanas ón Státchiste	(1)
Léirithe ag:	
Féichiúnaithe	
Suíomh Glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	24
Creidiúnaithe	
Dlite don Stát	(25)
	(1)

6 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo-thei deal	Lúide/(Níos mó) ná mar a bhí sa Soláthar €000	Míniúchán
A.	**26,000**	Tharla an coigilteas de thoradh rómheastacháin ar líon na leanaí i dteideal na hiocaíochtaí Forlíonadh Luathchúraim Leanaí.
B.	**21,816**	Bhí an maoiniú riachtanach don sciar caipitiúil de thionscnaimh sa Chlár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí níos lú ná mar a réamh-mheasadh de thoradh moilleanna a thainig roimh roinnt iarratasóirí i sásamh na riachtanas réamhchonarthach, mar chead pleanála, léasanna agus liain áitribh.
E.	**3,000**	Tarchuireadh téacs mholadh an Rialtais an Bunreacht a leasú maidir le leanaí chuig an gComhchoiste um an Leasú Bunreachta maidir le Leanaí, a bunaíodh i mí na Samhna 2007. Tá an Rialtas ag feitheamh le tuarascáil an Choiste sula rachaidh sé ar aghaidh níos faide.

7 LEITHGHABHÁLACHA-I-GCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Fáltais AE	17,283,000	22,290,552
2. Maoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine	3,000,000	2,999,978
	20,283,000	25,290,530

Míniúchán ar Dhifríocht

Tá an Clár Comhdheiseanna Cúram Leanaí 2000-2006 cómhaoinithe ag Cistí Struchtúracha an AE. Tá próiseas dian tuairiscithe, fíoraithe agus deimhnithe caiteachais ag tairbhithe deontais riachtanach sula bhféadann an Stát rannícocaíocht an AE a iarraidh ar ais. Tá uainiú lacáistí lasmuigh de smacht na hOifige cuid mhór agus tá sé ag brath ar cheartdeimhniú caiteachais trí líon údarás chuig Coimisiún an AE.

8 CEANGALTAIS

(A) Ceangaltais Dhomhanda	**€000**
Ceangaltais is dóigh a thiocfaidh chun cinn blianta ina dhiaidh sin i gcás:	
Fo-mhírchinn soláthair	21,641
Fo-mhírchinn deontais	85,073

9 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

Tá costais foirne san áireamh i gCuntas Leithghabhála an Roinn Sláinte agus Leanaí.

10 ILNITHE

Déanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar don Oifig seo maidir le costais muirithe do Fhotheideal A. agus déanann Pobal amhlaidh maidir le costais muirithe do Fhotheideal B.

11 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2008:	**€000**
Cáin Ioncaim	—
Árachas Sóisialta Pá-choibhneasta	—
Cáin Shiarchoinneálach	25
Cáin Bhreisluacha	—
Ranníocaíochtaí Pinsin	—
	25

MICHAEL SCANLAN
Oifigeach Cuntasaíochta
OIFIG AN AIRE LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE
31 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Leanaí le haghaidh 2008 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí I ndáil leis an Vóta ar Oifig an Aire Leanaí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingím aird ar Nóta 1 leis an gCuntas a leagann síos bunús an mhuirir chuig an Vóta i leith íocaíochtaí luathchúram leanaí á riaradh ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Is é tionchar airgeadais an chur chuige sin ná an muirear a ardú €5.2 milliún thar na sóinseálacha achtúireacha trí thairbhithe 2008 agus de €12. 5 milliún ar bhunús carnach.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meán Fómhair 2009

CUNTAS TAISCE DO CHISTE TEAGMHAIS

Cuntas ar na hAdmhálacha agus Íocaíochtaí sa Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2008

	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2008	1,200,395
Admhálacha (Vóta Oifig an Aire Airgeadais)	1,200,395
Íocaíochtaí	**1,200,395**
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2008	

NÓTAÍ

1. GINEARÁLACHTAÍ

Mhol athbhreithniú ar an gCiste Teagmhais i 2004 gur chóir an ciste a mhéadú go €1.2m. Méadaíoch an Chiste go dtí €1.2m i 2005 agus tá sé beartaithe é a athbhreithniú arís i 2009.

2. RÁITEAS AR RIALUITHE AIRGEADAIS INMHEÁNACHA

Tá córais rialaithe agus cuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus an Ráiteas ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha déanta maidir leis an Roinn i bhfeidhm maidir leis an gCiste seo chomh maith.

David Doyle
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Airgeadais
12 Márta 2009

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Deimhním go bhfuil an cuntas seo scrúdaithe agam agus go bhfuil sé ceart.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Iúil 2009